



# An Garda Síochána Tuarascáil Bhliantúil 2016

[garda.ie](http://garda.ie)



# Brollach le Coimisinéir an Gharda Síochána Nóirín O'Sullivan

**Ba bhliain dhúshlánach 2016 don Gharda Síochána, ach ba bhliain dhearfach é, chomh maith. Fad a rinne an tír ceiliúradh ar chomóradh céad bliain Éirí Amach 1916, féadfaidh an Garda Síochána súil siar a chaitheamh le bród ar a ról féin ní hamháin maidir le sábháilteacht phoiblí a chinntiú ag na himeachtaí ar fud na tíre le bliain anuas, ach ar an ról ríthábhachtach, chomh maith, a chomhlíon an eagraíocht riamh anall agus a leanann sí a chomhlíonadh gach lá agus ár bpobail á gcosaint agus tacaíocht á tabhairt dóibh.**

Ba é an t-ábhar sonais ba mhó dom faoin gceiliúradh ní hamháin an tsár-ghairmiúlacht a bhí le tabhairt faoi deara agus an bród soiléir a braitheadh agus an éide á caitheamh, ach an fhreagairt ón bpobal. Léiríonn an chaoi gur mhian le teaghlaigh, leanaí agus daoine aonair go nglacfaí grianghraf díobh le Gardaí nó a lámh a chreathadh le Gardaí nó focal beag buíochais a thabhairt dóibh, go bhfuil caidreamh dlúth againn le pobail. Tá seo ina fhianaise, chomh maith, ar an meas atá ar Ghardaí áitiúla ina bpobail.

Cé gur thréimhse an-dúshlánach don Gharda Síochána a bhí sa thréimhse deich mbliana anuas, rinne an Rialtas infheistíocht shuntasach sa tseirbhís agus tugadh faoi go leor athruithe chun feabhais i mbliana. I Meitheamh, sheolamar ár gClár Nuachóirithe agus Athnuachana cúig bliana. Soláthróidh an clár seo an t-athrú is mó i stair ár n-eagraíochta bródúla.

Soláthraíonn torthaí tuarascálacha Chigireacht an Gharda Síochána agus tuarascálacha eile faisnéis don Chlár Nuachóirithe agus Athnuachana 2016-2021. Bronntar sa Chlár Nuachóirithe agus Athnuachana éifeacht ar na moltaí a chuimsítear sna tuarascálacha siúd. Is éard a d'eascair as an gclár seo, go dtí seo, ná gur tugadh isteach daoine nua, feithiclí nua, agus teicneolaíocht nua, go háirithe maidir le rialachas. Is fada an bóthar atá amach romhainn go fóill, ach tá tionchar dearfach arna imirt ag na hathruithe seo cheana féin ar an bpobal agus dár ndaoine féin.

Níor thit cuid de na hathruithe amach tapa a dhóthain, áfach, agus glacann cinn eile, go háirithe iad siúd maidir lenár gcultúr a athrú, roinnt ama. Táim tiomanta do chinntiú go mbaineann an Clár Nuachóirithe agus Athnuachana fíor-athrú amach ar bhealach tráthúil. Le cabhair agus cúnamh an Údaráis Phóilíneachta agus Chigireacht an Gharda Síochána agus le comhoibriú ár ndaoine go léir, creidim gur féidir leis an nGarda Síochána gluaiseacht ar aghaidh go dearfach agus go ndéanfar an eagraíocht di atá tuilte i gceart ag muintir na hÉireann.

Maidir leis an gcoireacht a chomhrac, a bhuíochas lenár straitéis frithchoireachta, Oibríocht Thor, tháinig laghdú 30% ar bhuirgléireacht. Ar an iomlán, tháinig laghdú anuas ó 11% go dtí 8% in 2016 ar an leibhéal íospartha, de réir ár Suirbhé ar Mheon an Phobail.

Chomh maith leis sin, rinneadh cainníochtaí móra drugaí agus gunnaí a urghabháil a d'úsáidí chun díobháil a dhéanamh do dhaoine aonair agus do phobail. Rinneadh go leor saol a shábháil trí phóilíneacht ard-infheictheachta a tugadh isteach i gcathair Bhaile Átha Cliath agus ar fud na tíre chun gníomhaíocht mhéadaithe choiriúil eagraithe a dhíspreagadh.

Leanadh leis an tslándáil náisiúnta a chosaint trí úsáid bharrfheabhsaithe a bhaint as faisnéis agus comhoibriú le comhpháirtithe idirnáisiúnta ónar eascair gabhálacha agus urghabhálacha móra. Chuireamar go réamhghníomhach le gealltanais idirnáisiúnta a chomhlíonadh agus oibriú i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí eile chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí agus dúshláin a bhí ag teacht chun cinn.

Ar an drochuair, tháinig méadú ar bhásanna ar an mbóthar in 2016. Is ábhar mór díomá é seo. Caitheadh gach úsáideoir bóthair an fhreagracht a ghlacadh as a sábháilteacht féin agus as sábháilteacht daoine eile a chinntiú. Is cinnte, áfach, gur chabhraigh bearta forfheidhmithe agus coisc an Gharda Síochána leis an iomaí saol a shábháil agus cosc a chur ar dhaoine a ghortú go dona.

(leanúint lastall)



Ní fhéadfaí an obair go léir seo a dhéanamh murach tiomantas ár ndaoine – comhaltaí an Gharda Síochána, sibhialtacha agus Chúltaca an Gharda Síochána.

Tháinig saincheisteanna tromchúiseacha ar a ndearnadh dea-dhoiciméadú chun solais sa limistéar um póilíníú bóithre, go háirithe maidir le fógraí muirir sheasta a chur i bhfeidhm agus tástálacha anála a oibriú. Níor cheart gur thit na saincheisteanna seo amach agus d’ordaigh mé go ndéanfar athbhreithniú ó bhonn ar phóilíníú bóithre. Táthar ag tabhairt faoi seo agus tá dul chun cinn á dhéanamh ag an obair.

Braitheann obair an Gharda Síochána ar thacaíocht go leor páirtithe leasmhara chun seirbhís gairmiúil phóilíneachta agus slándála a sholáthar - an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an tÚdarás Phóilíneachta, gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta forfheidhmithe dlí, comhlachtaí Stáit agus eagraíochtaí neamhrialtasacha ina measc. Ar an rud is tábhachtaí, ní féidir obair an Gharda Síochána a dhéanamh murach tacaíocht agus iontaobhas an phobail ar a bhfreastalaímid.

Tá rudaí á ndéanamh againn ar bhealach difriúil. Fianaise atá sa Tuarascáil Bhliantúil seo ina thaobh seo. Cuireadh i dtoll a chéile an tuarascáil le hionchur ón Údarás Phóilíneachta agus leagtar amach go soiléir inti na háiteanna inar bhaineamar spriocanna amach, na háiteanna ar bhaineamar amach go páirteach iad nó na háiteanna nár bhaineamar amach iad. Sna cásanna nár bhaineamar amach ár n-aidhmeanna go hiomlán, rachfar i ngleic leo a thapúla agus is féidir in 2017.

## Clár Ábhar

Teideal	Leathanach
Brollach leis an gCoimisinéir	2
‘De réir na nUimhreacha’	4
Póilíneacht Náisiúnta	5
Slándáil agus Faisnéis Náisiúnta	15
Sábháilteacht Phobail	20
Seirbhísí Tras-Eagraíochta	29
Staitisticí	52

Bhain an eagraíocht tairbhe as saineolas agus taithí an Chathaoirligh agus chomhaltaí Boird an Údaráis Phóilíneachta, a bunaíodh in 2016, agus bhíomar ag tnúth le hoibriú leo, i dteannta Chigireacht an Gharda Síochána, Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, agus an phobail chun cabhrú linn dul i mbun feabhas leanúnach trí éisteacht agus foghlaim agus glacadh le ceistiú dearfach. Coimeádfaidh gach uile dhuine dínn iontaoibh agus muinín sa Gharda Síochána, teagmháil ar theagmháil san idirghníomhú a dhéanaimid leis na Pobail ar a bhfreastalaímid.






# 2016


## DE RÉIR NA NUIMHREACHA

GARDA.IE



# Póilíneacht Náisiúnta

Oibríonn Gardaí ar go leor bealaí éagsúla chun an choireacht ar fud na tíre a chomhrac agus chun sprioc a dhéanamh di. Glacann aonaid speisialaithe, ar nós Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíochta (an GNECB) agus an Bhiúró um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe (an DOCB) le glacadh i dtaobh sábháilteacht phobal timpeall na tíre a chinntiú, agus léiríonn ár nOifigí Seirbhísí d'Íospartaigh an tús áite a thugtar d'Íospartaigh san obair a dhéanaimid ar bhonn laethúil.



## An Choireacht a Chomhrac

### Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíochta

In 2016, rinneadh athstruchtúrú ar Bhiúró an Gharda Síochána um Imscrúdú Calaoise (an GBFI), a chuimsigh an tAonad Imscrúdaithe um Choireacht Ríomhaire, chun dhá aonán nua agus ar leith a bhunú. Bunaíodh Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíochta (an GNECB) agus Biúró Cibearchoireachta an Gharda Síochána (an GCCB) araon an 1 Meán Fómhair 2016 mar chuid de Chlár Nuachóirithe agus Athnuachana an Gharda Síochána. Seo a leanas roinnt oibríochtaí móra a thit amach i gcaitheamh na bliana.

#### Imscrúdú ar Har Consultants & Advisors Ltd

Thug bleachtairí san Aonad um Chártaí Íocaíochta agus Airgeadra Góchumtha laistigh den GNECB faoi imscrúdú ar Sciúradh Airgid arbh fhiú €2.8 milliún é. Mar chuid d'oibríocht faoi stiúir faisnéise, cuireadh na Gardaí ar an eolas ar chalaouis a bhain le sonraisc a atreorú ó fhochuideachta Éireannach de chuideachta atá bunaithe san Ísiltír.

Bhí baint ag an gciontóir a raibh amhras air i ndrong choireachta eagraithe a rinne ríomhphost a idircheapadh, agus seoladh sonrasc ina dhiaidh sin chuig Amstardam san Ísiltír, áit ar ceadaíodh íocaíocht €2.8 milliún. Rinneadh an €2.8 milliún seo a reo, ní ba dhéanaí, faoi fhorálacha an Achta um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú

Sceimhlitheoirí), 2010.

I Samhain 2016, gabhadh fear agus ciontaíodh é, ina dhiaidh sin, ag Stáisiún Gardaí Bhaile Munna i ngeall ar chion Alt 7 den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoirí), 2010. Tá an té a bhfuil amhras faoi á choimeád faoi láthair agus ag feitheamh le triail.

#### 'Operation Diameter'

I Meitheamh 2016, i ndiaidh an triail ab fhaide i stair an Stáit, ciontaíodh John Bowe, Willie McAteer (iar-stiúrthóir ag Banc Angla-Éireannach) agus Denis Casey (iar-POF Irish Life) i leith comhcheilge chun calaois a dhéanamh maidir le hidirbheart €7.2 billiún idir Banc Angla-Éireannach agus Irish Life & Permanent a tógadh chun figiúirí éarlaisí custaiméara Bhanc Angla-Éireannach a tuairiscíodh a bhoilsciú go bréagach ag Deireadh a mBliana Airgeadais i Meán Fómhair 2008.

In Iúil 2016, gearradh príosúnacht 2 bhliain ar John Bowe, gearradh príosúnacht 2 bhliain agus 9 mí ar Denis Casey agus gearradh príosúnacht 3 go leith bliain ar Willie McAteer.

#### Vodafone - SIP v. daoine aonair maidir le calaois a rinneadh in aghaidh Vodafone Ireland

I ndiaidh imscrúdú faoinar thug an tAonad Imscrúdaithe ar Chalaouis Tráchtála, agus comhad cuimsitheach imscrúdaithe a sheoladh ar aghaidh chuig an SIP, ionchúisíodh triúr daoine aonair maidir leis an mbaint a bhí acu i gcalaois €1.98 milliún a rinneadh in aghaidh Vodafone Ireland.

D'éascair an t-ionchúiseamh rathúil seo ó imscrúdú 9 mbliana ag an mBiúró seo.

**Measúnú Riosca Náisiúnta (MRN) ar Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoirí**

Den chéad uair, thug Éire Measúnú Riosca Náisiúnta (MRN) ar sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoirí chun críche.

Cáipéis mhionsonraithe is ea an MRN agus léirítear inti príomhchuspóir an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (an TFGA) idir-rialtais chun bearta dlíthiúla, rialála agus oibríochtúla Frithsciúradh Airgid (FSA)/Frith-Mhaoinithe Sceimhlitheoirí (FMS) a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

Thug an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (an TFGA), ar comhlacht monatóireachta domhanda é maidir le frithsciúradh airgid agus frithmaoiniú sceimhlitheoirí riachtanas isteach go ndéanann gach balltír na rioscaí sciúrtha airgid (SA) agus maoinithe sceimhlitheoirí (MS) a shainiú, a mheas agus a thuiscint, a bhaineann lena ndlínsí.

Mar gheall go bhfuil an tAonad um Fhaisnéis Airgeadais (an FIU), an tAonad um Imscrúdú ar Sciúradh Airgid (an MLIU) agus an tAonad um Maoiniú Sceimhlitheoirí suite laistigh den GNECB, bhí ról an-substainteach ag an GNECB chun an MRN a chur i dtoll a chéile agus chun cur leis.

D'fhreastail comhaltaí den GNECB ar chruinnithe iomadúla i gcaitheamh na bliana leis an Roinn Airgeadais, an Roinn Dlí agus Cirt, an Banc Ceannais agus Price Waterhouse Coopers a bhí ag tabhairt faoin MRN a dhréachtú.

Bhí an MRN mar chuid lárnach den mheasúnú a rinne an TFGA ar Éirinn i Samhain 2016 nuair a thug siad faoi chuairt ar an láthair i rith mheasúnaithe ar éifeachtacht FSA/FMS na hÉireann. Tá an MRN foilsithe ar láithreán gréasáin na Roinne Airgeadais agus na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais lena n-iniúchadh timpeall an domhain.

**Cúrsa Calaoise an GNECB**

Lean an GNECB le hoiúint a chur ar chomhaltaí Garda ar

fud na tíre ina gcúrsa cuimsitheach oiliúna um Imscrúdú Calaoise. Cuireadh oiliúint ar 44 comhalta sa bhreis in 2016.

Aicmítear an cúrsa anois mar Theastas Iarchéime agus cúrsa lánchreidiúnaithe acadúil a bheidh ann amach anseo.

**Biúró Cibearchoireachta an Gharda Síochána (GCCB)**

Bunaíodh Biúró Cibearchoireachta an Gharda Síochána i Meán Fómhair 2016.

Laistigh de shainchúram an GCCB tá cosc a chur ar an gcibearchoireacht agus d'éirigh le comhaltaí an aonaid in 2016 chun leochaileachtaí a thabhairt chun solais i gcórais ríomhaire in eagraíochtaí agus, dá bhrí sin, cuireadh cosc ar haiceálaithe féideartha ó theacht ar ábhar íogair.

I nDeireadh Fómhair 2016, chomhordaigh an GCCB, i gcomhar le Europol, an Feachtas um Fheasacht ar Bhogearraí Mailíseacha náisiúnta mar chuid den Mhí Eorpach Chibearchoireachta.

I gcaitheamh 2016, bhí baint ag scrúdaitheoirí fóiréinseacha ón GCCB i líon mór cásanna ardphróifíle ónar eascair ionchúisimh rathúla. Tá go leor de na cásanna de chineál léanmhar, agus d'éirigh le comhaltaí an GCCB le roinnt íospartaigh linbh den mhí-úsáid seo a

shainiú agus tugadh na leanáí seo chun sábháilteachta, dá bharr.

Bhain roinnt comhaltaí den GCCB a gcéim MSc i Ríomhaireacht Fhóiréinseach agus Imscrúdú Cibearchoireachta amach i mbliana ó UCD.

**An Biúró um Shócmhainní Coiriúla (an BSC)**

Cuireadh tús leis an Acht um Fháiltais ó Choireachta (Leasú), 2016 i Lúnasa 2016 a cheadaigh Oifigigh an Bhiúró chun scóip bhreise a bheith acu chun sócmhainní a urghabháil ar a bhfuil luach nach lú ná €5,000 a bhfuil amhras orthu gurb ionann iad, ina n-iomláine nó go páirteach, go díreach nó

Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
Samhail a thacóidh agus a bhuntacóidh leis an mbealach a sholáthraíonn an Garda Síochána seirbhísí póilíneachta agus slándála	<b>Baineadh an sprioc seo amach go páirteach.</b> Dearadh Creat Oibriúcháin Náisiúnta bunaithe ar chúig phrionsabal agus atá infheidhme maidir le gach seirbhís slándála agus phóilíneachta a sholáthar, i rith na bliana. Tá an tionscadal anois mar chuid den Chlár Nuachóirithe agus Athnuachana.

go hindíreach mar fháltais na coireachta ar feadh tréimhse 24 uair an chloig.

Leanann an BSC ag oibriú le Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíochta (GNECB), Biúró an Gharda Síochána um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe (an GNDOCB), an Biúró Náisiúnta um Imscrúdú Coiriúil (an NCIB) anuas ar ár gcomhpháirtithe sna Coimisinéirí Ioncaim (Cánacha/Custaim agus Mál) agus an Roinn Coimirce Sóisialaí chun díriú ar shócmhainní a eascraíonn ó choireanna a bhaineann le gáinneáil ar dhrugaí, calaois, gadaíocht, sciúradh breosla, smuigléireacht toitíní agus caimiléireacht eachtrach. Anuas air sin, leanann sé le páirt a ghlacadh sa Ghrúpa Breosla Trasteorann agus sa Ghrúpa Máil Trasteorann, dhá chomhlacht a spriocdhírionn ar smuigléireacht neamhdhleathach tobac agus alcóil agus sciúradh breosla.

Lean an Biúró le páirt a ghlacadh i Líonra Idirghníomhaireachta Aisghabhála Sócmhainní Camden (CARIN), ar líonra neamhfhoirmiúil de chleachtóirí é a bhfuil baint acu i limistéar na haisghabhála sócmhainní.

Tá an Biúró ar an Oifig shainithe Aisghabhála Sócmhainní (OAS) in Éirinn, chomh maith, atá mar líonra foirmiúil laistigh den Aontas Eorpach chun faisnéis a mhalartú chun cabhrú le himscrúdú agus rianú a dhéanamh ar shócmhainní coiriúla.


Anuas air sin, comhalta atá sa BCS de dhá fhoghrúpa a chaitheann súil ar na saincheistanna a bhaineann le hairgeadraí saorga agus le feidhm oifigí bainistíochta sócmhainne.

## **An tAonad Tacáíochta faoi Airm (ATA) Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC)**

An 14 Nollaig 2016, seoladh an tAonad Tacáíochta faoi Airm in RCBÁC faoi rialú Ard-Cheannfort Bleachtaire an Aonaid Speisialta Bhleachtaireachta.

Bhí an tAonad an-ghníomhach ó ceapadh é agus é ag cabhrú le haonaid áitiúla chun barántais, patróil ard-infheictheachta, teagmhais gan choinne agus seicphointí a fhorghníomhú faoi Oibríocht Hybrid.

## **Teagmhais ar fhreastail Aonad Tacáíochta faoi Airm RCBÁC orthu**



### **Mórchleachtadh an ASU**

I nDeireadh Fómhair, ghlac an tAonad Práinnfhreagartha (an ERU) agus an tAonad Tacáíochta faoi Airm (an ASU) páirt i mórchleachtadh i gCeantar Dhroichead Átha laistigh de Cheantar Lú. Cuimsíodh sa chleachtadh seo gné straitéiseach, oibríochtúil agus oirbheartach, agus i gcomhlíonadh an Chreata um Bainistíocht Éigeandála, áiríodh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an tSeirbhís Dóiteáin leis.



Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
<p>Córais TF a thacóidh agus a fheabhsóidh próisis a bhaineann le himscrúdú a dhéanamh ar choireacht thromchúiseach</p>	<p><b>Baineadh an sprioc seo amach go páirteach.</b> Rinneadh dul chun cinn suntasach i rith na bliana agus cuireadh pleanáil le haghaidh Córas Bainistíochta Imscrúduithe (CBI) cuimsitheach chun cinn faoin gClár Nuachóirithe agus Athnuachana. Áiríodh leis seo cur i láthair le Bord an Chláir Shlándála Náisiúnta an 7 Márta 2016 agus roinnt cáipéisí pleanála a fhaomhadh i rith na bliana. Ag deireadh na bliana, bhí breithniú á dhéanamh ar scóip an chórais CBI sular forbraíodh plean mionsonraithe oibre. Tionscnamh ilbhliana is ea seo agus leantar le hé a chur chun cinn in 2017.</p> <p>Cuireadh i gcrích cur i bhfeidhm an Chórais Bhainistíochta Maoine agus Foilseán (PEMS) reatha ar fud na tíre, agus soláthraíodh Tuairiscí um Dhúnadh Tionscadail agus um Fhíorú Tairbhí do bhainisteoirí sinsearacha agus rinne siad athbhreithniú orthu.</p> <p>Cuireadh obair chun cinn, chomh maith leis sin, i gcaitheamh na bliana ar chóras PEMS nua a fhorbairt a sholáthróidh roinnt feabhsúcháin thábhachtacha, comhtháthú chóras PEMS agus PULSE a éascú agus comhéadan slán a fhorbairt le bogearraí a úsáideann Eolaíocht Fhóiréinseach Eireann (FSI).</p>
<p>Laghdaíodh coireanna tromchúiseacha agus foréigneacha</p>	<p><b>Baineadh an sprioc seo amach.</b> Rinneadh aonaid náisiúnta agus áitiúla an Gharda Síochána araon iarrachtaí chun coireacht thromchúiseach agus fhoréigneach a laghdú i gcaitheamh 2016. Comhordaíodh gníomhaíochtaí straitéiseacha agus oibríochtúla go rialto le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, chun dul i ngleic leis an mbagairt a chruthaíonn Grúpaí Coireachta Eagraithe (GCEanna).</p> <p>Léiríonn figiúirí comparáide bliain ar bhliain gur tháinig laghduithe ar an líon coireanna foréigneacha in aghaidh an duine anuas ó 17,478 go dtí 16,630 (-5%). Tháinig laghdú suntasach anuas ó 25,385 teagmhas go 17,722 teagmhas (-30%) ar theagmhais bhuirgléireachta. Ar an gcuma chéanna, tháinig laghdú ar líon na robálacha agus na buirgléireachta anuas ó 2,843 go 2,309 (-19%).</p> <p>Lean seirbhís an Gharda Síochána lena spriocanna a bhaint amach sa limistéar drugaí rialaithe agus tháinig méadú ar bhraith i dtaobh drugaí rialaithe a shaothrú nó a dhéantúsú aníos ó 240 go dtí 264 cás (+10%). Tháinig méadú ar bhraith i dtaobh drugaí a dhíol agus a sholáthar aníos ó 3,378 cás go 3,679 cás (+9%).</p>

### Oibríocht Scale

Cur chuige atá in oibríocht seo Cheantar Dhún Dealgan i leith cur in aghaidh na timpeallachta reatha coiriúla, inar tugadh 3,546 seicphointí taifeadta isteach i gcaitheamh 2016 ( beagnach 10 cheann sa lá ar mheán).

Thug pearsanra in éide an Gharda Síochána faoi na seicphointí seo agus thacaigh an tAonad Tacáíochta faoi Airm leo.

Ó cuireadh tús le hOibríocht Scale, tháinig laghdú 45% ar bhuirgléireacht agus laghdú 20% ar ghadaíocht sa Cheantar. I bhfíor-théarmaí, ciallaíonn seo gur thit 220 teagmhas buirgléireachta ní ba lú agus 235 teagmhais gadaíochta ní ba lú amach i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.



## Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe (an GNDOCB)

Tá príomhfhreagracht ar an GNDOCB as an dlí maidir le drugaí a chur i bhfeidhm. Is é feidhm an GNDOCB chun an díobháil a dhéanann drugaí neamhdhleathacha a laghdú trí straitéisí éagsúla um laghdú éilimh/soláthair (ar nós oibríochtaí ceannach tástála) a laghdóidh an t-éileamh ar dhrugaí neamhdhleathacha agus a chuirfidh isteach ar agus a bhainfidh Grúpaí Coireachta Eagraíochta (GCEanna) as a chéile trí fhianaise a bhailiú agus trí aon duine aonair a ionchúiseamh atá ag tabhairt faoi fhiontair eagraithe choiriúla. Bhí caomhnú na beatha mar ghné shuntasach d'obair an GNDOCB i gcaitheamh 2016.

Oibríonn an Biúró in idirchaidreamh dlúth le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta forfheidhmithe dlí chun tabhairt faoi imscrúduithe suaiteacha oirbheartacha ar ghníomhaíochtaí GCEanna.

Tá freagracht ar an GNDOCB, chomh maith, as tionscnaimh agus beartais a chur i bhfeidhm a chuireann le straitéisí Rialtais chun an t-éileamh atá ar dhrugaí a laghdú agus chun an díobháil a bhaineann le mí-úsáid substaintí a laghdú.

Déantar ionadaíocht do Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe ar an gCoiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí agus Alcól (NACDA) a chuireann comhairle ar an rialtas ar gach ceist a bhaineann le mí-úsáid substaintí, leitheadúlacht, cóireáil, básanna a bhaineann le drugaí, cosc a chur ar chórais luathrabhaidh, taighde agus athshlánúchán. Treoraíonn pointí sonracha gníomhaíochta obair an Choiste Chomhairligh Náisiúnta ar Dhrugaí agus Alcól (NACDA) faoin Straitéis Náisiúnta Drugaí.

Foireann ardoilte is ea an tAonad Oibríochtaí Ceilte (an AOC) atá ceangailte leis an mBiúró um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe a oibríonn faoi cheilt d'fhonn fianaise a bhailiú i gcoinne spriocanna ainmniúla in oibríochtaí sonracha ar bhonn laethúil.

Tá an AOC imlonnaithe ar fud na tíre ag díriú ar mhangairí meán-raoin agus íseal-leibhéil drugaí. Mar thoradh ar na himscrúduithe beartacha seo, rinneadh 267 brath ar chionta in aghaidh Alt 15 den Acht um Mí-Úsáid Drugaí, 1977/84 in 2016. Bailíodh fianaise, chomh maith, in aghaidh 110 duine a raibh amhras fúthu maidir le cionta soláthair

drugaí agus gabhadh agus cúisíodh 75 duine a raibh amhras fúthu in 2016.\*

\*Déanann acmhainní áitiúla Garda na gabhálacha sna himscrúduithe go léir seo agus, mar sin, ní chuirtear san áireamh iad sna figiúirí a sholáthraítear le haghaidh gabhálacha a rinne an Biúró um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe.

### Oibríocht Overwatch

Oibríocht Drugaí i gCeantar Thiobraid Árann is ea Oibríocht Overwatch a dhíríonn ar gháinneáil ar dhrugaí agus iompar coiriúil a bhaineann le drugaí a chomhrac.

Déanann sé gníomhaíocht an Aonaid Drugaí Roinne a chomhordú trí thascáil, cuardaigh, faireachas agus oibríochtaí sprioctha agus baineann cúnaimh a thabhairt agus faisnéis a mhalartú idir roinnt aonaid náisiúnta leis.

An 28 Meán Fómhair 2016, i ndiaidh comhoibríochta idir Aonad Drugaí Ceantair Thiobraid Árann, agus Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe, aimsíodh teach sofaisticiúil fáis cannabais in Áth an Chuilinn.

Urghabhadh drugaí rialaithe ar a raibh luach measta sráide €1.1 milliún.

### Oibríocht Thor

Straitéis Frithchoireachta an Gharda Síochána is ea Oibríocht Thor. I rith mhíonna an fhómhair agus an gheimhridh, dhírigh Oibríocht Thor, go príomha, ar chosc a chur ar an gcoireacht agus spriocdhíriú ar dhaoine aonair a raibh baint acu i mbuirgléireacht agus i gcoireanna a bhain le buirgléireacht a dhéanamh. Cuireadh síneadh leis na gníomhaíochtaí póilíneachta faoi Oibríocht Thor i rith mhíonna an tsamhraidh, agus aird ar phatrúin shéasúracha choireachta, chun tionscnaimh a áireamh a bhí dírithe ar choireanna a chosc in aghaidh an duine, barr feabhais a chur ar shábháilteacht agus muinín an phobail agus cosc a chur ar theagmhais oird phoiblí.

Faoi Oibríocht THOR, úsáideadh anailís ar threocht choireachta chun póilíneacht ard-infheictheachta a sholáthar i láithreacha i ndéantar go leor coireanna chun coirpigh a dhíspreagadh.

Ó cuireadh tús le hOibríocht THOR, agus a fhad leis an 3 Nollaig 2016, b'éard a bhí mar thoradh ar ghníomhaíocht póilíneachta dhírithe ná 3,141 gabháil agus 53,819

Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
Feabhas tagtha ar bhainistíocht agus imscrúdú teagmhas	<p><b>Baineadh an sprioc seo amach.</b> Críochnaíodh cur i bhfeidhm an Chórais Bhainistíochta Maoine agus Foilseán (PEMS) ar fud na tíre agus cuireadh forbairt chórais bharrfheabhsaithe (PEMS2) go mór chun cinn faoin gClár Nuachóirithe agus Athnuachana.</p> <p>Chuir tionscadail eile, chomh maith, le bainistíocht agus imscrúdú feabhsaithe teagmhas, an Fhreagairt Chomhghníomhaireachta don Choireacht, agus forbairtí maidir le Seirbhísí Cosanta agus Íospartaigh, ina measc.</p>


seicphointe. Tháinig laghdú 30% in 2016 anuas go dtí 13,092 teagmhas ar theagmhais bhuirgléireachta cónaithe, agus tháinig laghdú 30% anuas go dtí 4,630 teagmhas ar bhuirgléireacht neamhchónaithe i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2015

Go náisiúnta, bhí laghdú 5% tagtha ar choireanna a rinneadh in aghaidh an duine sa ráithe dar críoch an 31 Nollaig 2016, bhí laghdú 15% tagtha ar dhíobháil choiriúil, agus tháinig laghdú 6% ar ord poiblí.



Úsáideadh seastáin um chosc ar choireacht timpeall na tíre faoi Oibríocht Thor

Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
Cosaint bharrfheabhsaithe d'Íospartaigh foréigean baile agus foréigin ghnéasaigh	<p><b>Baineadh an sprioc seo amach.</b> I ndiaidh tréimhse chomhairliúcháin agus athbhreithnithe go himheánach agus i gcomhar le hOifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí araon, cuireadh Beartas nua um Mí-Úsáid i gcrích i Nollaig agus cuirfear i bhfeidhm é in 2017. Rinneadh dul chun cinn, chomh maith, chun cur chuige nua a ullmhú chun Seirbhísí Cosanta a Sholáthar ar leibhéal Roinne. Tá an obair seo anois mar chuid de Chlár Nuachóirithe agus Athnuachana an Gharda Síochána (an CNA) agus cuirfear chun cinn é faoin gClár agus cuirfear an tionscadal i bhfeidhm de réir a chéile in 2017.</p>




## Tionscadal Storm

Imlonnú ard-infheictheachta sprioctha acmhainní oibríochtúla i gCeantar Chill Chainnigh/Cheatharlach is ea Tionscadal Storm, agus thit sé oibríocht den saghas sin amach in 2016.

Bhí an straitéis ina raibh oibríocht seicphointe ard-infheictheachta agus oibríocht neamhcheilte phatróil in ainm is díriú ar chosc a chur ar choireacht. Is ionann an straitéis agus oibríocht réamhghníomhach phóilíneachta atá faoi stiúir faisnéise agus atá bunaithe ar staitisticí a dhíríonn ar chosc a chur ar an gcoireacht agus gníomhú in aghaidh na coireachta.

Scaipeadh bileoga um chosc ar an gcoireacht ar mhuintir an phobail ag seicphointí, agus bunaíodh seastáin um chosc ar an gcoireacht in ionaid siopadóireachta. Úsáideadh scéimeanna áitiúla foláirimh téacs, chomh maith, nuair a bhí faisnéis á scaipeadh maidir le gníomhaíocht amhrasta i rith na hOibríochta, a dhírigh ar thart ar thrí mhíle (3,000) cónaitheoir i gCeantar Chill Chainnigh/Cheatharlach.



Táscaire	Dul Chun Cinn
Feidhmíochta	
Coireacht laghdaithe agus brath feabhsaithe	<p><b>Baineadh an sprioc seo amach go páirteach.</b> Rinne aonaid náisiúnta agus áitiúla an Gharda Síochána araon iarrachtaí chun coireacht thromchúiseach agus fhoréigneach a laghdú i gcaitheamh 2016. Rinneadh gníomhaíochtaí straitéiseacha agus oibríochtúla a chomhordú go rialta le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, chun dul i ngleic leis an mbagairt a chruthaíonn Grúpaí Coireachta Eagraithe (GCEanna). Léiríonn figiúirí comparáide bliain ar bhliain gur tháinig laghduithe ar an líon coireanna foréigneacha in aghaidh an duine anuas ó 17,478 go dtí 16,630 (-5%). Tháinig laghdú 9% ar choireacht fhoréigneach in aghaidh an duine a braitheadh. Tháinig laghdú suntasach anuas ó 25,385 teagmhas go 17,722 teagmhas (-30%) ar theagmhais buirgléireachta. Tháinig laghdú 24% ar bhrath buirgléireachta. Ar an gcuma chéanna, tháinig laghdú ar líon na robálacha agus na buirgléireachta anuas ó 2,843 go 2,309 (-19%). Tháinig laghdú 12% ar an líon robálacha agus trombhuirgléireachta a braitheadh.</p> <p>Lean an eagraíocht lena spriocanna a bhaint amach sa limistéar drugaí rialaithe agus tháinig méadú ar an líon braite i dtaobh drugaí rialaithe a shaothrú nó a dhéantúsú aníos ó 240 cás go dtí 264 cás (+10%). Tháinig méadú ar an líon uaireanta a braitheadh drugaí a dhíol agus a sholáthar aníos ó 3,378 go dtí 3,679 (+9%).</p>

## Seirbhísí Tacaíochta Oibríochtúla



### Aonad Aerthacaíochta an Gharda Síochána

In 2016, chaith Aonad Aerthacaíochta an Gharda Síochána (an GASU) os cionn 1,300 uair an chloig ar 400 eitilt fad a bhí siad ag freastal ar os cionn 2,100 teagmhas a chumhdaigh nach mór gach uile Roinn an Gharda Síochána ar fud na tíre. Áiríodh leis seo breis agus 250 uair an chloig eitilte istóiche.

I rith na dteagmhas seo, bhí baint ag an aonad i mbreis agus 100 duine a raibh amhras fúthu a ghabháil, 16 dhuine a bhí ar iarraidh a aimsiú agus 42 feithicil a aimsiú

#### Cás-Staidéar

D'fhreagair Aerthacaíocht (AT) 3 do thóráíocht feithicil ar an N4 in Aibreán. Ba BMW 525 an feithicil a rabhthas sa tóir uirthi a goideadh i dtrombhuirgléireacht i mBaile Átha Cliath Theas a thit amach 20 nóiméad ní ba luaithe. Cuireadh tús leis an tóráíocht fad a d'fhág an feithicil Cill Droichid. Ghabh an feithicil a fhad le Teach Srafáin, áit ar bhuail sí in aghaidh Dhroichead na Life. Rinneadh rianú ar an tiománaí fad a ghabh sé trí limistéar faoi chrainn ag an K Club. D'iontráil an duine a raibh amhras faoi an Life agus chuir aonad talún faoi choinneáil é, ina dhiaidh sin, ar fhágáil na habhann dó.

### Aonad Uisce an Gharda Síochána

I rith 2016, thug Aonad Uisce an Gharda Síochána faoi chuardaigh ar dhaoine a bhí ar iarraidh i ngach réigiún den Gharda Síochána, agus iarradh air cuardach a dhéanamh d'airm thine agus d'airm eile a bhain le himscrúdú a dhéanamh ar choireacht thromchúiseach i ngach réigiún den Gharda Síochána. Soláthraíodh grianghrafadóireacht físeáin agus grianghraif araon d'oifigigh imscrúdaithe chun tacú leis na hoibríochtaí seo.

Thug Aonad Uisce an Gharda Síochána faoi chuardaigh

shlándála agus cuardaigh ar spás teoranta sular thug aon daoine móra le rá cuairt ar láithreacha muirí.

### Aonad Gadhar an Gharda Síochána

Bhí baint ag Aonad Gadhar an Gharda Síochána i mbreis agus 200 cuardach i rith 2016. Áiríodh leo seo cuardaigh ar dhaoine ar iarraidh, drugaí, airm thine agus substaintí pléascacha anuas ar mhaoin ghoidte agus earraí eile lenar bhain tábhacht in imscrúduithe coiriúla.

#### Cás-Staidéar

I Márta, bhí Aonad Gadhar an Gharda Síochána ar dualgas ar mhaithe le seicphointí agus patróil de chuid Oibríocht Hybrid a dhéanamh i mBaile Átha Cliath.

I rith an lae, pháirceáil feithicil shoghluaiste tascfhórsa coireachta in aice feithicil a bhí páirceáilte. Chuardaigh na haonaid gadhar an feithicil agus bhí na taistealaithe á gcuardach ag na Gardaí eile. I gcaitheamh an chuardaigh seo, d'aimsigh gadhar an Gharda Síochána cúig mhála hearóine. Gabhadh gach duine den triúr a raibh amhras orthu.

### Marc-Aonad an Gharda Síochána

Bhí an gnáth-implonú ar fhreastail Marc-Aonad an Gharda Síochána orthu bunaithe ar chosc ar choireacht. Chomh maith leis sin, cumhdaíonn an tAonad ord poiblí, rialú slua, dualgais searmanais, Paráid Lá Fhéile Pádraig agus cuardaigh ar thír-raon garbh. Bíonn baint ghníomhach ag an Aonad, chomh maith, i bhfreastal ar imeachtaí a bhain leis an bpobal.

Rinne an tAonad cabhair a thabhairt, chomh maith, le patróil ard-infheictheachta um chosc ar choireacht ar bhonn náisiúnta. Ar chuid den implonú seo, bhí Oibríocht Hybrid. Sholáthair an tAonad cúnamh uathúil, chomh maith, ag Páirc an Chrócaigh le haghaidh laethanta cluichí móra/ ceolchoirmeacha agus chomhlíon buntáiste na hairde príomhról chun cúnamh a sholáthar do rialú slua agus tródaime scagtha ag deireadh an imeachta.



## **Tacú le hÍospartaigh na Coireachta**

### **Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta (an GNPSB)**

#### **Oifig Idirchaidrimh an Gharda Síochána d'Íospartaigh**

Lean Oifig Idirchaidrimh an Gharda Síochána d'Íospartaigh ag cabhrú in 2016 leis an eagraíocht a ullmhú do reachtaíocht intíre a thabhairt isteach a thrasúfídh an Treoir d'Íospartaigh na Coireachta ón AE. Mar chuid den obair seo, cuireadh 8ú Fóram Náisiúnta an Gharda Síochána d'Íospartaigh ar siúl i Samhain 2016

D'fhreastail eagraíochtaí náisiúnta agus áitiúla um thacaíocht d'Íospartaigh araon ar an bhfóram bliantúil seo agus threisigh sé an t-idirchaidreamh eatarthu agus an Garda Síochána. Rinneadh ionadaíocht, chomh maith, ag an bhfóram do ghníomhaireachtaí eile um cheartas coiriúil, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, Cigireacht an Gharda Síochána agus an tÚdarás Póilíneachta ina measc.

Sa cheathrú ráithe in 2016, sholáthair Oifig Idirchaidrimh an Gharda Síochána d'Íospartaigh ocht seimineár d'Oifigigh Idirchaidrimh do Theaghlaigh (OITanna) i ngach ceann de na sé Réigiún den Gharda Síochána. Chumhdaigh na seimineáir an Treoir d'Íospartaigh na Coireachta ón AE, an Dréacht-Bhille um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2016 anuas ar an mbeartas reatha faoi Sheirbhís Oifigeach Idirchaidrimh do Theaghlaigh an Gharda Síochána.

#### **Oifigí Seirbhíse an Gharda Síochána d'Íospartaigh (an GVSO)**

Tá Oifig Seirbhíse an Gharda Síochána d'Íospartaigh bunaithe anois i ngach ceann de na 28 Ceantar den Gharda Síochána.

Lena chinntiú go bhfuil na hoifigí seo ag freastal ar riachtanais íospartach, thug Seirbhís Anailíse an Gharda Síochána (an GSAS) faoi athbhreithniú in 2016. Úsáidfear an t-athbhreithniú seo, anuas ar ghrúpaí fócais le hÍospartaigh a thitfidh amach go luath in 2017, chun breis feabhais a chur ar an tseirbhís a sholáthraimid d'Íospartaigh.

## **Daoine ar Iarraidh**

In 2016, aistríodh an Biúró um Dhaoine ar Iarraidh ó Bheartas agus Riarachán Coireachta go dtí Oibríochtaí Speisialta i gcoinne Coireachta chun breis tacaíochta a thabhairt dó in imscrúdú a dhéanamh ar dhaoine le cabhrú

le himscrúduithe. Beidh na cásanna seo ar oscailt agus gníomhach i gcónaí go dtí go ndéantar an duine a aimsiú.

B'ionann líon na ndaoine ar iarraidh a tugadh le fios don Gharda Síochána in 2016 agus 9,819. Laghdú 1.5% é seo anuas ón mbliain roimhe sin.



Ar ábharáil an tsaoil, aimsíodh tromlach mór na ndaoine siúd laistigh de thréimhse ghearr ama, ach bhí 24 duine ar iarraidh go fóill ag deireadh na bliana. Faoi mar a bhíonn i gceist le gach duine ar iarraidh leochaileacha a thugtar le fios atá ar iarraidh.

Chuir an GNPSB tús le déanaí le himscrúdú agus DNA á úsáid a bailíodh ó theaghlaigh dhaoine ar iarraidh chun cabhrú le hiarsmaí neamhaitheanta a shainaithint, agus sholáthair ionadaithe de 23 teaghlach samplaí DNA don Bhiúró um Dhaoine ar Iarraidh ag imeacht an Lae bhliantúil um Dhaoine ar Iarraidh a bhí ar siúl i Nollaig.

D'éirigh leis an nGarda Síochána, le cúnamh ó Phóilíní Thuaisceart na Breataine Bige, iarsmaí mná a shainaithint a bhí ar iarraidh ó 1995 ar aghaidh.

Leanann an Garda Síochána ag oibriú leis an Líonra Domhanda do Leanaí ar Iarraidh maidir le leanaí atá ar iarraidh.

## **Foréigean Baile agus Gnéasach**

Rinne an GNPSB athbhreithniú agus forbairt ar an mBeartas um Idirghabháil Mí-Úsáid Baile i rith 2016 chun treoirlínte soiléire a chur le chéile do chomhaltaí ar an talamh a dhéileáil le mí-úsáid baile.

Cuireadh tús, chomh maith, le próiseas measúnaithe riosca a fhorbairt le haghaidh mí-úsáid baile, a bhí roinnte i dtrí chuid:

- Measúnú riosca tosaigh le haghaidh Gardaí a bhí ag freastal ar an láthair;

- Measúnú Dinimiciúil Riosca chun measúnú a dhéanamh ar an íospartach/an teaghlach ag an láthair;
- Measúnú Mionsonraithe Riosca d'fhoireann an Aonaid um Sheirbhísí Cosanta Roinne (an DPSU) nuair a bhunaítear é.

Tá sa chroí-Fhoireann um Chur i bhFeidhm Measúnú Riosca ionadaithe ón GNPSB, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Eisíodh pacáí coireachta um mí-úsáid baile ina raibh ceamara digiteach d'ocht roinn le measúnú a dhéanamh orthu mar chuid d'fheasacht comhaltaí a mhéadú ar imscrúdú ar mhí-úsáid baile.

Cheap an GNPSB straitéis meán chun idirchaidreamh a dhéanamh le gach saghas de na meáin chun tacú le feachtas feasachta mar chuid de 'An Dara Straitéis Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe 2016-2021' de chuid COSC. Tá an Garda Síochána ag tabhairt faoi roinnt gníomhartha laistigh den straitéis agus tá ionadaíocht á déanamh dó ar an gcoiste monatóireachta agus an coiste straitéiseach araon chun tacú leis an straitéis.

Rinne an GNPSB idirchaidreamh le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh mhí-úsáide baile chun cur i láthair a sholáthar ag imeachtaí a bhí á gcur ar siúl acu, Cruinniú Mullaigh Safe Ireland agus an t-imeacht Behind Closed Doors de chuid Cúnamh do Mhná.

Chomh maith leis sin, rinne an GNPSB idirchaidreamh leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (an SIP) chun Grúpa Oibre um Mí-Úsáid Baile a chruthú a chasann ar a chéile go rialta chun plé a dhéanamh ar cheisteanna beartais agus ar fhorbairtí chun feabhas a chur ar ár bhfreagairt do mhí-úsáid baile.

Thug an GNPSB cuairt ar ár gcomhpháirtithe póilíneachta chun dea-chleachtas a shainiú agus chun forbairt oiliúna don Gharda Síochána a thagarmharcáil.

### Grúpa Santa Marta

Comhaontas Cinn Phóilíní agus Easpag ó áiteanna mórtimpeall an domhain atá i nGrúpa Santa Marta, a fhorghníon agus a dtacaíonn an Pápa Proinsias leis, a oibríonn le cheile leis an tsochaí shibhialta chun deireadh a chur le gáinneáil ar dhaoine agus le sclábhaíocht na linne seo.

Laistigh de Ghrúpa Santa Marta, chomhaontaigh Éire chun páirt a ghlacadh i dTionscadal Muirí an Aigéin Atlantach leis an Ríocht Aontaithe, an Spáinn agus an Phortaingéil. Is é cuspóir an tionscadail seo chun súil a chaitheamh ar gháinneáil ar dhaoine sa tionscal iascach san Atlantach Thuaidh.

Thug an Garda Síochána faoi roinnt tionscnamh faoin tionscadal seo, lena n-áirítear comhdháil idirnáisiúnta a eagrú a cuireadh ar bun ag Coláiste Mhuire gan Smál,



Comhdháil idirnáisiúnta Santa Marta, Bealtaine 2016

Luimneach i mBealtaine le gach páirtí leasmhar agus comhpháirtí Éireannach ón Ríocht Aontaithe, an Spáinn agus an Phortaingéil.

I nDeireadh Fómhair, thit comhlá gníomhaíochta amach a dhírigh ar an Scéim Neamhthipiciúil le haghaidh Iascach, Gáinneáil ar Dhaoine, sárúithe ar cheadanna fostaíochta, dúshaothrú saothair agus cionta inimirce i gcomhpháirt le Seirbhís Phóilíneachta Thuaisceart Éireann agus rinneadh cigireacht ar 41 ártach iascaireachta i gcaitheamh an lae agus thángthas ar líon sách beag sárúithe dá thoradh.



## Bainistíocht Measúnachta Priacail Chiontóirí Gnéis (SORAM)

Sheol SORAM a Lámhleabhar Cleachtais ag Comhdháil tionscnaimh Náisiúnta SORAM a bhí ar siúl i Samhain.

Cabhróidh an lámhleabhar leis na gníomhaireachtaí siúd, an Garda Síochána ina measc, a bhfuil baint acu sa phróiseas bainistíochta ilghníomhaireachta le haghaidh ciontóirí ardriosca gnéis a chuireann fúthu sa phobal.

### Imscrúdú ar Dhúshaothrú Leanaí

Thug Póilíní/Gnóthaí Inmheánacha na Nua-Shéalainne le fios don Gharda Síochána gurbh ann d'úsáideoirí ar líonra TOR a raibh íomhánna faoi dhúshaothrú linbh á scaipeadh aige. Bhí a leanbh féin i gceist sna híomhánna, de réir dealraimh.

Mar thoradh ar imscrúdú faoinar thug an tAonad um Dhúshaothrú Leanaí ar Líne, sainaitníodh duine aonair i réigiún na Mumhan mar an ciontóir amhrasta. I gcomhar leis na Gardaí áitiúla, chabhraigh comhaltaí an GNPSB agus Bhiúró an Gharda Síochána um Choireacht Ríomhaire le cuardach a dhéanamh ag teach i Márta 2016.








Rinneadh leanbh agus beirt daoine fásta leochaileacha a tharrtháil ón teach agus gabhadh triúr daoine aonair i ngeall ar chionta um dhúshaothrú gnéasach linbh.

Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
Cosaint bharrfheabh saithe leanaí	<p><b>Baineadh an sprioc seo amach.</b> I measc na hoibre a dhírigh ar chosaint leanaí, bhí idirchaidreamh leanúnach leis an PSNI maidir le Tionscnamh um Fheasacht ar Chosaint Leanaí; comhoibriú leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach chun barr feabhais a chur ar an idir chaidreamh idir an dá ghníomhaireacht; agus leanúint le hOibríocht Pacifier (a dhíríonn ar phornagrafaíocht leanaí ar líne) i gcomhar leis an PSNI, agus tús áite a thabhairt do chásanna ina bhfuil buarthaí práinneacha um chosaint leanaí.</p> <p>Chomh maith leis sin, cuireadh ullmhúcháin chun an reachtaíocht nua Mheasúnaithe Riosca ar Chiontóirí Gnéis (SORAM) a sheoladh chun cinn sular cuireadh an reachtaíocht i bhfeidhm, agus tá síil anois leis an reachtaíocht sin in 2017. Ar an gcuma chéanna, cuireadh obair shuntasach ullmhúcháin do Threoiríní nua um Thús Áite do Leanaí a bhfuil síil leo in 2017 i gcrích.</p>

Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
Cuireadh seirbhís chomhsheasmhach ghairmiúil ar fáil do gach íospartach na coireachta agus laghdáodh athíospairt	<p><b>Baineadh an sprioc seo amach.</b> Lean Oifig Idirchaidrimh an Gharda Síochána d'íospartaigh le seirbhísí a sholáthar d'íospartaigh na coireachta i gcomhoibriú le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta i gcaitheamh na bliana. Rinne oifigí Seirbhíse an Gharda Síochána d'íospartaigh, a bunaíodh i ngach roinn in 2015, a gcéad bhliain iomlán d'oibriú a chur i gcrích. Tugadh faoi athbhreithniú ar a bhfeidhmíocht agus ar eispéireas foriomlán íospartach, agus tá síil leis na torthaí i Ráithe 1 2017. Cuirfear moltaí a eascraíonn i bhfeidhm ina dhiaidh sin, chun feabhas a chur ar an tseirbhís a sholáthraítear d'íospartaigh na coireachta. Rinneadh scrúdú, chomh maith, ar oiliúint maidir leis an Treoir d'íospartaigh ón AE, cuireadh forbairt clár nua oiliúna chun cinn. Lean Oifigí Idirchaidrimh do Theaghlach lena n-obair agus cuireadh cruinnithe rialta ar bun leis an nGrúpa Straitéiseach um Cheartas Coiriúil.</p> <p>Níor tháinig athrú ar shásamh íospartaigh de réir an tSuirbhé ar Mheon an Phobail (57%) agus tá de chuspóir na seirbhíse feabhas a chur ar an rátaíl seo in 2017. Ábhar ar leith buartha don eagraíocht is ea sásamh íospartach. Chun dul i ngleic leis an tsaincheist seo, chomhoibrigh Oifig Idirchaidrimh an Gharda Síochána d'íospartaigh (an GVLO) le Seirbhís Anailíse an Gharda Síochána (an GSAS) chun freagairt a chur le chéile do na torthaí tosaigh ó shuirbhéanna Oifig Seirbhíse an Gharda Síochána d'íospartaigh (an GVSQ). Chomhoibrigh an GVLO le Rannóg Taighde an Gharda Síochána ag Coláiste an Gharda Síochána maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar litríocht íospartach. Tá pleananna i bhfeidhm anois chun ceardlanna a chur ar bun le híospartaigh na coireachta, sula ndéantar tuairisciú ar na torthaí foriomlána in 2017, faoi mar a d'iarr an tÚdarás Póilíneachta.</p>

# Slándáil agus Faisnéis Náisiúnta

Is é ról Slándáil agus Faisnéis chun an bhagairt ar an Stát a chruthaíonn sceimhlitheoirí agus dronga coireachta eagraithe a shainnithint agus a anailísiú. Tacaíonn an rannóg le haonaid oibríochtúla trí leideanna faisnéise a sholáthar a bhaineann leis an dá limistéar. Go comhuaineach, tá Slándáil agus Faisnéis ar an bpointe lárnach teagmhála a dhéanann an Garda Síochána le gach gníomhaireacht sheachtrach maidir le comhoibriú idirnáisiúnta sa chomhrac in aghaidh sceimhlitheoireachta agus coireacht eagraithe.

 <p><b>Córas F.I.N.D. Interpol</b></p> <p>Ceadaíonn sé seiceáil fíor-ama a dhéanamh le haghaidh cáipéisí goidte/caillte taistil</p>  <p><b>500,000 pas seiceáilte in 2016</b> 200 ceann aimsithe</p> <p><i>Imithe beo go déanach in 2016</i></p>	<p><b>Oibríochtaí frithsceimhlitheoireachta</b></p> <p><b>12</b> dhuine cúisithe</p> <p><b>URGHABHÁIL</b></p> <p> <b>Raidhfíliú ionsaithe de shaghas AK-47</b></p> <p> <b>75 urchar</b></p> <p>Baineadh ciontuíthe amach i ngeall ar airm thine nó pléascáin a shealbhú, agus ballraíocht an IRA</p> 	<p><b>Póilíneacht Trasteorann</b></p> <p>Síníodh cáipéis nua Straitéise chun barr feabhais breise a chur ar chomhoibriú idir an Garda Síochána agus an PSNI</p> <p><b>Na Limistéir atá san áireamh:</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Póilíneacht tuaithe</li> <li>- Faisnéis a roinnt</li> <li>- Feabhas a chur ar sheirbhís</li> </ul>  
--	--	---

## Slándáil agus Faisnéis

In 2016, lean an Garda Síochána le cur chuige réamhghníomhach agus straitéiseach a ghlacadh i leith gníomhaíocht choiriúil agus slándáil náisiúnta chun dúshlán a bhí ag éirí ní b'éagsúla de shíor a shárú. Baineadh seo amach trí fhrithbhearta dea-fhorbartha bagartha a chur i bhfeidhm go cúramach.

Mar thoradh air seo, leanann Éire le timpeallacht shábháilte agus shlán a sholáthar dá cónaitheoirí agus gnólachtaí, agus cé gurb ann do mhéid leanúnach de riosca i ngach tír, d'fhéadfadh ionsaí sceimhlitheoireachta titim amach sa dlí seo ach ní dócha go dtarlódh sin. Déanann an Garda Síochána measúnú leanúnach ar an leibhéal bagartha seo, anuas ar fhoinsí féideartha de sceimhlitheoireacht, agus tá sé aireach ar na sruthanna faisnéise uile atá ar fáil, idir sruthanna intíre agus réigiúnacha agus domhanda.

Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
Oibríochtaí dírithe póilíneachta agus slándála agus an teorainn Thuaidh/Theas	<p><b>Baineadh an sprioc seo amach.</b> Go hoibríochtúil agus go straitéiseach, lean an Garda Síochána leis an Straitéis Póilíneachta Trasteorann idir an Garda Síochána agus Seirbhís Phóilíneachta Thuaisceart Éireann agus chun tacú leis an tascfhórsa ardleibhéal ilghníomhaireachta a bunaíodh chun coireacht eagraithe trasteorann a chomhrac.</p> <p>An 28 Meán Fómhair 2016, chas Coimisinéir an Gharda Síochána, Nóirín O'Sullivan; an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Francis Fitzgerald; an tAire Ceartais, Clare Sugden; agus Príomh-Chonstábla an PSNI, George Hamilton le chéile agus shínigh siad cáipéis nua um Straitéis Póilíneachta Trasteorann. Cuireadh tús le cur i bhfeidhm na straitéise nua láithreach bonn ina dhiaidh sin.</p>
Slándáil idirnáisiúnta arna feabhsú	<p><b>Baineadh an sprioc seo amach.</b> I gcaitheamh 2016, lean an Garda Síochána le páirt iomlán a ghlacadh i ngrúpaí forfheidhmithe dlí agus slándála idirnáisiúnta trí Europol. B'éard a bhain leis seo ná pleanáil; cur i bhfeidhm; monatóireacht; agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht i gcomhar lenár ngníomhaireachtaí comhpháirtithe idirnáisiúnta.</p> <p>Leanadh le teagmháil laethúil a dhéanamh le Rannóg Faisnéise Sheirbhís Phóilíneachta Thuaisceart Éireann (an PSNI) agus le hOifig Idirchaidrimh na Gníomhaireachta Náisiúnta Coireachta lena chinntiú go ndearna gníomhaireachtaí ar an dá thaobh den teorainn comhoibriú a mhéid agus ab fhéidir.</p>



Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
<p>Struchtúir níos fearr i bhfeidhm chun bainistíocht a dhéanamh ar agus freagairt do bhagairtí reatha agus iad siúd atá ag teacht chun cinn</p>	<p><b>Baineadh an sprioc seo amach go páirteach.</b> Cuireadh roinnt tionscadal chun cinn go mór a chuirfidh le feabhas a chur ar struchtúir chun bainistíocht a dhéanamh ar agus freagairt do bhagairtí reatha agus iad siúd atá ag teacht chun cinn in 2016. Áiríodh leis na tionscadail siúd, obair a chur chun cinn ar 'PRUM' Interpol agus 'Córais Faisnéise Schengen (SIS)'. Leanfar leis an obair sna limistéir seo a chur chun cinn in 2017. Spriocdhírítear níos fearr anois ar smuigleáil daoine agus gáinneáil ar dhaoine trí úsáid a bhaint as Bunachar Sonraí Seasta Interpol (FIND), ar cuireadh tús leis i Samhain.</p> <p>Faoin gClár Nuachóirithe agus Athnuachana (CNA), lean idirchaidreamh leanúnach le páirtithe leasmhara sular cuireadh an Straitéis Cibearchoireachta i bhfeidhm in 2017.</p>

In 2016, tháinig laghdú suntasach ar na líonta daoine atá ag taisteal, nó ag súil le taisteal, go dtí an Iaráic agus go dtí an tSiria chun bheith mar bhaill de Daesh, agus tháinig laghdú suntasach ar ghrúpálacha eile agus ní ábhar buartha iad siúd atá ag taisteal a thuilleadh, murab ionann agus iad siúd atá ag iarraidh filleadh ar stáit Eorpacha. Eascraíonn formhór na mbagairtí atá roimh stáit agus leasanna Eorpacha ón gcoimhlint leanúnach san Iaráic agus sa tSiria. Baineann na príomhbhuarthaí slándála i measc stáit Eorpacha leis an riosca féideartha a chruthaíonn trodaithe eachtracha a fhilleann ó chriosanna coimhlinte, an cumas radacaithe arb ann dó i réigiún na coimhlinte agus i measc ardáin ar líne/mheán sóisialta, chomh maith, agus an fhéidearthacht go dtiocfadh méadú ar pheanáil ionsaí ar mhórthír na hEorpa de réir mar a chailleann lucht Daesh fearann sa réigiún.

Mar chuid dár gcur chuige póilíneacht phobail, casann Biúró an Gharda Síochána um Ilchineálacht Phobail agus Imeascadh (an GBCD) go rialta le pobail mhionlaigh, na daoine óga ina measc laistigh de na pobail siúd, chun a n-iontaoibh agus a muinín a bhaint amach. De réir ár dtaithe, laghdaíonn seo na deiseanna le haghaidh radacú agus spreagann seo coireacht chiníochais/fuatha a thuairisciú a mbíonn muintir na bpobal seo thíos léi.

Baineann rithábacht go fóill le comhoibriú idirnáisiúnta agus le faisnéis agus eolas a roinnt idir an Garda Síochána agus seirbhísí póilíneachta agus slándála eile ar fud an domhain agus féadfaidh príomhuirlis a bheith ann chun sceimhlitheoireacht agus antoisceachas a chomhrac agus freagairt dóibh agus leanfaidh seo ar aghaidh ar ardáin dhéthaobhacha agus ilthaobhacha.

Maidir le sceimhlitheoireacht intíre, chomhlíon comhoibriú trasteorann idir an Garda Síochána agus contrapháirtithe bunaithe i dTuaisceart Éireann príomhról in 2016 sa chomhrac chun na gníomhaíochtaí éagsúla sceimhlitheoireachta agus coiriúla ar an dá thaobh den teorainn a dhíothú.

Leanann an Garda Síochána le sárchaidreamh oibre a chothú le Seirbhís Phóilíneachta Thuaisceart Éireann agus le Gníomhaireacht Náisiúnta Choireachta na Ríochta Aontaithe chun coireacht eagraithe trasteorann, coireacht atá bainteach le heasaontaigh agus le rudaí eile, á comhrac. Beimid tiomanta don chaidreamh seo a chothú mar bhunchloch dár ndírú ar choireacht eagraithe agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac. Sholáthair struchtúir fhoirmiúla chomhoibrithe, iad siúd a cruthaíodh faoi choimirce 'Tús Nua – Comhaontú 2015', léargas fairsing straitéiseach agus deiseanna forfheidhmithe i rith 2016.

Chruthaigh gníomhaíochtaí dronganna coireachta tromchúisí agus eagraithe agus grúpálacha easaontach dúshláin shuntasacha, chomh maith, in 2016.

Theastaigh freagairt choiscitheach ar an talamh ón nGarda Síochána, anuas ar chaidreamh idirnáisiúnta a fhorbairt le gníomhaireachtaí comhpháirtithe ón leibhéal méadaitheach de choimhlint mharfach laistigh den limistéar coireachta eagraithe. Croíghné dár ngníomhaíochtaí in aghaidh coireacht eagraithe a bhí i mbunú an Tascfhórsa Coireachta Speisialta agus méadú ar Ghardaí atá in ann tacaíocht faoi airm a sholáthar. Anuas air sin, cruthaíodh ceangail bhreise idir an Garda Síochána agus comhghleacaithe forfheidhmithe dlí ar fud an

Ghardaí atá in ann tacaíocht faoi airm a sholáthar. Anuas air sin, cruthaíodh ceangail bhreise idir an Garda Síochána agus comhghleacaithe forfheidhmithe dlí ar fud an domhain chun feabhas a chur ar ár gcaidreamh oibre agus ár gcumas a bhí láidir cheana féin chun an choireacht eagraithe a chomhrac agus an foréigean a bhunaíonn sé inár Stát. Thugamar faoi deara go raibh an rath geal ar ár n-oibríochtaí faoi stiúir faisnéise maidir leis an soláthar ioncaim agus acmhainní do dhronga coireachta eagraithe a chomhrac.

Cé go bhfuil gáinneáil ar dhruaí neamhdhleathacha ar an bpríomhbhagairt choireachta eagraithe ar an Stát, tá fairsingiú i gcónaí ag teacht ar scóip na gníomhaíochta coiriúla in Éirinn de réir mar a lorgaíonn dronga coireachta eagraithe le foinsí nua ioncaim a fhorbairt. Tá dronga coireachta eagraithe atá bunaithe in Éirinn gníomhach i ndruaí oidis a dhíol, cibearchoireacht/coireacht atá cibearchumasaithe, calaois airgeadais, sciúradh airgid, gáinneáil ar dhaoine/smuigleáil daoine, agus calaois atá bunaithe ar mhál.

Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
	<p><b>Baineadh an sprioc seo amach.</b> Scaoileadh an leagan is déanaí de 'Oisín', Córas Bainistíochta Faisnéise an Gharda Síochána i gcéimeanna de réir a chéile in 2016. Dearadh agus cuireadh bogearraí Oisín i bhfeidhm chun feabhas a chur ar bhailiú, próiseáil, bainistíocht agus scaipeadh slán a dhéanamh ar eolas íogair faisnéise laistigh den Gharda Síochána.</p>
Bainistíocht fheabhsaithe faisnéise	<p>Scaoiltear le nuashonruithe córais le haghaidh fheidhmchlár Oisín ar bhonn ráithiúil agus cuireadh ceithre cinn de na nuashonruithe córais seo i gcrích i rith 2016. Áirítear leis na nuashonruithe seo deisiú d'aon lochtanna atá ar an gcóras, anuas ar larrataí ar Athrú ar tugadh tús áite dóibh agus a faomhadh lena scaoileadh ag Slándáil agus Faisnéis. Soláthraíodh oiliúint d'úsáideoirí d'aon nuashonruithe suntasacha córais agus rinneadh sraith bhreise d'Oiliúint Athnuachana a chur i gcrích go luath</p>

I gcaitheamh 2016, d'imscrúdaigh an Garda Síochána go gníomhach gníomhaíochtaí grúpálacha sceimhlitheoireachta agus coireachta eagraithe trí dhul sa tóir orthu siúd atá freagrach agus iad a thabhairt os comhair na cúirte, meicníochtaí a bhaint dá chéile trína ndéantar na grúpaí siúd a struchtúrú agus a mhaoiniú, agus cur isteach ar a ngníomhaíochtaí.

Baineadh seo amach trí chomhoibriú méadaithe agus trí eolas agus faisnéis ríthábhachtach a mhalartú lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta forfheidhmithe dlí agus faisnéise. Mar gheall ar chastacht agus cineál trasnáisiúnta go leor de bhagairtí an lae inniu a chruthaíonn sceimhlitheoireacht agus coireacht eagraithe, baineann níos mó tábhachta le comhoibriú idirnáisiúnta agus roinnt faisnéise ná mar a bhí riamh roimhe seo. Tiofadh cineál na mbagairtí póilíneachta agus slándála chun cinn agus eascróidh dúshlán nua uaidh seo. Leanfaidh an Garda Síochána le dul i mbun forbartha chun na dúshlán siúd a shárú.

**An tAonad Speisialta Bleachtairachta (an SDU)**

Tá an tAonad Speisialta Bleachtairachta freagrach as imscrúdú a dhéanamh ar gach bagairt ar shlándáil an Stáit agus chun monatóireacht a dhéanamh ar dhaoine a d'fhéadfadh bagairt a chruthú go náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Bhí baint dhíreach ag an SDU i slándáil gach imeachta oifigiúil comórtha 1916 a chinntiú ar fud na tíre i rith na bliana cinniúnaí seo.

Sholáthair an SDU slándáil chun cuairt a thabhairt ar dhaoine móra le rá, cuairt oifigiúil a Shoilse Ríoga, Charles, ar Dhún na nGall agus ar an Stát agus cuairt Leas-Uachtarán na Stát Aontaithe, Joe Biden ar Éirinn i Meitheamh.

Thug an SDU faoi deara gur tháinig méadú suntasach ar oibríochtaí frithsceimhlitheoireachta i rith 2015 agus isteach in 2016 ónar eascair gur gabhadh agus gur cúisíodh líon daoine nach raibh súil leis os comhair na Cúirte Coiriúla Speisialta.

In 2016, gabhadh 17 nduine a raibh amhras fúthu agus cúisíodh 12 díobh mar thoradh ar oibríochtaí frithsceimhlitheoireachta agus imscrúduithe an SDU, an méid seo a leanas ina measc:

- aimsíodh trí raidhfil ionsaithe den saghas AK47 agus 75 urchar 7.62mm i ndiaidh gur stopadh feithicil a bhí ag taisteal ó thuaidh ag Baile Shláine an 9 Márta. Bhí ceangal fóiréinseach idir na hearraí seo agus an lámhach

agus na himeachtaí marfacha a tharla ag Óstán Regency coicís roimhe sin;

- aimsíodh 57kg de phléascáin a rinneadh sa bhaile, ina raibh meascán breosla níotráit amóiniam, agus rollaí 38 x 2.5kg de phléascáin tionsclaíochta, ar Bhóthar an Náis, Baile Átha Cliath 12, an 13 Aibreán;
- gabhadh duine a raibh amhras faoi ar bord cóiste ag Busáras a bhí ag gabháil i dtreo Bhéal Feirste an 16 Meitheamh, agus aimsíodh 1600 gram de TNT agus 3 mhaidhmitheoir leictreonacha;
- cúisíodh beirt daoine a raibh amhras fúthu i ngeall ar bheith mar bhaill den IRA i ndiaidh feithicil a stopadh agus gur aimsíodh urchar 40mm moirtéir i gContae Liatroma an 14 Lúnasa;
- gabhadh triúr daoine a raibh amhras fúthu bheith mar bhaill den IRA i mBaile Átha Cliath 8 an 14 Meán Fómhair i ndiaidh go ndearnadh earraí a bhí ar an Líon Dorcha ('Darknet') chun gléasanna seiftithe pléascacha a thógáil a sheachadadh go rialaithe mar thoradh ar oibríocht faoi stiúir faisnéise;
- aimsíodh substaintí pléascacha agus gabhadh duine a raibh amhras faoi bheith mar bhall den IRA i gContae Mhuineacháin an 21 Meán Fómhair.

I rith 2016, rinne an SDU ciontuithe i ngach ceann de shé thriail a conspóideadh ag an gCúirt Choiriúil Speisialta agus tugadh 10 gcás bhreise chun críche ar phléadáil ciontach. D'eascair pianbhreitheanna as na cásanna ar déileáladh leo i rith 2016 idir 11 bhliain i ngeal ar sheilbh pléascán, sé go leith bliain ar bhallaíocht den IRA, agus cúig bliana ar sheilbh airm thine.

Tá an tAonad Frithsceimhlitheoireachta Idirnáisiúnta (an CTI) mar chuid den Aonad Bleachtaireachta Speisialta agus tá sé freagrach as slándáil an Stáit.

Thug an tAonad faoi roinnt cuardach agus gabhálacha. Bhain iad seo le daoine ar mhian leo taisteal chuig criosanna coimhlinte.

D'oibrigh an tAonad go dlúth le Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce (an GNIB) in Oibríocht Vantage agus le GNECB Calaoise maidir le maoiniú sceimhlitheoirí. Mar chuid den obair faoinar thug an CTI leis an GNIB, baineadh duine ar chreid an Garda Síochána gurbh éascaitheoir sa sceimhlitheoireacht é ón Stát.

Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
Sainnithníodh agus díródh ar ghrúpaí sceimhlitheoireachta, iad siúd atá bainteach ina measc	<p><b>Baineadh an sprioc seo amach.</b> Sainnithníodh grúpaí sceimhlitheoireachta i gcaitheamh 2016, iad siúd ina measc atá bainteach i gcoireacht eagraithe agus díródh orthu in oibríochtaí an Gharda Síochána.</p> <p>Cuireadh isteach go mór ar na grúpaí siúd i ndiaidh gur urghabhadh Feistí Pléascacha seiftithe; airm thine agus urchair; agus rinneadh na daoine a raibh amhras fúthu a gabháil, a choinneáil agus a ionchúiseamh. Rinneadh iarrachtaí a chomhordú chun cosc a chur ar agus cur isteach ar ghníomhaíocht sceimhlitheoireachta ar bhonn leanúnach i gcomhpháirt le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta.</p>

## Idirchaidreamh agus Cosaint

### FIND' de chuid Interpol a thabhairt isteach ag Aerfort Bhaile Átha Cliath

Soláthraíonn réiteach comhtháite FIND Interpol rochtain láithreach d'fhorfheidhmiú dlí ar Bhunachar Sonraí Líonra Sheasta Interpol (tugtar FIND air, chomh maith) trí líonra slán cumarsáide. A bhuíochas leis seo, is féidir le gníomhaireachtaí túsline forfheidhmithe dlí (Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce, na Gardaí, Oifigigh Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann), chun faisnéis iontaofa chruinn chothrom le dáta a fhiosrú a bhaineann le cáipéisí goidte/caillte taistil (SLTD) i bhfíor-am agus chun freagairt láithreach bonn a fháil – faoi cheann cúpla soicind, de ghnáth.

Cuireadh córas FIND i bhfeidhm ag Aerfort Bhaile Átha Cliath i Samhain 2016 agus cuireadh é i bhfeidhm i bpoirt mhóra eile aeir agus mhara i rith mhí na Nollag.

Faoi dheireadh 2016, rinneadh os cionn 500,000 pas agus/nó cáipéis taistil a scanadh ar chóras FIND agus braitheadh os cionn 200 'amas'. Bhain 'na hamais' a braitheadh le pasanna/cáipéisí taistil a thug an sealbhóir dlisteanach le fios gur cailleadh iad agus ar aimsigh agus ar úsáid an sealbhóir dlisteanach iad, ina dhiaidh sin, i ngan fhios dó/di go ndearnadh an cháipéis a chúlghairm.

### Córas Faisnéise Schengen II (SIS II)

Bunachar sonraí uile-Eorpach is ea SIS II a sheolann faisnéis fíor-ama ar aghaidh ó thír rannpháirteach amháin go ceann eile i bhfoirm foláireamh maidir le daoine agus maoin. Cuirfidh an córas ar chumas an fhorfheidhmithe dlí i mBallstáit chun foláirimh a scaipeadh ar gach ballstát ar fud na hEorpa agus chun freagairt d'fholáirimh a thagann isteach ó bhallstáit eile. Áirítear leis na foláirimh daoine a bhfuiltear sa tóir orthu i ngeall ar eiseachadadh, daoine ar iarraidh, finnétithe nó daoine a d'éalaigh nó daoine atá mar

ábhar breithiúnas coiriúil, foláirimh maidir le daoine nó feithiclí óna dteastaíonn seiceálacha agus foláirimh dhiscréideacha a bhaineann le hearraí ar a ndéantar mí-leithghabháil, a cailleadh, a goideadh nó fianaise a lorgáitear ar mhaithe le hurghabháil a dhéanamh.

I gcaitheamh 2016, tháinig borradh ar an obair chun tionscadal um chur i bhfeidhm na hÉireann a chur chun cinn le haghaidh SIS II agus i Nollaig, síníodh conradh le soláthraí chun ceangal SIS II a fhorbairt do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí in Éirinn.

Bhí baint ag an Aonad thuas le hidirchaidreamh leanúnach a dhéanamh leis an gComhairle um Cheartas agus Gnóthaí Baile na hEorpa agus le toscaireachtaí an Gharda Síochána a chomhordú le haghaidh cruinnithe éagsúla Grúpa Oibre saineolach sa Bhruiséil i gcomhoibriú leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i rith 2016.

Sa mhullach air sin, bhí idirchaidreamh leanúnach ar bun, chomh maith, leis an gCoimisiún Eorpach vis-à-vis Tionscadail Chistithe an AE, agus Clár Náisiúnta an Chiste um Shlándaíl Inmheánach de thionscadail phóilíní a chur i bhfeidhm in Éirinn leis an Stiúrthóireacht Airgeadais agus Seirbhísí (an tÚdarás Freagrach) agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (an tÚdarás Monatóireachta).

Fuarthas €9.25 milliún le haghaidh tionscadail phóilíní in Éirinn don tréimhse ó 2014 go 2020, agus tá maoirseacht á déanamh ag an Aonad um Chomhordú Idirnáisiúnta ar Idirchaidreamh agus Cosaint ar an tsraith tionscadal seo.

Ina theannta sin, thacaigh an Garda Síochána go tréan le hiarratais ó chiste Forbartha agus Taighde "Horizon 2020" an Choimisiúin Eorpaigh ar dheontais. D'fhaomh an Coimisinéir comhpháirtíocht an Gharda Síochána nó litreacha tacaíochta an Gharda Síochána le haghaidh 12

### Cás-Staidéar: Eurojust

Gníomhaireacht é Eurojust den Aontas Eorpach a dhéileáil le comhoibriú breithiúnach i gceisteanna coiriúla Thug Éire comhalta náisiúnta ar iasacht trí oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Laistigh de theorainneacha ár gcórais náisiúnta dlí, d'éascaigh an tAonad Comhordaithe Idirnáisiúnta comhoibriú dlúth oibríochtúil le Eurojust trí chruinnithe oibríochtúla agus malartú faisnéise.

I nIúil 2016, chabhraigh an Garda Síochána, chomh maith, san eagraíocht agus chuir sé mórshheimineár feasachta ar Eurojust ar bun do pháirtithe leasmhara in Éirinn, na Coimisinéirí Ioncaim, an tSeirbhís Chabhlaigh, oifig an Ard-Aighne, na Príomh-Aturnaetha Stáit agus daoine eile ina measc. D'fhreastail breis agus 100 toscaire ar an imeacht rathúil seo.

chuibhreannas a rinne iarratas ar chistiú Horizon 2020 i rith 2016.

Rinne an Garda Síochána idirchaidreamh dlúth le Fiontraíocht Éireann agus le Seirbhís Phóilíneachta Thuaisceart Éireann araon sa phróiseas seo. Bhí baint ag fiontair bheaga agus mheánmhéide éagsúla, chomh maith, anuas ar an lucht léinn ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus cinn eile.

### Bainistíocht Móréigeandála

Chomhordaigh oifig Bhainistíochta Móréigeandála an Gharda Síochána ag an Rannóg Idirchaidrimh agus Cosanta comhordú an chuir chuige Réigiúnaigh i leith Pleanáil Éigeandála, anuas ar phleanáil Trasteorann. Coimeádadh idirghníomhú ardleibhéil le struchtúir náisiúnta trí rannpháirtíocht i gcruinnithe Thascfhórsa an Rialtais an Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta agus an Ghrúpa Oibre Náisiúnta, anuas ar chruinnithe tréimhsiúla maidir le limistéir shonracha.


I rith stoirmeacha geimhridh 2015/2016, d'éascaigh Idirchaidreamh agus Cosaint freastal laethúil ar chruinnithe bainistíochta géarchéim ag an Ionad Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála d'fhonn faisnéis a thabhairt don rialtas agus don phobal ar an bhfreagairt do thuile agus fíor-dhrochaimsir.

Sholáthair Cumarsáid Chorporáidigh an Gharda Síochána, anuas ar speisialtóirí póilíneachta bóthair ionchur agus saineolas, agus chuir oifig Bhainistíochta Móréigeandála an Gharda Síochána forbhreathnú laethúil náisiúnta i dtoll a cheile agus i láthair ó réigiúin an Gharda Síochána.

Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
Ullmhacht eagraíochtúil fheabhsaithe do mhóréigeandálaí	<p><b>Baineadh an sprioc seo amach.</b> Lean Grúpa Comhordaithe Freagartha do Mhóréigeandála Náisiúnta an Gharda Síochána le hullmhacht a fhorbairt agus a fheabhsú do mhóréigeandálaí i gcaitheamh 2016. B'éard a bhain lena chuid oibre ná ullmhú leanúnach a dhéanamh d'ionsaithe sceimhlitheoireachta agus cásanna móréigeandála eile le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta.</p> <p>Ghlac an Garda Síochána páirt iomlán in obair an Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta um Ghníomhaíochtaí Bainistíochta Móréigeandála ar tugadh fúthu i gcaitheamh na bliana agus áiríodh leis cur i láthair a dhéanamh go himmheánach agus go seachtrach; do ghníomhaireachtaí comhpháirtíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta; cruinnithe agus ceardlanna a chur ar bun; agus tabhairt faoi chleachtaí boird agus oibríochtúla ar fud na tíre i gcaitheamh na bliana.</p> <p>Tugadh faoi roinnt cleachtaí beo i ngach réigiún i rith na bliana, cleachtadh muirí trí chéim a cuireadh ar bun i gCuan Dhroichead Átha i nDeireadh Fómhair, cleachtadh díráillithe traenach a cuireadh ar bun i Sligeach i nDeireadh Fómhair; agus cleachtaí Údarás Eitlíochta na hÉireann (ÚEÉ) ina measc a cuireadh ar bun i nGaillimh i mBealtaine.</p>

# Sábháilteacht Phobail

ITá idirghníomhú leis na pobail ar a bhfreastalaímid ag ceartlár an mhéid a dhéanann an Garda Síochána, agus leagann sé an bhunchloch faoin obair a dhéanaimid ar bhonn laethúil timpeall na tíre. Sa mhír seo, tiocfaidh tú ar bhreis faisnéise faoi conas a dhéanaimid idirchaidreamh leis na daoine ar a bhfreastalaímid agus conas a oibrímid ar mhaithe leo.



## Póilíneacht a dhéanamh ar Phobail

Foirm de phóilíneacht atá i bPóilíneacht Phobail atá réamhghníomhach, réiteachbhunaithe agus pobalbhunaithe. Titeann póilíneacht phobail amach sa chás go n-oibríonn na Gardaí agus muintir an phobail agus gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha le chéile. Éiteas atá i bPóilíneacht Phobail a dhéantar a phríomhshruthú ar fud an Gharda Síochána.



### Feachtais um Chosc ar Choireacht

Thit roinnt feachtas amach i rith na bliana chun teachtaireachtaí tábhachtacha um chosc ar choireacht a sholáthar don phobal maidir le príomhchoireanna.

I gcás na bhfeachtas seo, soláthraíonn Rannpháirtíocht sa Phobal pacáí cumarsáide, grafaic faisnéise ina measc,

d'Oifigí Roinne lena scaipeadh ar an bpobal go háitiúil.

Baineann Rannpháirtíocht sa Phobal leas, chomh maith, as a láithreacht ag imeachtaí móra, ar nós an Chomórtais Náisiúnta Treabhdóireachta agus Bloom chun idirchaidreamh a dhéanamh leis an bpobal.

D'oibrigh Rannpháirtíocht sa Phobal leis an oifig Chumarsáide Corparáidí maidir le fógraíocht, caidreamh poiblí agus gníomhaíocht na meán sóisialta le haghaidh gach feachtais.

I rith 2016, cuireadh feachtais ar bun maidir le gadaíocht gutháin phóca, gadaíocht ó ghluasteáin, slándáil phearsanta fad a bhíonn daoine amuigh istoíche ('Streetwise'), agus slándáil bhaile ('Cuir Glas Air, Las Solas').

### An Córas Foláireamh Téacs

Spreagann Córas Foláireamh Téacs an Gharda Síochána daoine chun gníomhaíocht amhrasta a thabhairt le fios don Garda Síochána, a dhéanfaidh faisnéis dheimhnithe agus chuí faoi chosc ar choireacht a tharchur don phobal, ar a uain sin. Leagtar an bhéim ar choireacht a chosc trí chomhpháirtíocht ghníomhach le pobail. Úsáidtear é, chomh maith, chun sábháilteacht an phobail a chur chun cinn i rith drochaimsire.

Bunaíodh Foláireamh Téacs in 2013, agus faoi dheireadh 2016, bhí 984 scéim i bhfeidhm agus bhí téacsanna á bhfáil ag 184,000 suibscríobhaí ón nGarda Síochána.

Chun tacú le fairsingiú breise na scéime, thug an Roinn Dí agus Cirt Córas Lacáiste Foláireamh Téacs isteach chun cúnamh airgeadais a thabhairt do phobail a raibh páirt á glacadh acu. Chuir an Garda Síochána sraith seimineáir réigiúnacha ar bun, chomh maith, chun éifeachtúlacht scéime a mhéadú agus chun pobail a spreagadh chun clárú le Foláireamh Téacs.

### Crime Call

In 2016, d'fhéach os cionn 360,000 duine ar an gclár teilifíse Crime Call. Lean an clár leis an bpobal a chur ar an eolas faoi conas iad féin a chosaint i gcoinne na coireachta agus chun úsáid shábháilte a bhaint as an mbóthar.

Bíonn cásanna iomadúla ardphróifíle faoi chaibidil, ar nós dúnmharuithe, trombhuirgléireacht, ionsaithe gnéasacha agus daoine ar iarraidh.

Bhain an clár an rath amach roinnt mhaith uaireanta, go háirithe i measc na ndeighleog CCTV agus An Té is Mó a bhfuiltear sa Tóir Air, agus d'éirigh le daoine a shainaitheint, a ghabháil agus a chúiseamh mar thoradh air.

### Mála Paca Slándála Baile Faire Comharsanachta

In Iúil, seoladh triail phíolótach de mhála 'Paca Slándála Baile' Faire Comharsanachta san Uaimh, Contae na Mí agus i Mullach Íde, Baile Átha Cliath.

Tá an tionscnamh dírithe ar chónaitheoirí i scéimeanna Faire Comharsanachta a bhfuil bearta teoranta slándála acu nó daoine a bhfuil ardleibhéal eagla orthu go ndéanfar coir orthu nuair a bhíonn siad as baile nó ar saoire ar feadh tréimhse ama.


Is féidir leis an gcónaitheoir a gheobhaidh an paca slándála baile ar iasacht é a fháil óna gComhordaitheoir áitiúil Faire Comharsanachta, a eiseodh an paca don duine agus a chuirfidh an duine ar an eolas ar cén áit ar cheart an trealamh a shuíomh laistigh dá dteach. Ar a bhfillleadh abhaile ó shaoire, tugann an duine an trealamh slándála baile ar ais don Chomhordaitheoir go mbainfear úsáid bhreise as sa Scéim Faire Comharsanachta.

### An Tionscnamh Píolótach "Colour Me Calm"

Thacaigh Rannpháirtíocht sa Phobal le comhaltaí i Stáisiún Gardaí Choill an Chollaigh chun tionscnamh a fhorbairt ar a dtugtar "Colour Me Calm", a bhí dírithe ar chabhú le leanaí a bhí thíos le teagmhais thrámacha, ar an drochuair.

Is éard a bhaineann leis ná go soláthraíonn na Gardaí a

fhreagraíonn i dtosach seachrán do na leanaí agus go n-athraítear a ndíríú ar an imeacht trámach trí leabhar dathúcháin agus sraith crián a thabhairt dóibh fad a dhéileálann na Gardaí freastail leis an teagmhas.



Cuireadh tús leis an tréimhse píolótach i Nollaig agus cuirfear i gcrích í i Marta 2017.

### Clár na nAmbasadóirí um Choireacht a Chosc, an Longfort

Mar chuid den tacaíocht leanúnach do Straitéis an Gharda Síochána i leith Daoine Breacaosta, chabhraigh Oifig Náisiúnta na Póilíneachta Pobail agus Oifig an Gharda Síochána um Chiníochas agus Ilchultúrachas le hAonad Póilíneachta Pobail an Longfoirt chun clár píolótach a bhunú do na hAmbasadóirí um Chosc ar Choireacht i gceantar an Longfoirt. Is é cuspóir an tionscnaimh seo chun coireanna in aghaidh daoine breacaosta a chomhrac agus chun dul i ngleic leis an eagla roimh choireacht go díreach.

B'éard a bhain le Clár na nAmbasadóirí um Chosc ar Choireacht ná 30 duine a roghnú, a chur faoi oiliúint agus a cheapadh chun gníomhú mar Ambasadóirí um Chosc ar Choireacht don Gharda Síochána ar fud Chontae an Longfoirt.

Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
Cur chuige soiléir agus comhsheasmhach i leith póilíneacht phobail	Baineadh an sprioc seo amach go páirteach. Faoin gClár Nuachóirithe agus Athnuachana, cuireadh tús le Creat Póilíneachta Pobail nua a fhorbairt i rith na bliana. Críochnófar an obair faoi dheireadh na bliana 2017.

### Déagóirí agus Gardaí (T.A.G.)

Forbraíodh clár T.A.G chun idirchaidreamh dearfach a chur chun cinn i measc Gardaí agus daoine óga, agus leantar lena reáchtáil go rathúil i measc roinnt scoileanna agus Tionscadail Athstíúrtha Óige an Gharda Síochána i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath.



Clár TAG i dTionscadal Athstíúrtha Óige DÁN an Gharda Síochána Tionscadal Óige Fountain, Baile Átha Cliath 8

### "Beat the Street", an Clár

Rinne comórtas Sacair Beat the Street, Inis ceiliúradh ar a chúigiú séasúr. Cabhraíonn na comórtais, a d'eagraigh Póilíneacht Phobail na hInse le cúnamh ó Chumann Peile na hÉireann (an FAI) agus Sraithchomórtas Sacair Cheantar an Chláir, le daoine óga agus Gardaí áitiúla a thabhairt le chéile.



### Lá Náisiúnta um Shábháilteacht Mhiondíola, Droichead Átha

An 8 Nollaig, chuir na Gardaí i nDroichead Átha feachtas feasachta ar bun do mhiondíoltóirí agus don phobal maidir le conas cailleanas mar thoradh ar ghadaíocht a thabhairt le fios, go háirithe sa tréimhse a fhad leis an Nollaig. Cuireadh clinicí um chosc ar choireacht ar bun i limistéir ghnóthacha shiopadóireachta chun comhairle a sholáthar don phobal agus labhair na Gardaí le siopadóirí a raibh a ngluaisteáin á bpáirceáil acu chun faisnéis a thabhairt dóibh faoi pháirceáil shábháilte agus glasáil feithicilí.

### Tacaíocht Mhóibíleach an Gharda Síochána, an Charraig Dhubh

Sa tionscnamh seo, thug comhaltaí Garda cuairt ar dhaoine breacaosta sa phobal agus rinne siad a bpasanna, a bpinsean agus a bpáipéir thaistil a stampáil. Níos tábhachtaí, d'úsáid na Gardaí Pobail na cuairteanna chun comhairle faoi chosc ar choireacht a sholáthar do na daoine breacaosta, go háirithe iad siúd atá ina n-íospartaigh na coireachta.

### Cás-Staidéar: Póilíneacht a dhéanamh ar Ollscoil Luimnigh (UL), Coláiste Mhuire gan Smál agus Coláiste Ealaíne agus Dearaidh Luimnigh (LCAD)

Comhlíonann obair Aonad Póilíneachta Pobail Shráid Anraí páirt shuntasach i bpóilíneacht a dhéanamh ar na Coláistí thuas. Cuirtear tús leis an bpleanáil sula dtosaíonn an bhliain acadúil i Meán Fómhair.

Cuireann comhaltaí Aonad Póilíneachta Pobail Shráid Anraí Clár Faire Campais ar bun in UL agus i gColáiste Mhuire gan Smál araon, lena áirítear cainteanna treoshuímh agus faisnéis faoi Chosc ar Choireacht a scaipeadh.

Leanadh ar aghaidh le cumarsáid a dhéanamh le mic léinn trí chuntais Mheán Sóisialta na gColáistí i gcaitheamh na bliana maidir le cosc ar choireacht agus comhairle faoi choireachta, agus cuireadh Clinicí an Gharda Síochána ar siúl sa dá choláiste gach seachtain.



Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
Láithreacht phóilíneachta níos mó inár bpobail	<p><b>Baineadh an sprioc seo amach.</b> Úsáideadh an Suirbhé ar Mheon an Phobail chun tuairimí a mheas faoi roinnt teideal agus ba dhearfach na torthaí, ar an iomlán. Nuair a fiafraíodh faoi phatrólú a dhéanamh i gceantair áitiúla ‘An ndéantar patrólú rialta i do cheantar?’; i ráithe 4, dúirt 36% d’fhreagróirí go ndéantar, i gcomparáid le 33% i ráithe 1; dúirt 57% nach ndéantar (55% i ráithe 1), agus dúirt 8% nárbh fhios dóibh (12% i ráithe 1). Nuair a fiafraíodh faoi thuairimí faoi láithreacht na bpóilíní áitiúla, ‘Tá láithreacht na bpóilíní áitiúla neamhleor, thart ar an méid ceart nó iomarcach?’; i ráithe 4, dúirt 56% d’fhreagróirí go raibh sé neamhleor i gcomparáid le 59% i ráithe 1; dúirt 38% go bhfuil sé thart ar an méid ceart i gcomparáid le 32% i ráithe 1. Dúirt comhréir an-bheag go raibh sé iomarcach, agus níorbh fhios do 5%, i gcomparáid le 8% i ráithe 1.</p> <p>Cuireadh oibríochtaí ard-infheictheachta ar siúl i gcaitheamh na bliana i ngach réigiún. Thit imeachtaí Sábháilteachta Pobail Náisiúnta amach go rialta i rith 2016, tionscnaimh ina measc ar nós ‘Tacú le Pobail Níos Sábháilte’, ‘Cuir Glas Air, Las Suas É’, ‘Lá na Sábháilteachta Miondíola’, agus ‘Lá Náisiúnta na Maoine Aisghafa’.</p>

Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
Sásamh feabhsaithe poiblí agus eagla laghdaithe roimh choireacht	<p><b>Baineadh an sprioc seo amach go páirteach.</b> Thaispeáin an Suirbhé ar Mheon an Phobail nach raibh 47% de dhaoine buartha faoi bheith ina n-íospartach den choireacht i rith ráithe i gcomparáid le 40% i ráithe 1. Chomh maith leis sin, dúirt 62% de dhaoine i ráithe 4 nár imir eagla roimh choireacht aon tionchar ar cháilíocht beatha i gcomparáid le 57% i ráithe 1.</p> <p>D’oibrigh an Garda Síochána chun an eagla roimh choireacht a laghdú tríd an úsáid a uasmhéadú a bhaintear as fóraim áitiúla agus Comhchoistí Póilíneachta; infheictheacht a chur chun cinn; dul i ngleic le neamhord poiblí agus le hiompar frithshóisialta; agus dul i ngleic le halcól a ól go neamhdhleathach in áiteanna poiblí, faoi seach. Forbraíodh Straitéis nua um Chosc ar Choireacht, chomh maith, agus bhí athbhreithniú á dhéanamh uirthi ag deireadh na bliana. Beartaítear an straitéis a chur i bhfeidhm in 2017.</p> <p>Rinne an eagraíocht teagmháil agus idirchaidreamh le agus forbairt ar chomhpháirtíochtaí dearfacha comhoibritheacha le grúpaí éagsúla, leochaileacha agus ar deacair teagmháil a dhéanamh leo, an Comhaontas Aoise agus Teaghlaigh; Lónra na hÉireann um Chomhionannas Trasinsneach (TENI); an Lárionad Cultúr Ioslamach, Cluain Sceach; Moscanna éagsúla; Fóram Idirchaidrimh Chathair Bhaile Átha Cliath; an Coiste Náisiúnta Comhairliúcháin Chóiríochta don Lucht Siúil; Coiste Ghrúpa Stiúrtha Romach; an grúpa ‘Living Well with Dementia’; an tÚdarás Náisiúnta Míchumais; Cairde; Little People Association of Ireland; an tionscnamh Idirghabhála Coimhlinte Lár Tíre; YWCA City of Sanctuaries; Coiste Oideachais na Tuirce/na hÉireann; comhaltáí ‘Club Kosa’ na Rúise; agus daoine aonair agus grúpa ó réimse tíortha, an Ostair, an Iaráic, an Chéinia, an tSiombáib, an Libia agus an Túinéis ina measc.</p>

## Ceartha Daonna agus Éagsúlacht

Tá de chuspóir an Gharda Síochána chun seasamh le cearta daonna agus bunreachtúla daoine aonair agus na cearta siúd a chosaint trí sheirbhís ardchaighdeán éifeachtach phóilíneachta a sholáthar i gcomhpháirt leis an bpobal agus i gcomhoibriú le gníomhaireachtaí eile.

Luaitear i Luachanna agus Ráiteas Straitéise an Gharda Síochána 2016-2018 go rachaidh seirbhís ghairmiúil phóilíneachta atá bunaithe ar chearta daonna chun mórshochair na sochaí agus go gcabhróidh sé cur leis an gcáil atá ar an tír bheith mar áit shábháilte inar féidir le daoine cónaí, oibriú, cuairt a thabhairt air agus infheistíocht a dhéanamh ann.

Mar thacaíocht le seasamh le cearta daonna, chuir an Garda Síochána le Cód Eitice a d'fhorbair an tÚdarás Póilíneachta agus thug sé faoin gcód a leabú go cuimsitheach ar fud na heagraíochta. D'fhoilsigh an tÚdarás Póilíneachta an Cód Eitice go luath in 2017.

Croíghalltanais den Chlár Nuachóirithe agus Athnuachana is ea seirbhís phóilíneachta atá dírithe ar chearta daonna a sholáthar. Mar chuid de seo, bhunaigh an eagraíocht seirbhís phóilíneachta atá dírithe ar chearta daonna an 1 Meán Fómhair. Fostaíodh taighdeoir um chearta daonna in 2016 chun cabhrú le Lámhleabhar Treorach um Chearta Daonna a fhorbairt don eagraíocht chun dul i ngleic le Bunreacht na hÉireann agus leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta Daonna agus ionstraimí ábhartha eile um chearta daonna ar bhonn ceart ar cheart faoi mar a bhain siad leis an bpóilíneacht.

Acmhainn chearta daonna a bheidh sa Lámhleabhar don Garda Síochána agus pointe tagartha a bheidh ann do dhreachtóirí beartais, oiliúint agus an pearsanra oibríochtúil.

Thug Biúró an Gharda Síochána um Ilchineálacht Phobail agus Imeascadh faoi roinnt tionscnaimh eile i rith 2016 chun dea-chaidreamh a chothú i dtimpeallacht ileitneach agus chun seirbhís phóilíní atá dírithe ar chearta daonna a sholáthar do gach saoránach. Áiríodh leis na tionscnaimh seo, an méid seo a leanas:

### Seimineár d'Oifigigh Idirchaidrimh Eitnigh (ELO)

Cuireadh seimineár *'Idirchaidreamh a dhéanamh le pobail mhionlaigh'* ar siúl i Meitheamh le haghaidh oifigigh ELOanna/Leispiacha, Aeracha, Déghnéasacha agus

Trasghnéasacha (LGBT) ó gach ceann de na 28 Roinn den Garda Síochána agus ár gcomhghleacaithe i Seirbhís Phóilíní Thuaisceart Éireann (an PSNI).

I ndiaidh an tseimineáir, cuireadh treoir nua, *'Treoir Chleachtóra maidir le Teagmhais atá Spreagtha ag Fuath a Chur i dTaifead ar PULSE'* (*'Practitioner's Guide to Recording Hate Motivated Incidents on PULSE'*) in iúl do chomhaltaí Garda chun cabhrú le tuairisciú agus cur i dtaifead ceart a dhéanamh ar theagmhais atá spreagtha ag fuath, doichead nó idirdhealú ar bhonn saintréithe braite an íospartaigh.

Nuair a labhair an Coimisinéir O'Sullivan ag an seimineár, leag sí béim ar an dea-obair atá á déanamh ag oifigigh ELO/LGBT san idirchaidreamh leanúnach atá acu leis an iomaí pobal éagsúil a lorgáinn seirbhísí agus tacaíocht an Gharda Síochána.

### Clár Oiliúna Idirghabhála agus Coimhlinte an Lucht Siúil

Mar chuid de chlár píolótach oiliúna Idirghabhála agus Coimhlinte an Lucht Siúil, chabhraigh Tionscnamh Idirghabhála Lár Tíre Phobal an Lucht Siúil, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an tOspidéal Réigiúnach Lár Tíre, Tulach Mhór, Contae Uíbh Fhailí, agus Oifig an Gharda Síochána um Chiníochas agus Ilchultúrachas le próiseas a fhorbairt chun barr feabhais a chur ar chaidreamh idir an Lucht Siúil agus an Garda Síochána.

### An Lá Idirnáisiúnta in aghaidh Ban

Chun ceiliúradh a dhéanamh ar an Lá Idirnáisiúnta in aghaidh Ban, an 6 Márta, tugadh cuireadh don Choimisinéir Nóirín O'Sullivan teacht i láthair mar aoi oinigh chun labhairt os comhair Mhná Ioslamacha na hÉireann ag an Lárionad Cultúrtha Ioslamach.

Mar chuid d'aitheasc an Choimisinéara, tugadh léargas ginearálta ar an leochaileacht a bhaineann le mná Ioslamacha agus ar na seirbhísí speisialaithe atá ar fáil don phobal Ioslamach trí Bhiúró an Gharda Síochána um Ilchineálacht Phobail agus Imeascadh, agus Oifigigh Garda Idirchaidrimh Eitnigh a cheaptar go háitiúil.

### Cás-Staidéar: Lá oscailte á eagrú i mBaile na Lorgan

Rinne na Gardaí an cinneadh chun imeacht a chur ar siúl a bhí dírithe ar bhia, feisteas, ceol agus ealaín thraidisiúnta ó áiteanna timpeall an domhain.

Chun díriú ar a oiread daoine agus ab fhéidir i Roinn Charraig Mhachaire Rois, cinneadh chun cuairt a thabhairt ar na scoileanna agus bileoigíní a scaipeadh ar gach leanbh go dtabharfaidís abhaile leo iad. Chomhaontaigh roinnt leanaí chun amhráin a chanadh agus rince a dhéanamh ag an imeacht agus chomhaontaigh máthair ó Scoil na gCailíní chun grúpa rince Ghaelaigh ina raibh leanaí de náisiúntachtaí éagsúla a eagrú agus a chóitseáil.

Thug Gardaí cuairt ar theaghlaigh áitiúla, labhair siad le daoine ar an tsráid fad a bhí na sráideanna sa cheantar á siúl acu, chuir siad póstaer in airde i mbailte éagsúla agus spreag siad úsáid a bhaint as na meáin shóisialta chun suim a mhéadú.

Ag 2pm tráthnóna Dé Domhnaigh, an 20 Márta 2016, osclaíodh doirse Iontas, Baile na Lorgan agus d'fhreastail os cionn 200 duine áitiúil ó na tíortha seo a leanas: an Bhrasaíl, an tSín, an Congó, an Éigipt, an Ungáir, an India, Éire, an Laitvía, an Liotuáin, an Phacastáin, na hOileain Philipíneacha, an Pholainn, an Rómáin, an Rúis agus Srí Lanca. Thug gach tír a tháinig i láthair rogha bia a dtíre, thaispeáin ealaíontóirí áitiúla ón tSín agus ón bPolainn a saothair áille ealaíne, agus chaith go leor de na daoine siúd a bhí i láthair feisteas traidisiúnta.



Leanaí ag Lá Oscailte an Gharda Síochána, Baile na Lorgan (c) Magda Ziobro

Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
Muinín agus iontaoibh fheabhsaithe poiblí	<p><b>Baineadh an sprioc seo amach.</b> Iarradh ar fhreagróirí an tSuirbhé ar Mheon an Phobail chun uimhir idir 1 agus 10 a shannadh chun a leibhéal iontaoibe sa Garda Síochána a chainníochtú. Chuirfeadh an uimhir 10 an leibhéal is airde d'iontaoibh in iúl agus chuirfeadh 1 an iontaoibh is ísle in iúl. In 2015, bhí leibhéal iontaoibhe idir meánach agus ard ag freagróirí an tSuirbhé ar Mheon an Phobail sa Garda Síochána, tháinig méadú aníos go dtí 88% air sin in 2016.</p> <p>Faoi mar a leagtar amach thuas, d'oibrigh an Garda Síochána i dtreo na spriocanna seo a bhaint amach tríd an úsáid a uasmhéadú a bhaintear as fóraim áitiúla agus Comhchoistí Póilíneachta; infheictheacht a chur chun cinn; dul i ngleic le neamhord poiblí agus le hiompar frithshóisialta; agus dul i ngleic le halcól a ól go neamhdhleathach in áiteanna poiblí, faoi seach. Forbraíodh Straitéis nua um Chosc ar Choireacht, chomh maith, agus bhí athbhreithniú á dhéanamh uirthi ag deireadh na bliana. Rinne an eagraíocht teagmháil agus idirchaidreamh le agus forbairt ar chomhpháirtíochtaí dearfacha comhoibritheacha le grúpaí éagsúla, leochaileacha agus ar deacair teagmháil a dhéanamh leo ar fud na tíre.</p>

### Cuairt an Choimisinéara ar Ionad Cultúir Ioslamaigh na hÉireann

In Iúil, thug an Coimisinéir O’Sullivan cuairt ar Ionad Cultúir Ioslamaigh na hÉireann. I rith na cuairte, neartaigh an Coimisinéir O’Sullivan tiomantas an Gharda Síochána chun caidreamh a fhorbairt le pobal Ioslamach na hÉireann agus leag sí an bhéim air gurbh é ról Bhiúró an Gharda Síochána um Ilchineálacht Phobail agus Imeachadh chun idirchaidreamh a dhéanamh le pobail mhionlaigh agus lena chinntiú go raibh siad ar an eolas ar sheirbhísí an Gharda Síochána atá ar fáil nach ndéanann idirdhealú ar leibhéal náisiúnta.

Gheall an Coimisinéir go dtabharfaí tacaíocht iomlán le coireacht fuatha agus Ioslamaíocht a bhrath a rinneadh i gcoinne bhaill an phobail Mhoslamaigh.

Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
Bainistíocht níos fearr ar chiontóirí agus ráta laghdaithe atitimeachais	<p><b>Baineadh an sprioc seo amach go páirteach.</b> Forbraíodh agus faomhadh cáipéisí nua beartais agus nós imeachta faoin teideal ‘Cur Chuige Straitéiseach i leith Atitimeachas Ciontóra (SAOR)’ i rith 2016 agus cuirfear i bhfeidhm iad i gcaitheamh 2017.</p> <p>Leanadh leis an bhFreagairt Chomhghníomhaireachta i leith Atitimeachas Ciontóra (J-ARC) a chur ar bun i dtrí roinn i rith na bliana agus i ndiaidh go raibh an rath uirthi, cuirfear breis forbartha i bhfeidhm i ranna breise in 2017.</p>

### Oiliúint ar Chearta Daonna

Déantar Cearta Daonna a phríomhshruthú tríd an oiliúint go léir a chuirtear ar Oifigigh Idirchaidrimh Eitnigh (OIEanna) agus ar Oifigigh LADT agus rinneadh an cur i láthair ‘Caighdeán um Chearta Daonna Bunreachtúla agus Idirnáisiúnta a Chur i bhFeidhm trí Theicnící Póilíneachta Neamh-Idirdhealaithe’ (‘The Application of the Constitutional and International Human Rights Standards through Anti-Discriminatory Policing Techniques’) a chur i láthair go sonrach mar chuid den chúrsa. I rith 2016, soláthraíodh cúrsaí oiliúna do 80 Garda i mBaile Átha Luain, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge.

Cuirtear oiliúint spriocdhírthe ar Ghardaí a bheidh ag fágáil na tíre chun tabhairt faoi sheirbhís i dtír iasachta.

Cuimsíonn an oiliúint ní hamháin breithniúcháin staire agus dhlíthiúla na tíre a mbeidh siad ag fónamh inti, ach le coinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe agus an ról atá acu i maoirseacht a dhéanamh ar chaighdeán um chearta daonna a chur i bhfeidhm i gceantar an mhisin. Cuirtear oiliúint shonrach orthu, chomh maith, maidir le teicnící imscrúdaithe ar shárú a dhéanamh ar chearta daonna. In 2016, cuireadh an oiliúint seo ar 20 Garda.

Soláthraítear modúil do láimhseálaithe agus do rialaitheoirí foinsí faisnéise daonna faoi cheilt (CHIS) sula gceaptar iad. Is éard a thugtar ar an oiliúint seo: ‘Caighdeán um Chearta Daonna Idirnáisiúnta a chur i bhFeidhm i bhFoinsí Faisnéise Daonna faoi Cheilt a Rialú’ (‘The Application of the International Human Rights Standards in the control of Covert Human Intelligence Sources’). Cuireadh an oiliúint seo ar 40 comhalta in 2016.

Táscaire	Dul Chun Cinn
Laghdaithe ar neamhord poiblí agus ar iompar frithshóisialta	<p><b>Baineadh an sprioc seo amach.</b> Tháinig laghdú ar chionta oird phoiblí agus meisce a rinneadh i gcomparáid le 2015 anuas ó 25,347 teagmhas go 23,770 teagmhas (-6%). Chomh maith leis sin, tháinig laghdú anuas go dtí 865 ordú (-31%) ar an líon Orduithe Iompair Fhrithshóisialta a eisíodh i gcomparáid le 2015.</p> <p>Baineadh an sprioc seo amach trí fheachtais ar nós ‘StreetSafe 2016’; agus oibríochtaí agus feachtais shonracha sábháilteachta poiblí atá dírithe ar theagmhais de neamhord poiblí agus d’iompar frithshóisialta a laghdú; agus béim ar leith a leagan ar phóilíneacht ard-infheictheachta agus réamhghníomhach ag imeachtaí ar Lá Fhéile Pádraig agus ag imeachtaí comórtha na Cásca 1916.</p>

### **Cás-Staidéar – Luath-Idirghabháil, Corcaigh**

D'oibrigh Gardaí Pobail i gceantar na Carraige Duibhe i gCorcaigh le gníomhaireachtaí, scoileanna agus naíolanna áitiúla chun clár luath-idirghabhála a fhorbairt do leanaí agus a dtuismitheoirí.

Le blianta beaga anuas, thug na Gardaí faoi deara gur tháinig méadú ar dhrochiompar i measc leanaí óga i gceantar Mhachan/na Carraige Duibhe.

Le tús a chur le dul i ngleic leis seo, bunaíodh clár oiliúna do mhúinteoirí i scoileanna rannpháirteacha. Anuas air sin, fuarthas cistiú chun oiliúint a chur ar oibríthe deonacha ó ghníomhaireachtaí éagsúla laistigh den phobal lena chur ar a gcumas clár PEEP (Comhpháirtíocht Luath-Oideachais Phiaraí) a thabhairt isteach.

Tá gach gníomhaireacht sa phobal a dhéileáilann le leanaí ag oibriú as lámh a chéile chun an córas d'fhadhbanna idirghlúine a bhriseadh. Soláthraítear sa chlár an t-ardán idéalach ónár féidir dul i ngleic leis an tsaincheist lena mbaineann forbairt neamhdhóthanach luath-óige. Meicníocht luathréitigh faidhbe é a d'fhéadfadh cosc a chur ar shaolré de dhíghrádú sóisialta agus pearsanta.

## **Athchiontú a Laghdú**

### **An Oifig Athstíúrtha Óige**

Déanann Oifig Athstíúrtha Óige an Gharda Síochána comhpháirtíocht ar bhonn rialta le Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig (an IYJS) i limistéar Tionscadail Athstíúrtha Óige an Gharda Síochána. Forbraíonn Oifig Athstíúrtha Óige an Gharda Síochána clár agus idirghabháil leis an IYJS agus le páirtithe leasmhara atá bunaithe sa phobal mar chuid den fhoireann 'Dea-Chleachtais' chun treoir a sholáthar do Thionscadail Athstíúrtha Óige an Gharda Síochána agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar seirbhíse.

I rith 2016, sholáthair Oifig Athstíúrtha Óige an Gharda Síochána roinnt cur i láthair don Ghrúpa Oibre a bhunaigh Coimisinéir an Gharda Síochána agus a raibh an Breitheamh Gillian Hussey, a d'ímigh ar scor, mar chathaoirleach air, chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gClár Athstíúrtha.

Chuir an fhoireann ag Oifig Athstíúrtha Óige an Gharda Síochána dhá aonach ar siúl ag Coláiste Oiliúna an Gharda

Síochána a thug obair Oifigigh Idirchaidrimh Óige chun solais, go háirithe i limistéar an cheartais aisíroch agus conas a oibríonn sé chun an díobháil a chur ina cearta dhéantar d'íospartaigh na coireachta.

Labhair Oifig Athstíúrtha Óige an Gharda Síochána, chomh maith, le promhóirí Garda Chéim 3 maidir le hobair an Chláir Athstíúrtha agus an ról atá acu sa chéanna, anuas ar chur i láthair a sholáthar don Chomhdháil Oifigigh Shinsearacha Imscrúdaithe agus Comhdháil an CEPOL maidir le tairbhí an Chláir Athstíúrtha.

### **An Fhreagairt Chomhghníomhaireachta ar Choireacht (J-ARC)**

Tá de chuspóir na comhstraitéise seo idir an Garda Síochána, an tSeirbhís Phromhaidh, agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann chun cur chuige ilghníomhaireachta a chur i bhfeidhm i leith an choireachta a bhainistiú, tús áite a thabhairt do chiontóirí ilghníomhacha áirithe agus tionscnaimh a fhorbairt a rachaidh i ngleic lena n-iompar agus a laghdóidh an choireacht agus a mhéadóidh sábháilteacht phobail, dá bharr.

Tá trí thionscnamh oibríochtúla ann faoi láthair a forbraíodh chun dul i ngleic le hiompar ciontóirí ilghníomhacha a sainaithníodh faoin tionscnamh J-ARC:

- STRIVE Baile Munna

Díríonn seo orthu siúd a bhfuil ardleibhéal díobhála nó de chur isteach á dhéanamh acu i mBaile Munna Thoir. Spreagann an Garda Síochána, an tSeirbhís Phromhaidh agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann, i dteannta gníomhaireachtaí eile, chun na daoine ar a ndíríonn an tionscnamh chun staonadh ón gcoireacht.

- Clár Oibreatha Athraithe BRIDGE

Tá an clár seo lonnaithe i mBaile Átha Cliath, agus oibríonn sé le ciontóirí foréigneacha. Tá sé ailínithe le bainistíocht cáis an Gharda Síochána, bainistíocht cás promhaidh, bainistíocht chomhtháite pianbhreithe agus Filleadh ar an bPobal (faoi Sheirbhís Phríosúin na hÉireann).

- ACER 3

Díríonn seo ar chur chuige comhtháite i leith ciontóirí a ciontaíodh nó a cúisíodh i dtaobh buirgléireachta nó cionta a bhaineann le buirgléireacht i gceantair Bhaile Átha Cliath 8 agus Bhaile Átha Cliath 24. Suíonn sé an ciontóir ag lár an phróisis agus soláthraíonn sé freagairt chomhdaithe a shainaithníonn a riachtanais, láidreachtaí agus an riosca trí

chomhoibriú idirghníomhaireachta.

I ngeall ar chur i bhfeidhm rathúil thionscnamh ACER 3 J-ARC, cuireadh síneadh breise ar an gclár píolótach chun Port Láirge, Cathair Luimnigh agus Dún Dealgan a chuimsiú.


### Sábháilteacht ar Bhóithre

Ar an drochuair, tháinig méadú suntasach ar an líon daoine a maraíodh ar na bóithre in 2016 i ndiaidh gur maraíodh 188 duine i 176 imbhuilteacht marfach. B'ionann seo agus méadú 16% ar bhásanna agus méadú 14% ar imbhuilteacht marfacha ón mbliain 2015 ar aghaidh.

B'ionann a leanas na básanna de réir úsáideoir bóthair:

- 83 Tiománaí (44%)
- 38 Paisinéir (20%)
- 35 Coisí (19%)
- 10 Rothaí (5.5%)
- 21 Gluaisrothaí (11%)
- 1 Phaisinéir cúlóige (0.5%)
- 1 Pillion passenger (0.5%)

Maraíodh 140 fear agus 48 bean in imbhuilteacht marfach um thrácht ar bhóithre. Ba é an lá a chruthaigh an riosca ba mhó ar an mbóthar Dé Domhnaigh, agus thit 20.7% de na himbhuilteacht marfacha go léir amach ar an lá sin.



\*MR3M = Meán rollach 3 mhí, MR12M = Meán rollach 12 mhí

Idir 4pm agus 6pm an t-am sa lá a chruthaigh an riosca ba mhó ar an mbóthar, agus thit 15.4% de na himbhuilteacht marfacha go léir amach sa tréimhse seo. Bhí nach mór an tríú cuid (32%) de gach bás idir 16 agus 30 bliain d'aois agus ní raibh aon chrios sábhála á chaitheamh ag beagnach an ceathrú cuid (23%) de gach duine a maraíodh i bhfeithicil ag tráth an imbhuilteacht.

### Gníomhaíocht Forfheidhmithe

Tugadh faoin iomaí oibríocht forfheidhmithe i gcaitheamh na bliana agus é mar chuspóir acu tiománaithe ar strae a bhrath agus iompar úsáideoirí bóthair a athrú, go háirithe maidir le cionta is minice go mbíonn básanna mar thoradh orthu.

Go háirithe, tháinig méadú 9% ar an líon gabhálacha a rinneadh i ngeall ar thiomáint ar meisce in 2016 i gcomparáid le 2015, agus tháinig méadú 2% ar an líon seicphointí le haghaidh tiomáint ar meisce.






	2015	2016	Athrú	Céatadán Athrú
Tiomáint faoi thionchar an óil	7,417	8,064	+647	+9%
Seicphointí tiomána faoi thionchar an óil	75,331	76,752	+1,421	+2%
Teagmhais iompair ar bóthar	3,980	3,994	+14	0.35%
Tiomáint Chontúirteach	5,184	5,394	+210	+4%
Alt 41 Coinneáil Feithicilí	2,3031	29,283	+6,252	+27%
Tiomáint ar Luas	2,17931	17,1628	-46,303	-21%
Criosanna	1,0841	9,800	-1,041	-10%
Gutháin Phóca	2,8777	28,095	-682	-2.5%

\*Tagraíonn tiomáint faoi thionchar an óil do ghabhálacha, tagraíonn gach staitistic eile do chionta a braitheadh

### An tAonad um Shábháilteacht ar Bhóithre

Anuas ar oibríochtaí traidisiúnta forfheidhmithe, tugadh faoi roinnt idirghabhálacha breise oideachais. Thit dhá lá "Moilligh" amach, anuas ar Thionscadal EDWARD (Lá na hEorpa gan Bás ar Bhóthar) agus feachtais in aghaidh tiomáint ar meisce na Nollag agus na hAthbhliana a rinneadh a phoibliú go fairsing i measc ardáin uile na meán sóisialta. Anuas air sin, d'fhreastail an tAonad um Shábháilteacht ar Bhóithre ar an gComórtas Náisiúnta

Treabhadóireachta agus ar Thaispeántas na nEolaithe Óga.






Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
<p>Sábháilteacht fheabhsaithe ar ár mbóithre agus inár bpobail</p>	<p><b>Níor baineadh an sprioc seo amach.</b> Nuair a chuirtear 2015 agus 2016 i gcomparáid lena chéile, tháinig méadú aníos ó 155 go dtí 176 (+14%) ar an líon imbhuailtí marfacha. Tháinig méadú aníos ó 162 go dtí 188 (+16%) ar líon na mbásanna. Tháinig méadú ar imbhuailtí inar gortaíodh daoine go dona aníos ó 352 go dtí 497 (+41%) agus tháinig méadú ar an líon gortuithe tromchúiseacha aníos ó 404 go dtí 517 (+28%).</p> <p>Tháinig laghdú ar thiomáint ar luas a braitheadh, iad siúd a idirghabhadh (-12%) agus nár idirghabhadh (-23%) araon; tháinig laghdú 11.9% ar an líon uaireanta a braitheadh daoine gan criosanna sábhála á gcaitheamh acu; agus laghdú 3.5% ar an líon uaireanta a braitheadh daoine agus guthán póca á úsáid acu. Tháinig laghdú 9% ar an líon Seicphointí Tástála Alcóil Sainordaithe, a ndearnadh 68,478 díobh.</p> <p>Tugtar tús áite do Phóilíníú Bóithre i bPlean Póilíneachta 2017. Tá roinnt beart le cur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an treocht in 2016, an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí agus uirlisí anailíseacha a mhéadú chun imbhuailtí bóthair a laghdú agus Cór Tráchtá an Gharda Síochána a threisiú agus a athfhorbairt ina measc siúd.</p>
<p>Córas Próiseála Muirir Sheasta níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla agus cuntasacht níos mó</p>	<p><b>Baineadh an sprioc seo amach.</b> Forbraíodh bogearraí nua chun tacú le húsáid fheabhsaithe a bhaint as teicneolaíocht an Chórais Phróiseála Muirear Seasta (FCPS) agus rinneadh iad a thástáil faoi dheireadh na bliana. Titfidh cur i bhfeidhm amach i ráithe 1 2017.</p>
<p>Rochtain níos mó ar theicneolaíocht uathaitheanta uimhirphlátaí (ANPR) chun coirpigh agus ciontóirí bóthair a rianú agus spriocdhíríú orthu</p>	<p><b>Níor baineadh an sprioc seo amach.</b> Mar gheall ar an ngá atá le soiléiriú dlíthiúil ó Oifig an Ard-Aighne, cuireadh an tionscadal chun an úsáid a bhaintear as teicneolaíocht ANPR a fhairsingiú siar.</p> <p>Fillfear ar an tsaincheist seo a luaithe a chuirtear soiléiriú ar fáil maidir le hiarmhairtí dlíthiúla na húsáide a bheartaítear a bhaint as ANPR i dtaobh réimse níos fairsinge de ghníomhaíochtaí póilíneachta.</p>



# Seirbhísí Traseagraíochta

Tugtar faoi obair laethúil Ghardaí timpeall na tíre i gcomhar le agus le cúnamh ó líon mór seirbhísí tacaíochta. Sonraítear sa mhír seo obair na n-aonad seo, idir obair na hOifige um Thrasfhoirmiú Straitéiseach a chuireann an Clár Nuachóirithe agus Athnuachana chun cinn, agus Coláiste an Gharda Síochána a chuireann oiliúint ar earcaithe nua.



## Nuálaíocht agus Éifeachtúlacht

### An Oifig um Thrasfhoirmiú Straitéiseach (an STO) agus an Clár Nuachóirithe agus Athnuachana (an CNA)

Clár mór oibre atá sa CNA a chuirfidh tionscadail éagsúla i bhfeidhm de réir a chéile chun Eagraíocht an Gharda Síochána a chlaonadh i gcaitheamh tréimhse cúig bliana. Tá an clár á chur chun cinn ag an Oifig um Thrasfhoirmiú Straitéiseach (an STO).

I dtaobh clár ar bith den mhéid seo, agus go leor leor tionscadal le bainistiú, tá sé ríthábhachtach gurb ann do struchtúr daingean rialachais. Caithfidh an clár a bheith



Boird Chláir an CNA

solúbtha, chomh maith, chun go dtiocfaidh athrú air ar aon dul le héilimh athraitheacha, agus thaispeáin an CNA é seo i gcaitheamh 2016 nuair a rinne sé tionscadail a oiriúnú agus tús eile áite a thabhairt do thionscadail mar fhreagairt do thosaíochtaí athraitheacha póilíneachta sna pobail ar a bhfreastalaímid. Sampla de seo is ea cuimsiú agus beartú tosaíochta.

Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
Acmhainn fheabhsaithe freagartha do ghlaonna le haghaidh seirbhíse	<b>Baineadh an sprioc seo amach go páirteach.</b> Cuireadh tús le tionscadal a bhí in ainm is réiteach eatramhach a sholáthar ar an tsaincheist ina ndéantar caighdeánú ar an mbealach a sheoltar Gardaí amach chun déileáil le glaonna ar sheirbhís tríd an gClár Nuachóirithe agus Athnuachana (an CNA). Faomhadh i bprionsabal pleananna chun ceithre Sheomra Rialaithe a bhunú agus ceapadh Úinéirí Gnó do gach ceann de na ceithre tionscadal siúd. Tá an obair seo ar bun in 2017, ar feitheamh go bhforbraítear agus go gcuirtear seirbhís bharrfheabhsaithe seolta glaonna i bhfeidhm go náisiúnta sna blianta amach romhainn.
Seirbhís seomra rialaithe níos fearr don eagraíocht agus don phobal	<b>Baineadh an sprioc seo amach go páirteach.</b> Faoi mar a leagtar amach thuas, cuireadh tionscadal a bhí in ainm is réiteach eatramhach a sholáthar ar an tsaincheist ina ndéantar caighdeánú ar an mbealach a sheoltar Gardaí amach chun déileáil le glaonna ar sheirbhís go mór chun cinn i rith na bliana.  Lean obair, chomh maith leis sin, faoin gClár Nuachóirithe agus Athnuachana chun seirbhís seolta glaonna atá barrfheabhsaithe go mór a fhorbairt go náisiúnta sna blianta amach romhainn.

Chóras Frithsciúrtha Airgid an Rialtais (GoAML). Beidh an tionscadal seo mar chuid lárnach de chlaochlú an Gharda Síochána maidir le dul i ngleic le coireacht eagraithe, a fáltais agus an maoiniú a dhéanann sé ar sceimhlitheoireacht.

B'iomáí garsprioc a baineadh amach in 2016.

- Rialachas

Croíghné den Chlár Nuachóirithe agus Athnuachana a bhí i gceithre Bhord Cláir nua a bhunú agus a chur i bhfeidhm atá freagrach as an líon tionscadal agus a sholáthraíonn struchtúr comhsheasmhach rialachais do gach tionscnamh a thagann faoina sainchúram.

Thugamar isteach sé Bhord Rialachais a chuirfidh rialachas chun cinn ar fud na heagraíochta agus cinnteoidh siad maoirseacht, cuntasacht agus comhlíonadh. Cinnteoidh na struchtúir seo go mbogaimid chun cinn i dtreo sholáthar rathúil an chláir seo.

Forbraíodh próisis shainithe rialachais agus an Chláir Bhainistíochta Cláir (an PMO) lena chinntiú go gcuirtear cur chuige gairmiúil i bhfeidhm, go ndéantar déine agus cáilíocht a leabú, agus go mbaintear cur i bhfeidhm rathúil amach don chlár.

Tá feidhm thuairiscithe forbartha ag an STO, chomh maith, chun tuairisciú a dhéanamh ar conas atá an eagraíocht ag dul i ngleic le moltaí inmheánacha agus seachtracha.

- Soláthar Tionscadal

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le tionscadail a chur chun cinn tríd an gClár Nuachóirithe agus Athnuachana. Tugadh tús áite do gach tionscadal laistigh den chlár agus rinneadh iad a leithdháileadh do bhord amháin as ceithre bhord cláir lena gcur i gcrích.

Tá daichead a cúig tionscadal á gcur chun cinn faoi láthair trí na ceithre bhord cláir.

- Feasacht agus tuiscint a chruthú

















Bhí an Clár Nuachóirithe agus Athnuachana comhfhiosach lena chinntiú go ndéantar gach iarracht in 2016 chun feasacht agus tuiscint ar an gClár a chur chun cinn ar aon dul leis an iomaí tairbhe a chruthóidh sé do gach pearsanra den Gharda Síochána.

Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
Seirbhís nua-aimseartha agus athchóirithe phóilíneachta agus slándála a sholáthar go leanúnach	<p><b>Baineadh an sprioc seo amach.</b> Bunaíodh mol lárnach acmhainní oilte (an Oifig um Thrasfhoirmiú Straitéiseach) chun an Clár Nuachóirithe agus Athnuachana a bhainistiú, a chomhordú agus a sholáthar.</p> <p>Rinne Feidhmeannacht an Gharda Síochána samhail rialachais an chláir um thrasfhoirmiú agus an cur chuige um bainistiú an chláir a shainiú agus chuir sí a hainm leo i Márta 2016.</p> <p>Cuireadh Cruinnithe Bhord an Chláir ar bun i gcaitheamh gach míosa chun tacú le dul chun cinn gach tionscadail a bhí á chur i bhfeidhm faoi láthair.</p>
Feidhmíocht agus forbairt fheabhsaithe chomhaltaí Garda agus foireann Gharda	<p><b>Baineadh an sprioc seo amach go páirteach.</b> Tionscnamh atá sa PALF laistigh den Chlár Nuachóirithe agus Athnuachana. Áireofar leis an tionscnamh seo creat bainistíochta feidhmíochta agus córas TF a imlonnú chun treoir, aiseolas agus tacaíocht forbartha do chomhaltaí a sholáthar.</p> <p>Cuirfear an sprioc chun cinn in 2017 ar feitheamh comhaontú le ceardchumainn agus le comhlachais ionadaíochta.</p>

Tionscadal	Tionscadail a Críochnaíodh Cur Síos
An Córas Bainistíochta Maoine agus Foilseán Cuid 1	Maoin agus foilseán a chur i dtaifead go leictreonach
Ríomh-Ghrinnfhiosrúchán	An tsaoráid chun iarratais ar líne a phróiseáil laistigh de Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána
FIND de chuid Interpol	Cuireann seo ar chumas Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce cuardach a dhéanamh laistigh de Bhunachar Cáipéisí Taistil Goidte agus Cailte Interpol
Rochtain Bharrfheabhsaithe Líonra ar Stáisiúin Tuaithe	Rochtain líonra a thabhairt do gach stáisiún Gardaí tuaithe
Cúnamh d'Fhostaithe – Seirbhís 24 Uair an Chloig	Seirbhís tacaíochta agus atreoraithe 24 uair an chloig
Tús curtha le hOiliúint Bainistíochta Riosca	Oiliúint a chuirtear ar Lucht Bainistíochta Sinsearach an Gharda Síochána, a chomhéascaíonn Aonad nua Bainistíochta Riosca an Gharda Síochána agus an Chumainn Idirnáisiúnta Phóilíní
Bunaíodh Aonad Tacaíochta faoi Airm i gCeantar Cathrach Bhaile Átha Cliath	Freagairt thánaisteach faoi airm a sholáthar le haghaidh faisnéis chriticiúil

Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
Cur chuige comhsheasmhach i leith forbairt agus athbhreithniú beartais	<p><b>Baineadh an sprioc seo amach go páirteach.</b> Tá creat beartais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm mar chuid den Chlár Nuachóirithe agus Athnuachana agus cuireadh é chun cinn i gcaitheamh na bliana. Áirítear leis an tionscnamh na cúig chéim (tionscadail) seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Struchtúr Rialachais Beartais</li> <li>• Maitrís Úinéireachta Beartais</li> <li>• Iniúchadh ar Cháipéis Rialachais</li> <li>• Stór Lárnach</li> <li>• Láithreán Gréasáin agus Tairseach an Gharda Síochána</li> </ul> <p>Cuireadh tionscadal an Struchtúir Rialachais Bheartais agus na Maitrise Úinéireachta Beartais chun cinn in 2016. I measc na hoibre, bhí forbairt ar phróiseas rialachais beartais; ordlathas cáipéis beartais; cáipéisí teimpléid chun cabhrú le scríbhneoirí beartais; cáipéisí 'conas X a dhéanamh' chun beartas a fhorbairt, a chur i bhfeidhm, a mhonatóiriú agus a athbhreithniú; dréacht-Mhaitrís Úinéireachta Beartais agus réimse de cháipéisí tacaíochta agus ábhair um chur i láthair.</p> <p>Táthar ag súil leis go gcuirfean an creat nua i bhfeidhm i ráithe 2 2017.</p>
Próisis fheabhsaithe riaracháin agus maorlathas laghdaithe	<p><b>Baineadh an sprioc seo amach go páirteach.</b> Rinneadh dul chun cinn suntasach chun Feidhm Sheirbhísí Corparáideacha a bhunú i gcaitheamh na bliana. Tionscnamh ilbhliana atá ann seo laistigh den Chlár Nuachóirithe agus Athnuachana agus leanfar ar aghaidh leis i gcaitheamh 2017.</p>

## Tionscadail and Chláir Nuachóirithe agus Athnuachana 2016

<p>Seoladh an Chláir Nuachóirithe agus Athnuachana, plean cuimsitheach agus mionsonraithe 5 bliana chun an eagraíocht a ghairmiúlú agus a nuachóiriú</p>		<p>Sé Bhord Rialachais don eagraíocht arna mbunú a mhéadaigh rialachas agus maoirseacht ar fud an Gharda Síochána</p>	
<p>An Córas Bainistíochta Maoine agus Foilseán (PEMS 1) a chinntigh go dtaifeadtar go leictreonach an mhaoin agus na foilseáin go léir atá faoi choimeád an Gharda Síochána</p>		<p>D'fheabhsaigh FIND Interpol slándáil náisiúnta agus chinntigh sé, chomh maith, gur choimeád Éire a stádas tarscaoilte víosa SAM agus go gcomhlíonann sí rialacháin an AE i gcónaí</p>	
<p>Rinneadh Úinéirí Gnó a shannadh agus a shlógadh le haghaidh breis agus 40 tionscadal fadréimseach a sholáthrófar go luath</p>		<p>I ndiaidh cur chun feidhme Ríomh-Ghrinnfhiosrúcháin, laghdaíodh an t-am a ghlacann sé chun iarratais a phróiseáil ó chúig seachtaine go dtí ach cúig lá</p>	
<p>Bunaíodh Aonad Tacaíochta faoi Airm nua laistigh de RCBÁC chun patrólú ard-infheictheachta agus freagairt a sholáthar i gcoinne coireacht eagraithe agus grúpaí sceimhlitheoireachta</p>		<p>Bunaíodh Oifig Idirchaidrimh an Údaráis Phóilíneachta chun cabhrú leis an Údarás Póilíneachta lena chuid oibre</p>	
<p>Fuair deich stáisiún tuaithe rochtain ar líonra an Gharda Síochána agus ar chórais ghaolmhara agus táthar ag súil leis go ndéanfar líonrú ar 100 ceann breise faoi dheireadh 2017</p>		<p>Seoladh Beartas um Nochtadh Cosanta lena chinntiú go n-éistfear agus go dtacófar go hiomlán le haon duine aonair atá sa Gharda Síochána a thugann saincheisteanna chun solais</p>	
<p>Méadaíodh flít an Gharda Síochána go mór agus infheistíodh nach mór €1 milliún i bhfeithiclí iompair</p>		<p>Rinneadh cillíní i 66 stáisiún Gardaí ar fud na tíre a athchóiriú mar chuid den Chlár Athchóirithe Cillíní</p>	
<p>I ndiaidh breis agus 650 comhalta nua Garda faoi mhionn a iontógáil, tá na líonta san eagraíocht i ndiaidh an leibhéil is airde a bhaint amach ó 2013 i leith</p>		<p>Cuireadh tionscadail shuntasacha tógála agus athchóirithe chun cinn, Ceannteathrú Réigiúnach nua ag Gaillimh agus Ceannteathrú Roinne nua ar Shráid Loch Garman agus Sráid Chaoimhín, Baile Átha Cliath</p>	
<p>Tá tacaíocht rúnda do chomhghleacaithe a bhíonn thíos le tráma san ionad oibre le soláthar ag Oiliúint na Seirbhíse um Piarthacaíocht do Shibhialtaigh do líonra pearsanra sibhialtacha</p>		<p>Seoladh líne chabhrach neamhspleách rúnda 24-7 lena chinntiú go dtacaítear le comhaltaí ar réimse fairsing saincheisteanna a bhaineann leis an obair agus le cúrsaí pearsanta</p>	

## **An tAonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána (an GPSU)**

In 2016, lean an tAonad le maoirseacht inmheánach a sholáthar trína phróiseas cuimsitheach scrúdaithe agus athbhreithnithe, i gcomhréir lena shainchúram reachtúil.

I rith na bliana, rinne an GPSU monatóireacht ar chomhlíonadh bheartas leasaithe um chealú an FCPS agus thug sé faoi iniúchtaí chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na míreanna ábhartha de Chód Cleachtais um Chosaint Sonraí an Gharda Síochána.

Anuas ar Rannóg Iniúcháireachta Inmheánaí an Gharda Síochána (an GIAS), sholáthair an GPSU próiseas neamhspleách maoirseachta, chomh maith, maidir le próiseas Cigireachta agus Athbhreithnithe an Gharda Síochána.

Rinne an tAonad idirchaidreamh le páirtithe leasmhara seachtracha iomadúla i gCoimisiúin Imscrúdúcháin, Fiosrúcháin faoi Mhionn, an Phríomh-Oifig Staidrimh, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus Cigireacht an Gharda Síochána.

I gcaitheamh scrúduithe oibríochtúla i gcaitheamh na bliana, shainaithin an GPSU ceisteanna eagraíochtúla agus bearta beartaithe feabhsaithe feidhmíochta do bhainistíocht shinsearach an Gharda Síochána.

Rinne an tAonad cur i láthair rialta, chomh maith, le mic léinn Chéim II agus leis an bpearsanra maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach agus cúrsaí ardaithe céime d'fhonn caighdeán níos airde chleachtais a chothú laistigh den eagraíocht.

## **Athchóiriú Ceartais**

Tá clár athchóirithe ceartais an Rialtais dírithe ar chuntasacht an Gharda Síochána a threisiú. Déanann an Coiste Comh-Aireachta um Athchóiriú Ceartais maoirseacht ar dhul chun cinn an chláir, agus tá an Taoiseach ina chathaoirleach air.

Is éard atá mar bhunchloch de chlár athchóirithe an Rialtais ná athchóiriú reachtaíochta agus aghaid ar reachtaíocht an 18 Nollaig 2015 chun Údarás Póilíneachta neamhspleách a bhunú. Chuir an tÚdarás tús le hoibriú an 1 Eanáir 2016.

Bhunaigh an Garda Síochána Oifig Idirchaidrimh an Údaráis Phóilíneachta sa chéad ráithe in 2016 chun tacú go

gníomhach leis an Údarás ina fheidhm reachtaíochta agus chun comhchaidreamh dearfach a bhaint amach agus a chothú. Bainistíonn an Oifig idir fhaisnéis agus cháipéisíocht a sholáthar don Údarás Póilíneachta, agus déanann sí idirchaidreamh leo chun ullmhú a dhéanamh do chruinnithe leis an nGarda Síochána. I rith 2016, fuair an Oifig Idirchaidrimh breis agus 200 iarraidh ar fhaisnéis/ cháipéisíocht agus soláthraíodh breis agus 400 cáipéis.

Shocraigh an Oifig Idirchaidrimh breis agus 40 cruinniú idir an Garda Síochána agus an tÚdarás i rith na bliana. Cuireadh 12 chruinniú, ar an iomlán, ar bun leis an gCoimisinéir in 2016, agus reáchtáladh cúig cinn díobh siúd go poiblí. Bhunaigh an tÚdarás trí Choiste (Straitéis agus Feidhmíocht Phóilíneachta, Ceapacháin agus Cód Eitice) agus d'fhreastail an Garda Síochána ar 14 chruinniú i measc na gCoistí.

In Iúil 2016, rinne an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an Garda Síochána comhaontú ar Chreat Rialachais. Leagtar amach sa cháipéis an creat fairsing rialachais agus cuntasachta ina n-oibríonn an Garda Síochána. Ina theannta sin, sainítear ann príomhróil agus príomhfhreagrachtaí a bhuntacaíonn leis an gcaidreamh idir an Garda Síochána agus an Roinn, an tAire agus an Rialtas.

Cuirfear creataí rialachais ar leith i dtoll a chéile maidir le Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, Cigireacht an Gharda Síochána agus an tÚdarás Póilíneachta, chun an caidreamh atá acu leis an Roinn agus leis an nGarda Síochána a thabhairt san áireamh.

Chuir an Garda Síochána Creat Rialachais Chorparáidigh i gcrích in 2016, chomh maith, a chomhlíon príomhghníomh de Phlean Athnuachana na Státseirbhíse. Is é cuspóir an Chreata Rialachais Chorparáidigh chun achoimre shoiléir a sholáthar ar na príomhghnéithe Rialachais Chorparáidigh sa Garda Síochána. Chun gnéithe dea-chleachtais a bhaint amach, caithfidh ceannaireacht éifeachtach a bheith sa Garda Síochána, ar a bhfuil comhfhreagracht as a thiomantas do luachanna, prionsabail agus cuspóirí eiticiúla, fad a oibrítear ar mhaithe le leas an phobail agus laistigh den chreat reachtaíochta.

Leagtar amach sa Chreat Rialachais seo na struchtúir agus socruithe oibre a chomhdhéanann creat rialachais inmheánaigh agus bainistíochta sinsearaí an Gharda Síochána faoi mar a forbraíodh go dtí seo iad. Leanfaidh an eagraíocht lena struchtúir, próisis agus nósanna imeachta a

fhorbairt, agus leis an gcreat a nuashonrú de réir mar a leanann sí leis an gClár Nuachóirithe agus Athnuachana a chur i bhfeidhm.

Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
Feabhas curtha ar cháilíocht sonraí	<p><b>Baineadh an sprioc seo amach go páirteach.</b> Cuireadh feabhas ar cháilíocht sonraí trí roinnt tionscnamh:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Rinne Ionad Seirbhísí Faisnéise an Gharda Síochána (GISC), atá freagrach as teagmhais a chur i dtaifead agus a athbhreithniú ar chóras ríomhaire PULSE, roinnt athruithe maidir leis an mbealach a dhéantar athbhreithniú ar Theagmhas PULSE. Go sonrach, cuireadh feabhas ar spriocdhíriú ar acmhainní teoranta athbhreithneora. Rinneadh seo tríd an úsáid a fhairsingiú a bhaintear as ‘athbhreithnithe uathoibrithe’ a dhéanamh ar theagmhais ísealriosca aníos go dtí 193,359 athbhreithniú in 2016 (aníos ó 116,546 in 2015); agus trína chinntiú go ndearnadh teagmhais ónar theastaigh ‘an chéad athbhreithniú’ a shainaithe agus a athbhreithniú agus gur tugadh tús áite dóibh i rith na bliana. Anuas air sin, cuireadh lámhleabhar mionsonraithe cruthaithe teagmhais ar fáil agus leanadh lena choimeád nuashonraithe ar Thairseach inmheánach an Gharda Síochána ar mhaithe le héascaíocht tagartha i measc comhaltaí agus sibhialtach araon.</li> <li>Cuireadh leagan 6.8 de PULSE i bhfeidhm don chéad bhliain iomlán in 2016. Rinne an cur i bhfeidhm athruithe ní hamháin ar bhogearraí chun cabhrú le tacaíocht a sholáthar d’íospartaigh agus bainistíocht bharrfheabhsaithe teagmhais a sholáthar; ach athruithe a sholáthar ar phróisis a thacaíonn lena chur i bhfeidhm; agus ar ról agus freagrachtaí sonracha a fhorbairt chun tacú le feabhsúcháin ar cháilíocht sonraí agus ar athbhreithniú éifeachtach a dhéanamh ar gach teagmhas PULSE.</li> <li>Faoi mar a luaitear thuas, cuireadh cur i bhfeidhm an Chórais Bhainistíochta Maoine agus Foilseán (PEMS) ar fud na tíre i gcrích, agus rinne an obair dul chun cinn i gcaitheamh na bliana ar chóras PEMS nua a fhorbairt chun roinnt feabhsúchán a sholáthar, córais PEMS agus PULSE a chomhtháthú agus comhéadan slán a fhorbairt le bogearraí a úsáideann Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann (EFÉ) ina measc siúd; chuir agus cuirfidh iad siúd go léir le feabhsúcháin ar cháilíocht sonraí.</li> </ul>

## Airgeadas

### Straitéis Comhshaoil

In 2016, bhain Foireann an Tionscadail Bhainistíochta Fuinnimh sa Gharda Síochána Deimhniúchán Bainistíochta Fuinnimh ISO amach. Tá an Garda Síochána anois ar cheann de na chéad seirbhísí póilíní ar domhan chun deimhniúchán ISO 50001 a bhaint amach agus tá sé i measc na bpríomheagraíochtaí earnála poiblí in Éirinn (os cionn an 26ú peircintíl) i dtaobh feidhmíocht fuinnimh i ndiaidh coigiltí fuinnimh 17.3% a bhaint amach cheana féin i dtreo a sprice 33% faoi 2020.

Le linn na nDámhachtainí Fuinnimh Inbhuanaithe in 2016, ainmníodh an Garda Síochána mar iomaitheoir sa bhabhta ceannais do Dhámhachtain na hEarnála Poiblí i ngeall ar obair na foirne fuinnimh i dtaobh straitéis agus clár gníomhaíochtaí a leanúint bunaithe ar agus brúite chun cinn ag caighdeán ISO 50001. Chabhraigh an obair seo leis an bhfoireann fuinnimh, chomh maith, chun an

Dámhachtain Soláthair Náisiúnta a bhuanach in 2016 i dtaobh Thionscadal Glas na bliana.

### Soláthar

Rinneadh an méid a leanas in 2016:

- D’fhoilsigh an Garda Síochána 9 dtairiscint
- D’fhoilsigh an OSR 17 dtairiscint agus bhí an Garda Síochána mar chuid den Fhoireann Foinsithe
- Bhronn an Garda Síochána 29 conradh in 2016 i ndiaidh chleachtais soláthair 2015/16
- Bhronn an Garda Síochána 15 chonradh i ndiaidh gur bunaíodh Creataí an OSR

Anuas air sin, rinne Soláthar an Gharda Síochána próiseáil ar an méid a leanas:

- 37 tairiscint facsáilte
- 74 síneadh/athnuachan conartha

Mar an ghníomhaireacht cheannais soláthair le haghaidh Comhlachtaí Stáit, an Garda Síochána ina measc, tá an OSR freagrach as catagóirí ar leith caiteachais a fhoinsiú agus tairiscint a dhéanamh dóibh. Cuireann Soláthar an Gharda Síochána liosta mionsonraithe de chonarthaí faoi bhráid bhainistíocht an OSR gach bliain lena gcuimsiú i bplean Sheirbhís an OSR don bhliain dar gcionn.

Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
<p>Comhoibriú feabhsaithe le comhlachtaí maoirseachta</p>	<p><b>Baineadh an sprioc seo amach.</b> Lean an Garda Síochána le moltaí agus aiseolas ó Chigireacht an Gharda Síochána a chur i bhfeidm. Leanadh le hidirchaidreamh a dhéanamh i gcaitheamh na bliana leis an gCigireacht maidir le moltaí Thuarascálacha 6, 7, 8, 9, agus 10 Chigireacht an Gharda Síochána. Cuireadh freagairt maidir le Tuarascáil 11 faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais; agus tugadh miontuairiscí do Chigireacht an Gharda Síochána maidir leis an gClár Nuachóirithe agus Athnuachana.</p> <p>Bunaíodh Oifig Idirchaidrimh an Údaráis Phóilíneachta faoi shainchúram an Leas-Choimisinéara, Rialachas agus Straitéis; agus d'ainmnigh an Coimisinéir ionadaithe Garda chun cabhrú leis an Údarás Póilíneachta lena chuid oibre.</p> <p>Thug Coimisinéir agus Cathaoirleach an Údaráis faoi athbhreithnithe ar dhréacht-Socrúithe Caidrimh i Samhain. Tá comhaontú le déanamh ar leasuithe deiridh ag an gcruinniú ráithiúil idirchaidrimh in Eanáir 2017.</p> <p>Shocraigh Oifig Idirchaidrimh an Údaráis Phóilíneachta cruinnithe iomadúla i gcaitheamh na bliana agus d'éascaigh sé iarrataí ar fhaisnéis agus ar cháipéisíocht ón Údarás.</p> <p>Tacaíodh leis an GSOC i gcaitheamh 2016 trí nósanna imeachta comhaontaithe oibriúcháin a fhorbairt faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Glacadh leo seo go léir agus bhí siad go hiomlán i bhfeidhm ag deireadh na bliana. Éascaíodh cruinnithe démhíosúla bainistíochta. Leanadh le dea-chleachtas a thabhairt isteach i ranna, chomh maith, le haghaidh imscrúduithe ar ghearáin agus ar dhisciplín agus ar phrótacail idirghníomhaireachta a chomhlíonadh i rith na bliana.</p>
<p>Caidreamh feabhsaithe gairmiúil agus comhoibritheach le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta</p>	<p><b>Baineadh an sprioc seo amach.</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• I rith na bliana, forbraíodh straitéis cumarsáide leis an PSNI don Tascfhórsa Comh-Ghníomhaireachta agus cuireadh tús lena cur i bhfeidhm.</li> <li>• Cuireadh cruinnithe ar bun le príomhsholáthraí fóntais náisiúnta maidir le saincheisteanna a bhí ina gcomhábhar buartha, ar nós shlándáil an bhonneagair chriticiúil.</li> <li>• Leanadh le hidirchaidreamh a dhéanamh leis an lucht léinn i réimse an staidéir ar sceimhlitheoireacht idirnáisiúnta agus cibearshlándáil.</li> <li>• Rinne an Ceann Iniúcháireachta Imheánaí idirchaidreamh leis an bhForas Riaracháin chun an Seoladh leis an gCúrsa Iniúcháireachta Imheánaí a sholáthar.</li> <li>• Leanadh le páirt a ghlacadh, chomh maith, i dtionscadail taighde an AE maidir le Horizon 2020, an Ciste um Shlándáil Imheánach (an CSI) agus an 7ú Creat-Chlár i rith na chéad ráithe de 2016.</li> </ul> <p>Thit plé amach, ina theannta sin, leis an BBC maidir le clár faisnéise a tháirgeadh maidir leis an gcoireacht trasteorann.</p>

Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
Éifeachtúlacht mhéadaithe oibríochtúil ar chostas laghdaithe	<b>Baineadh an sprioc seo amach.</b> Cuireadh conarthaí i bhfeidhm chun bacainní a fhrúiliú agus le haghaidh oiliúint bainistíochta riosca. Foilsíodh oiliúint closamhairc don seomra ranga agus tairiscintí trealaimh ghrianghrafacha. Bhí conradh le haghaidh seirbhísí leighis do dhaoine atá á gcoinneáil ar bun agus leanadh ag dul i mbun comhairliúcháin ag deireadh na bliana le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le cáilíochtaí agus sonraí staitistiúla maidir le húsáid dochtúirí. Cuireadh Conradh Seirbhísí Comhairleoireachta i gcrích agus seoladh an tseirbhís. Tugadh tairiscint láithreán gréasáin an Gharda Síochána chun críche agus síníodh conradh. Sheol an Oifig um Sholáthar Rialtais (an OSR) Creat-Chomhaontuithe nua d'earraí leictreacha agus soláthairtí glantacháin. Reáchtáil an Garda Síochána agus an OSR sraith iomaíochtaí i ráithe 4 2016. Leanfar le comhoibriú a dhéanamh leis an OSR in 2017.

### Bainistíocht Eastáit

Leanadh le dul chun cinn a dhéanamh in 2016 ar Stáisiúin nua Ceanncheathrú Roinne ar Shráid Chaoimhín agus Sráid Loch Garman agus ar Stáisiún Réigiúnach/Ceanncheathrú Roinne nua a fhorbairt i nGaillimh.

Is ionann na tionscadail seo agus nuachóiriú mór a dhéanamh ar bhonneagar an Gharda Síochána agus cuirfidh na saoráidí nua seo an méid a leanas ar fáil don Gharda Síochána:

- saoráidí feabhsaithe oifige agus bainistíochta teagmhais;
- limistéir oiriúnacha chun casadh le muintir an phobail;
- saoráidí tiomnaithe le haghaidh bainistíocht coimeáda;
- saoráidí barrfheabhsaithe oiliúna do chomhaltaí;
- saoráidí stórála le haghaidh earraí maoine agus fianaiseacha;
- saoráidí oiriúnacha leasa do chomhaltaí agus foireann Gharda.

Foirgnimh chathartha shainchomhartha a bheidh sna stáisiúin nua ina bpobail faoi seach agus tacaíonn siad le hathnuachan agus nuachóiriú an Gharda Síochána.

### Tithíocht an Gharda Síochána in 2016:

Athchóiríodh **66** cillín

**Tionscadail a críochnaíodh** faoi *Chlár Infheistíochta Caipitil an Gharda Síochána 2016-2022*:






- oibreacha ríthábhachtacha feabhais ar stáisiún Choill an Chollaigh, Contae an Chabháin;
- oibreacha sábháilteachta agus uasghrádála do bhloc amháin i gColáiste an Gharda Síochána;
- oibreacha sábháilteachta agus uasghrádála i stáisiún Shráid Anraí, Luimneach;
- tógáil ar Stór PEMS i gCaisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo;
- tógáil ar Stór PEMS in Inis, Contae Clár.



Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
Saoráidí feabhsaithe le haghaidh bainistíocht maoine agus ábhar fianaiseach	<b>Baineadh an sprioc seo amach.</b> Tugadh an tógáil chun críche ar stóir Bhainistíochta Maoine agus Foilseán (PEMS) a tógadh le sainchuspóir in Inis agus i gCaisleán an Bharraigh i gcomhar leis an gCóras Bainistíochta Maoine agus Foilseán reatha ar fud na tíre a chur i bhfeidhm.





## Flít An Gharda Síochána

	Gluaisteáin	Veineanna	Gluaisrothair	4X4anna	Eile	Iomlán
						
Leithdháilte in 2016	322	145	61	37	32	<b>597</b>
Díchoimisiúnaithe in 2016	229	63	13	17	23	<b>345</b>
Flít An Gharda Síochána in 2016	2,002	477	143	107	111	<b>2,840</b>



### Aois flit An Gharda Síochána

Táscaire Feidhmíochta
Tá an flít le tacú le soláthar an Phlean Póilíneachta

### Comhdhéanamh fhlít an Gharda Síochána

Dul Chun Cinn
Baineadh an sprioc seo amach. Rinneadh buiséid bhliantúla a leithdháileadh agus a dhéabhlóidiú do bhainisteoirí ábhartha buiséid laistigh den eagraíocht agus leithdháileadh 597 feithicil nua i rith na bliana.

## Acmhainní Daonna agus Coláiste an Gharda Síochána

Amhail an 31 Nollaig 2016	
Comhaltaí faoi Mhionn	12,943
Foireann Shibhialtach	1998.872 (working time equivalent)
Cúltaca	695

### Ceapacháin shibhialtacha

Agus an príomhról á aithint a chomhlíonfaidh foireann an Gharda Síochána san athrú riachtanach a bhaint amach, tugtar cuntas sa Chlár Nuachóirithe agus Athnuachana ar líon príomhchuspóirí acmhainní daonna atá le baint amach i gcaitheamh na tréimhse, ina measc:

- Straitéis Acmhainní Daonna a fhorbairt;
- Samhail Oibriúcháin Acmhainní Daonna a thabhairt isteach;
- Córas Comhtháite Acmhainní Daonna a fhorbairt
- plean lucht saothair a fhorbairt.

Faomhadh i gcinneadh Rialtais a rinneadh in Iúil 2016 chun an lucht saothair a mhéadú go dtí 15,000 comhalta Garda, 4,000 comhalta foirne sibhialtach agus 2,000 comhalta de Chúltaca an Gharda Síochána faoi 2021.

Tá an eagraíocht ag oibriú go dlúth leis an Údarás Póilíneachta, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chun seo a chur i bhfeidhm.

### Sos Gairme Dreasaithe

Fógraíodh sos gairme dreasaithe trí bliana do chomhaltaí an Gharda Síochána an 7 Márta 2014. Rinneadh seo faoi théarmaí Chomhaontú Bhóthar Haddington 2013-2016. Tugadh an scéim seo isteach mar scéim aonuaire.

Amhail an 31 Nollaig 2016, b'ann do 172 comhalta den Gharda Síochána ar sos gairme dreasaithe.

### Saoire Atharthachta

Tháinig 'an tAcht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, 2016' i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2016. Tugann sé an teidlíocht do thuismitheoirí ábhartha tréimhse shingil de

Shaoire Atharthachta 14 lá a ghlacadh a thosófar laistigh de 26 seachtain i ndiaidh go saolaítear leanbh.

Rinne comhaltaí Garda 121 iarratas agus rinne an fhoireann shibhialtach 5 iarratas air seo a fhad leis an 31 Nollaig 2016.

### Iarratais ar an Aonad Fístaispeána (VDU)

Tá an Fhoireann Shibhialtach i dteideal go ndéanfar tástáil súl orthu sa chás gur gá dóibh úsáid shínte a bhaint as VDU. Féadtar tástáil a dhéanamh ar an bhfoireann faoi 40 bliain gach 5 bliana, agus féadtar tástáil súl a dhéanamh ar an bhfoireann os cionn aois 40 bliain gach 2 bhliain.

B'ionann an líon iarratas ar VDU a próiseáladh in 2016 agus 123.



In 2016, líonadh roinnt poist shinsearacha agus tosaíochta, mar seo a leanas:

- **Príomhoifigeach Riaracháin** – ceaptha i Lúnasa;
- **Príomhoifigeach Cúnta** – I bhFeabhra, ceapadh 7 bPríomhoifigeach Chúnta i gcaitheamh na heagraíochta;
- **Anailíseoirí Sinsearacha Coireachta agus Póilíneachta** – Earcaíodh agus ceapadh 15 anailíseoir i mBealtaine agus Meitheamh

Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
Sraith leasaithe próiseas a fhorbairt le haghaidh earcaíochta, roghnú agus ceapadh inmheánach	<b>Baineadh an sprioc seo amach go páirteach.</b> Cuireadh tús le hobair ar straitéis chuimsitheach Acmhainní Daonna agus Forbartha Daoine laistigh den Chlár Nuachóirithe agus Athnuachana. Tionscadal ilbhliana é seo agus leanfar ar aghaidh in 2017 leis an obair a tosaíodh i rith 2016.

## Scor Sibhialtach

	Príomhoif Cúnta	AOF	Oifigeach Foirne	Oifig Cléir	Oibrí Seirbhíse	Oib. Gin.	Glantóirí	Maoir Thráchtá	Stórasóir	Iomláin
Deonach	2	0	0	5	2	0	6	1	1	17
Éigeantach	0	0	3	4	1	2	10	3	1	24
CNER	0	0	1	6	0	0	0	0	0	7
Drochshláinte	0	1	0	2	1	0	2	0	0	6
<b>Iomláin</b>	<b>2</b>	<b>1</b>	<b>4</b>	<b>17</b>	<b>4</b>	<b>2</b>	<b>18</b>	<b>4</b>	<b>2</b>	<b>54</b>

\*Áirítear 2 Thiománaí Sibhialtacha le hOibríthe Ghinearálta

## Scor Gardaí

	Coimisinéir	Leas-Coimisinéir	Coimisinéir Cúnta	Ard-Cheann.	Ceann.	Cigire	Sáirsint	Garda	Iomláin
Deonach	0	0	1	2	3	13	61	127	207
Éigeantach	0	0	1	3	2	3	2	9	20
CNER	0	0	0	0	0	0	0	1	1
<b>Iomláin</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>2</b>	<b>5</b>	<b>5</b>	<b>16</b>	<b>63</b>	<b>137</b>	<b>228</b>

## Saoire Thuismitheora

Teidliocht reachtúil is ea Saoire Thuismitheora a cheadaíonn tuismitheoir linbh chun glacadh le saoire neamhíoctha ar feadh 18 seachtaine ar mhaithe le cúram a thabhairt dá leanbh. Ní mór Saoire Thuismitheora a ghlacadh sula mbaineann an leanbh 13 bliana d'aois amach (16 bliana i gcás linbh faoi mhíchumas).

Léiríonn na líonta gach iarratas faofa a fuarthas ó Oifigí Roinne. Níor glacadh le gach iarratas, áfach, agus bheadh saoire bhreuiteachta mar chúis phríomha leis seo. Ba cheart a thabhairt faoi deara, chomh maith, go bhféadfadh gur chuir oifigigh áirithe roinnt iarratas isteach ar shaoire thuismitheora sa bhliain.

Foireann shibhialtach	Iarratais a próiseáladh	Iarratais a cealaíodh	Iarratais ar glacadh leo	Líon foirne a rinne iarratas
2015	389	28	361	184
2016	396	46	350	186

Foireann Gharda	Iarratais a próiseáladh	Iarratais a cealaíodh	Iarratais ar glacadh leo	Líon foirne a rinne iarratas
2015	570	66	504	343
2016	664	112	552	338

### Roinnt Oibre

Scéim atá i Roinnt Oibre a cheadaíonn d'oifigeach chun patrún tinrimh, seachas lánaimseartha, a fháil.

Tá sé in ainm is an fhoireann a éascú chun cothromaíocht a bhaint amach idir an obair agus gealltanais teaghlaigh agus spriocanna pearsanta. Ní féidir le comhaltaí an Gharda Síochána ach patrún roinnte oibre 50% a fháil.

Foireann Shibhialtach	larratais a fuarthas	larratais le tosú	larratais ar fhilleadh ar obair lánaimseartha	An líon i mbun roinnt oibre an 31 Nol
2015	60	22	10	346
2016	54	16	21	341

Foireann Gharda	larratais a fuarthas	larratais le tosú	larratais ar fhilleadh ar obair lánaimseartha	An líon i mbun roinnt oibre an 31 Nol
2015	22	14	8	85
2016	25	16	9	92

### Sos Gairme

Ceadaítear faoin scéim sos gairme saoire speisialta a dheonú d'oifigigh gan phá ar feadh tréimhse nach lú ná 6 mhí agus nach mó ná 5 bliana.

Féadtar sosanna gairme a ghlacadh chun leanaí a thógáil aníos, ar chúiseanna baile eile (e.g. cúram a thabhairt do ghaol breoite), cuspóirí oideachasúla, féinfhostaíocht agus taisteal thar lear.

Foireann Shibhialtach	larratais nua a faomhadh	Líon na síntí	Fillte/ éirithe as/ ar scor	An líon ar sos gairme an 31 Nol.
2015	13	16	13	37
2016	10	13	11	36

Foireann Gharda	larratais nua a faomhadh	Líon na síntí	Atosaithe/ Éirithe as	Aistrithe chuig an ICB	An líon ar sos gairme an 31 Nol.
2015	11	3	8	1	14
2016	24	5	9	0	29

## An Scéim um Bliain Oibre Níos Giorra

Cuirtear an scéim um *Bliain Oibre Níos Giorra* in ionad na seanscéime *Am Téarma*. Ceadáíonn sí don fhoireann cur isteach ar shaoire speisialta neamhíoctha do thréimhse amháin nó níos mó de 2, 4, 6, 8, 10 nó 13 seachtaine ag aon am amháin i rith na bliana. Ar an iomlán, féadtar iarratas a dhéanamh ar 3 thréimhse ina bhfuil 13 seachtaine, ar a fhaide.

Foireann shibhialtach	Iarratais a fuarthas	Iarratais a diúltaíodh	Iarratais a deonaíodh	Iarratais a aistarraingíodh	An líon a ghlac páirt sa scéim
2015	319	2	317	24	293
2016	371	6	365	26	339

Foireann Gharda	Iarratais a próiseáladh	An líon a ghlac páirt sa scéim
2015	100	88
2016	148	138

## Saoire Chúramóra

Teidlíocht reachtúil is ea Saoire Chúramóra a cheadáíonn saoire shealadach neamhíoctha a ghlacadh lena chur ar chumas an duine chun cúram lánaimseartha a sholáthar do dhuine óna dteastaíonn an cúram sin.

Foireann shibhialtach	Iarratais a próiseáladh	An líon comhaltaí a ghlac saoire amháin an 31 Nol.
2015	11	7
2016	10	7

Foireann Gharda	Iarratais a próiseáladh	An líon comhaltaí a ghlac saoire amháin an 31 Nol.
2015	5	4
2016	11	5

Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
Maoirseacht agus tacaíocht fheabhsaithe a sholáthar do chomhaltaí	<b>Baineadh an sprioc seo amach go páirteach.</b> Téitear i ngleic leis an tionscadal seo sa Chreat Feidhmíochta agus Cuntasaíochta (an CFC), tionscnamh atá sa Chlár Nuachóirithe agus Athnuachana, agus cuireadh tús leis in 2016 agus cuirfear chun cinn níos mó é in 2017.

## Clár WAM (Toiliúil, Ábalta agus Meantóireacht)

Lorgáíonn Clár WAM chun na mór bhacainní, bíodh fíor-bhacainní nó bacainní braite i gceist leo, atá roimh chéimithe faoi mhíchumas a chuimsiú sa lucht saothair príomhshrutha.

Tugtar i gClár WAM céimithe faoi mhíchumas deis chun taithí oibre a fháil. Cuid bhunúsach is ea meantóireacht de chur chuige WAM agus baineann ríthábhacht léi maidir leis an rath a bhíonn air.

Tugann an tsamhail mheantóireachta WAM (Toiliúil, Ábalta agus Meantóireacht/Willing, Able & Mentoring) faoi bharr feabhais a chur ar fhorbairt scileanna agus ar thaithí oibre fhoriomlán an chéimí agus téann sí i ngleic le saincheisteanna, i gcomhthráth, a bhaineann le cuimsiú agus comhtháthú isteach i ndomhan oibre na linne seo.

D'éascaigh an Garda Síochána ochtar céimithe go dtí seo ar an gclár seo agus leanfaidh sé le baint a bheith aige leis an gclár amach anseo mar gheall gur cruthaíodh gur fiú agus gur tairbhíúil do chách lena mbaineann sé.

## Lá an Tionscnaimh Scáthfhoghlama

Creideann Cumann na hÉireann d'Fhostaíocht faoi Thacaíocht gur cheart go mbraithfeadh gach duine dínit agus cuspóir poist. Tionscnamh atá ar siúl ar fud na tíre is ea Lá na Scáthfhoghlama a thiteann amach gach Aibreán. Tugann sé daoine faoi mhíchumas agus fostóirí áitiúla le chéile ar feadh lá amháin chun an méid fiúntach a thabhairt chun solais is féidir le daoine faoi mhíchumas a chur le cúrsaí san obair.

Fiosraíonn rannpháirtithe domhan na hoibre ar feadh lá amháin trí "scáthfoghlaím" ó dhuine san áit oibre. Tugann an tionscnamh seo an deis do dhaoine faoi mhíchumas a bhféadfadh nach bhfaighí riamh murach sin.

Bhí go leor láithreacha timpeall na tíre bainteach sa tionscnamh in 2016. Cuireadh fáilte mhór roimh gach

rannpháirtí i ngach stáisiún/oifig agus tugadh sárléargas dóibh ar an obair laethúil faoina dtugtar laistigh den Gharda Síochána. Bhí baint ag an nGarda Síochána leis an tionscnamh seo le hocht mbliana anuas.

**Aitheantas le haghaidh seirbhíse**

Le linn shearmanas bronnta Bhone Scott a bhí ar siúl an 22 Meán Fómhair 2016, ag Coláiste an Gharda Síochána, an Teampall Mór, bhronn Coimisinéir an Gharda Síochána 14 dhámhachtain ar chomhaltaí an Gharda Síochána. Ainmníodh seacht gcomhalta dhéag Garda le haghaidh naoi dteagmhas ar leith don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013.

I measc iad siúd ar léiríodh onóir dóibh, bhí an Bleachtaire Garda Adrian Donohoe (Ar Dheis Dé go raibh a Anam) ar bronnadh bonn óir air i ndiaidh dó freastal ar robáil faoi airm i nDún Dealgan in Eanáir 2013. Fuarthas 20 ainmniúchán mar gheall ar Ghníomh Misnigh ó Chomhairle na Míre Gaile in 2016.

Bronnadh dámhachtainí ar 12 Gharda agus 25 ball den phobal. Bronnadh dámhachtainí i ngeall ar ainmniúcháin a rinneadh in 2014, 2015 agus 2016.

Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
Deais mhéadrachta agus táscairí feidhmíochta a chur i bhfeidhm maidir le himlonnú Acmhainní Daonna agus forbairt daoine ar fud na heagraíochta	<b>Níor baineadh an sprioc seo amach.</b> Tionscnamh atá i gcóras Comhtháite Bainistíochta Acmhainní Daonna laistigh den Chlár Nuachóirithe agus Athnuachana. Áireofar leis an tionscnamh seo córas TF Acmhainní Daonna a chur i bhfeidhm a dhéanfaidh chomhcheangal le córais ábhartha an Gharda Síochána, roghanna féinseirbhíse a áireamh le haghaidh comhaltaí agus dul i ngleic leis an sprioc go hiomlán in am trátha.

Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
Rialachas níos treise ar fud na heagraíochta agus cumasú na bainistíochta	<b>Baineadh an sprioc seo amach.</b> Baineadh an tionscnamh seo amach. Faomhadh creat nua rialachais agus foilsíodh é ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána in 2016.

Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
An uasmhéid acmhainní arna leithdháileadh ar phóilíneacht oibríochtúil	<b>Baineadh an sprioc seo amach.</b> Cuireadh an díospóireacht ar an meastachán forlíontach ar siúl an 30 Samhain 2016 agus sholáthair sé €10m breise do Vóta an Gharda Síochána ó choigilteas ó áit eile san Earnáil Cheartais. Soláthraíonn seo €50 de chistiú breise, ar an iomlán, mar chuid den fhógairt a rinne an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais i Meitheamh go dtacófaí le hoibríochtaí sonracha chun coireacht eagraithe a chomhrac agus go sonracha, chun Oibríocht Thor a chistiú.

Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
Modheolaíocht straitéiseach agus struchtúrtha chun gach foirm d'oiliúint agus d'fhorbairt a bhainistiú	<b>Níor baineadh an sprioc seo amach.</b> Dhírigh tionscnaimh a bhain le AD agus FD go príomha Straitéis Chuimsitheach Acmhainní Daonna agus Forbartha Daoine laistigh den Chlár Nuachóirithe agus Athnuachana agus ar obair ghaolmhar in 2016 agus níor baineadh an sprioc seo amach dá bharr.

Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
Fáil agus imlonnú barrfheabhsaithe ar achmhainní agus cothromaíocht fheabhsaithe oibre is saoil	<b>Níor baineadh an sprioc seo.</b> I ndiaidh cinneadh a rinne Grúpa Uainchláir Bhaile an Bhaspailigh chun comhaontú a dhéanamh ar uainchlár leasaithe, chuir Cumann Ionadaíoch an Gharda Síochána (an GRA) ballóid ar bun sular thit a gComhdáil Bhliantúil Toscairí don bhliain 2016 amach. Diúltaíodh an bhallóid agus níorbh fhéidir an t-uainchlár leasaithe a chur chun cinn.

### An Rannóg Asláitheacht Bhreiteachta

Leanadh leis na Rialacháin um Shaoire Bhreiteachta na Seirbhíse Poiblí, faoi mar a leagtar amach iad in I.R. 124 de 2014 agus I.R. 384 de 2015, a chur i bhfeidhm go rathúil i gcaitheamh na bliana.

ghlacadh sa phróiseas.

Taispeántar sna táblaí thíos miondealú agus comparáid idir an líon laethanta a cailleadh i dtaobh chomhaltaí sibhialtacha agus mionnaithe an Gharda Síochána.

Tá an t-athbhreithniú atá á dhéanamh ar na socrúithe nua riaracháin, faoi mar a leagann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (an RCPA) amach iad, beagnach tugtha chun críche agus leanadh le hionadaíocht a dhéanamh don eagraíocht seo agus lean an eagraíocht seo le páirt a

#### Staitisticí saoire bhreiteachta - comhaltaí mionnaithe

	Líon na laethanta a cailleadh mar gheall ar ghnáth-bhreiteacht	% athrú bliain ar bhliain: gnáth-bhreiteacht	Líon na laethanta a cailleadh mar gheall ar ghortú ar dualgas	% athrú bliain ar bhliain: gortú ar dualgas	Líon iomlán na laethanta a cuireadh i dtaifead	% athrú bliain ar bhliain – Líon iomlán na laethanta a cuireadh i dtaifead
2016	113,865.5	-0.8%	50,215	-12%	164,080.5	-4%

\* \* Is ionann Líon iomlán na Laethanta Breiteachta ar an gCóras Bainistíochta Asláitheacht Breiteachta agus an Líon laethanta féilire a bhíonn an fhoireann as láthair agus féadfaidh deirí seachtaine agus scíth a áireamh leo

#### Staitisticí saoire bhreiteachta - comhaltaí sibhialtacha

	Líon iomlán na laethanta a cuireadh i dtaifead*	% d'athrú bliain ar bhliain
2016	25,716	-1.8%

\*Taispeánann an Líon iomlán laethanta a cuireadh i dtaifead ar PeopleSort (HRMS) an Líon iarbhír laethanta oibre a cailleadh. Baineann na figiúirí a thaispeántar le Foireann Sibhialtach an Gharda Síochána gan glantóirí agus freastalaithe seirbhíse páirtaimseartha a áireamh. Ní chuirtear deirí seachtaine agus coigeartuithe d'fhostaithe le haghaidh patrúin roinnte oibre san áireamh.

### Seirbhís Chúnamh d'Fhostaithe an Gharda Síochána

I Meitheamh 2016, tugadh an Líne Chabhrach agus an tSeirbhís Neamhspleách Chomhairleoireachta Rúnda 24/7 isteach don phearsanra go léir sa Gharda Síochána.

Tá an Líne Chabhrach agus an tSeirbhís Neamhspleách Chomhairleoireachta Rúnda 24/7 á soláthar ag EAP Consultants/ Carecall. Tá eolas speisialaithe acu de bheith ag oibriú leis an bpearsanra póilíneachta agus slándála i ndiaidh dóibh bheith ag oibriú leis an PSNI, na Fórsaí Cosanta agus an tSeirbhís Phríosún.

Féadfaidh gach comhalta Garda, foireann Shibhialtach agus comhalta de Chúltaca an Gharda Síochána teacht ar an Líne Chabhrach agus an tSeirbhís Chomhairleoireachta Rúnda 24/7. Tá an tseirbhís saor in aisce agus ar fáil 365 lá sa bhliain. Tagtar ar an tseirbhís trí ghlaó gutháin a chur ar an Líne Chabhrach ar 1800 817 433, áit ar féidir leat labhairt le comhairleoir creidiúnaithe ar féidir leis/léi comhairle agus tacaíocht a sholáthar maidir le saincheistanna gaolmhara. Sa chás gur cuí, déanfar atreorú ar feadh a mhéid le sé sheisiún comhairleoireachta aghaidh ar aghaidh agus is féidir dhá cheann sa bhreis a sholáthar, más gá. Titfidh na seisiún chomhairleoireachta aghaidh ar aghaidh amach laistigh d'achar taistil uair an chloig ó d'obair nó ó d'áit chónaithe.

Cuirfidh an tseirbhís leis an tacaíocht chriticiúil reatha a sholáthraíonn an Príomhoifigeach Leighis, an Roinn Sláinte Cheirde, Seirbhís Chúnamh d'Fhostaithe an Gharda Síochána agus an Líonra Piarthacaíochta cheana féin agus cuirfidh an tseirbhís nua seo barr feabhais ar an tacaíocht sin.



Coimisinéir an Gharda Síochána ag seoladh na Líne Cabhraí 24/7 um Chúnamh d'Fhostaithe

Ó lár mhí Lúnasa ar aghaidh, tugadh Clár Feasachta isteach i ngach Réigiún maidir le seoladh na Líne Cabhraí agus na Seirbhíse Chomhairleoireachta Rúnda 24/7 Neamhspleáiche.

### Nochtadh Cosanta

Chun meicníocht bharrfheabhsaithe a sholáthar don phearsanra a bhfuil saincheistanna agus buarthaí á

dtabhairt chun solais acu, ceapadh beirt Bhainisteoirí um Nochtadh Cosanta i rith na bliana – Ard-Cheannfort Bainistíochta Acmhainní Daonna agus an Stiúrthóir Acmhainní Daonna Sibhialtacha. Anuas air sin, cuireadh Beartas um Nochtadh Cosanta i dtoll a chéile ina dtugtar cuntas ar conas a láimhseálfaí Nochtadh Cosanta san eagraíocht i Meitheamh 2016. I ndiaidh go ndearna an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais iarraidh, rinne an tÚdarás Póilíneachta athbhreithniú ar an mBeartas agus i ndiaidh a thuairisc i Samhain, glacadh le moltaí an Údaráis agus tá Beartas leasaithe le foilsiú go luath in 2017.

Rinneadh trí nochtadh chosanta in 2016.

### An Oifig Iomaíochta

Dhéileáil an Oifig Iomaíochta le 238 iomaíocht i rith 2016, roinnt iomaíochtaí ina measc a tugadh anonn ón mbliain roimhe sin. Áiríodh leis na hiomaíochtaí seo Iomaíochtaí Náisiúnta, Réigiúnacha, Roinne agus Ceantair ina raibh líon iomlán 410 iarratasóir a measadh a bhí rathúil le haghaidh ceapacháin. Ina leith seo, cuireadh agallamh ar os cionn 3,000 agalláí agus bhí 588 duine sceidealaithe le haghaidh Measúnuithe Fisiceacha Réamhoiliúna.

Ina theannta sin, tugadh an iomaíocht le haghaidh céimeanna Sáirsint, Cigire, Ceannfoirt, Ard-Cheannfoirt, agus Leas-Choimisinéara chun críche i rith 2016, agus rinneadh 420 ardú céime, ar an iomlán, mar thoradh orthu.

### Cúltaca an Gharda Síochána

Tá oibríthe deonacha i gCúltaca an Gharda Síochána ó chúlráí éagsúla agus fairsinge. Tá sa Chúltaca fiche náisiúntacht éagsúil, daoine ina measc arb laránaigh, Polannaigh, Nigéaraigh, Iodálaigh, Liotuánaigh, Albánaigh, Indiaigh agus Síneigh iad.

I Nollaig, mar chuid d'Imeacht Comórtha 1916-2016 an Gharda Síochána i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, bhronn Coimisinéir an Gharda Síochána deimhniú ar chomhaltaí Chúltaca an Gharda Síochána, agus léirigh sí ardmheas ar an tseirbhís a sholáthraíonn Gardaí Cúltaca.

Bronnadh an deimhniú seo chun ómós a léiriú ar an tseirbhís a thug na comhaltaí seo ina gcáil dheonach. Amach anseo, bronnfaidh a nOifigeach Roinne deimhniú ar aon chomhalta de Chúltaca an Gharda Síochána a bhaineann seirbhís deich mbliana amach. Ar a bharr sin uile, bronnfaidh a nOifigeach Roinne deimhniú ar dhul ar scor aon chomhalta ó Chúltaca an Gharda Síochána, i ndiaidh aois 65 a bhaint amach. Bhronn an



Príomhoifigeach Riaracháin Joe Nugent an chéad deimhniú díobh seo ar an nGarda Cúlta Tom Byrne a bhí ag dul ar scor ar aois 65 bliain i ndiaidh dó bheith ag oibriú le Stáisiún Gardaí Chluain Dolcáin.

Rinneadh iar-Gharda a fhianú le Cúlta an Gharda Síochána den chéad uair riamh in 2016. I ndiaidh dó fónamh ar feadh 32 bliain – ar chaith sé 22 bliain díobh siúd mar Gharda Pobail i gceantar Fatima agus an Charnáin – rinneadh an chéad chomhalta den Gharda Síochána den Uasal Vincent Hourican a chuaigh le Cúlta an Gharda Síochána ar dhul ar scor dó.




Foireann Bhainistíochta Chúltaca an Gharda Síochána

### An tAonad Sláinte agus Sábháilteachta

Foilsíodh Treoir ón gCeannteathrú i Nollaig 2016 agus rinne sí an bhunchloch a leagan faoi bhunú Aonad Sláinte agus Sábháilteachta an Gharda Síochána. Oibríonn an tAonad faoi údarás an Ard-Cheannfoirt Bhainistíochta Acmhainní Daonna. Tá san Aonad na Comhairleoirí Réigiúnacha atá ceaptha faoi láthair, anuas ar na comhaltaí atá bainteach leis an Oifig Sláinte agus Sábháilteachta, Ceannteathrú an Gharda Síochána. Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

### Timpiste Gairme in 2016




Tá ar an Oifig Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe (an ED&I) comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú san ionad oibre laistigh den Gharda Síochána a chur chun cinn.

In 2016, chuir an Oifig ED&I tús le forbairt a dhéanamh ar a

Straitéis agus Plean Gníomhaíochta leasaithe agus barrfheabhsaithe Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe. Anuas air sin, cuireadh tús le hobair ar Líonraí Éagsúlachta san Ionad Oibre a bhunú i limistéir ar nós inscne, gnéaschlaonta agus cine.

Leanadh le hathbhreithnithe a dhéanamh ar chomhionannas fostaíochta, éagsúlacht agus cleachtas chuimsithe maidir leis an dá phríomhthionscnamh seo, fad atá comhairliúcháin rannpháirteacha le páirtithe leasmhara ábhartha á n-ullmhú.

In 2016, ghlac an Garda Síochána páirt in Innéacs Comhionannais san Ionad Oibre de chuid an Líonra Comhionannais do Dhaoine Aeracha agus Leispiacha (GLEN) — cleachtadh tagarmhairc chun dul chun cinn na heagraíochta a thomhas maidir le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú Leispiach, Aerach, Déghnéasach, agus Trasinscneach (LGBT) a chur chun cinn san ionad oibre. Cuireadh an Cigire Paul Franey agus G-Force ar an ngearrliosta le haghaidh Sheaimpín Cuimsithe LGBT na Bliana agus Dhámhachtainí Líonra Fostaithe LGBT na Bliana, faoi seach, ag Dámhachtainí Ceannaireachta an Innéacs.



An Garda Síochána ag na Dámhachtainí Ceannaireachta Innéacs

### Coláiste an Gharda Síochána

#### Earcaíocht an Gharda Síochána/ BA i bPóilíneacht Fheidhmeach:

Tugadh méadú faoi deara ón mbliain roimhe sin ar an líon Gardaí faoi Oilíúint/ar Promhadh a raibh oilíúint á cur orthu:

- Chuir 656 Garda faoi Oilíúint tús le Céim I dá n-oiliúint;
- Lean na 250 Garda faoi oilíúint a thosaigh Céim I dá n-oiliúint in 2015 ar aghaidh lena n-oiliúint isteach in 2016;
- Rinneadh 393 Garda a fhianú i rith 2016;
- Chuir 289 Garda ar Promhadh tús le Céim II/Céim III dá n-oiliúint in 2016.

### **Oiliúint leanúnach d'fhoireann an Gharda Síochána:**

I measc na gcúrsaí a cuireadh ar bun i gColáiste an Gharda Síochána in 2016, bhí an méid a leanas:

- Imscrúdú Láithreacha Coire;
- Imscrúdú Airgeadais – Sciúradh Airgid;
- Oiliúint Airm Thine;
- Oiliúint Tiománaí;
- Grianghrafadóireacht Fhóiréinseach;
- Agallóireacht Imscrúdaithe;
- Oiliúint ar Chórais TF;
- Clár Forbartha do Sháirsintí, Cigirí, Ceannfoirt, Ard-Cheannfoirt, Oifigigh Feidhmiúcháin, agus Príomhoifigigh Chúnta;
- Scileanna Sábháilteachta;
- Bainistíocht Coimeáda;
- Ord Poiblí;
- Tástáil DNA.

### **Cúrsaí ina bhfuil baint ag contrapháirtithe Eorpacha**

Cuireadh cúrsa forbartha teanga CEPOL amach i gColáiste an Gharda Síochána i nDeireadh Fómhair. D'fhreastail tríocha póilín sinsearach ó 22 ballstát.

Ba é cuspóir an chúrsa seo chun scileanna Béarla na rannpháirtithe agus an t-eolas atá acu ar na córais éagsúla phóilíní Eorpacha a mhéadú d'fhonn feabhas a chur ar chomhoibriú idir údaráis forfheidhmithe dlí.

I rith a gcuarite, rinne siad breathnú ar roinnt oibríochtaí Garda, Oibríocht Storm i gCill Chainnigh ina measc, agus d'fhreastail siad ar na Cúirteanna Coiriúla i mBaile Átha Cliath.

### **Comhoibriú ó ghníomhaireachtaí seachtracha**

In 2016, soláthraíodh clár éagsúla oiliúna a bhain tairbhe as ionchur ó ghníomhaireachtaí agus institiúidí seachtracha, ar nós an GSOC, Chigireacht an Gharda Síochána, Oifig an SIP, Óstaí an Rí, FSS, Ionad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath, Focus Ireland, seirbhísí ADAPT, agus Ionad Pavee i measc gníomhaireachtaí eile.

D'oibrigh Coláiste an Gharda Síochána i gcomhpháirt le réimse institiúidí acadúla, ar nós Ollscoil Luimnigh, an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus an Fhorais Riaracháin chun clár oiliúna agus forbartha póilíní a sholáthar, ar nós an BA i bPóilíneacht Fheidhmeach agus an BSc i gCeannaireacht agus Rialachas Póilíní. Bhí

comhaltaí Garda agus foireann Gharda i gceist leis na freastalaithe ag na cláir seo.

Ag eatraimh éagsúla i rith 2016, chomhsholáthair Coláiste an Gharda Síochána an clár um chosc ar fhéinmharú, ASIST, a aithnítear go hidirnáisiúnta agus a mhaireann dhá lá do Ghardaí ar Promhadh i gcomhar le FSS. Clár garchabhrach féinmharaithe is ea ASIST a thugann na scileanna do mhic léinn a theastaíonn uathu chun plé a dhéanamh ar fhéinmharú le duine atá i mbaol agus chun idirghabháil a dhéanamh chun an riosca láithreach i leith féinmharú a laghdú.

### **Clár Malartaithe**



In 2016, tugadh isteach clár malartaithe idir Coláiste an Gharda Síochána agus Coláiste Ollscoile Póilíní na hIorua, Osló. Is é aidhm an chlár mhalartaithe chun cáilíocht na hoiliúna póilíní a mhéadú trí thaithe idirnáisiúnta a roinnt

In Eanáir, chaith cúigear mic léinn Phóilíní ón Iorua trí seachtaine i gColáiste an Gharda Síochána, áit ar ghlac siad páirt sa Chlár Bonn-Oiliúna do Ghardaí faoi oiliúint.

In Aibreán, chaith cúigear Gardaí ar Promhadh i gcuideachta roinnt Teagascóirí i gColáiste an Gharda Síochána, seachtain amháin i gColáiste Ollscoile Póilíní na hIorua, Osló. Ar an gcuma chéanna, i nDeireadh Fómhair, bhain beirt Ghardaí ar Promhadh agus beirt Teagascóirí Garda tairbhe ón gclár malartaithe nuair a tugadh an deis dóibh chun blaiseadh den saol a fháil i gColáiste Oiliúna Póilíní ár gcontrapháirtithe san Iorua.

## Cumarsáid

I rith 2016, chuir an Oifig Cumarsáide Corparáidí roinnt feachtas, imeachtaí preasa agus cruinnithe faisnéise i bhfeidhm chun comhairle a chur ar an bpobal maidir le cosc a chur ar choireacht agus sábháilteacht phoiblí, agus chun an obair iontach a dhéanann an eagraíocht a thabhairt chun solais.

Ag oibriú dóibh le Rannpháirtíocht sa Phobal, chuir Cumarsáid Chorporáideach roinnt feachtais feasachta poiblí i dtoll a chéile i rith na bliana. Áiríodh leis seo ‘Cuir Glas Air agus Las Solas’ mar chuid d’Oibríocht Thor chun comhairle frithbhuirgléireachta a sholáthar, agus ‘Úsáid do Cheann, Seachas do Dhoirne’, a thug foláirimh d’fhir óga maidir leis an tionchar millteach a imríonn ionsaithe.

Rinneadh fógraí ‘Cuir Glas Air agus Las Suas É’ a scaipeadh ar an raidió náisiúnta agus áitiúil agus sna nuachtáin, i bhfógraí taobh amuigh, agus sna meáin shóisialta. Úsáideadh fógraíocht ar Facebook chun díriú ar úinéirí tí a chónaíonn i gceantair ina dtiteann go leor buirgléireachta amach. Cuireadh comhairle frithbhuirgléireachta ar fáil don phobal, chomh maith, ag láithreacha ar nós ionaid siopadóireachta agus leabharlann.

I Samhain, vótáil an pobal go raibh an feachtas póstaer taobh amuigh le haghaidh ‘Cuir Glas Air agus Las Solas’ ar an Dearadh ab Fhearr i suirbhé ar Thionchar Póstaer PML chun tosaigh ar bhrandaí móra tráchtála. De réir ár Suirbhé ar Mheon an Phobail, faoi dheireadh 2016, d’athraigh 55% díobh siúd a chonaic an feachtas sin a n-iompar i dtaobh slándáil baile.

Tháinig borradh aníos go dtí 510,000 duine faoi dheireadh na bliana ar lucht leanúna an Gharda Síochána i measc na n-ardán meán sóisialta go léir, arb é an ceann is mó san earnáil phoiblí. I measc na láithreán nua Facebook de chuid an Gharda Síochána ar cuireadh tús leo sa bhliain, bhí Roinn Chill Dara, Roinn na Mí agus Roinn an Chabháin-Mhuineacháin.

Cuireadh réimse fairsing cruinnithe faisnéise leis na meáin ar bun sa bhliain maidir le limistéir ar nós gabhálacha agus urghabhálacha móra maidir le coireacht eagraithe; tionscnaimh um shábháilteacht ar bhóithre, aisghabháil maoinne, agus imscrúduithe ar dhúnmharú.

Tugadh faoi chlár suntasach oiliúna meán do chomhaltaí agus d’fhoireann Gharda ar gach céim agus grád chun breis urlabhraithe de chuid an Gharda Síochána a sholáthar do na meáin ar réimse limistéar.

Anuas air sin, tugadh nuachtlitir nua inmheánach isteach – Newsbeat – agus seoladh í gach coicís chuig an bpearsanra go léir chun iad a nuashonrú maidir le nuacht agus tionscnaimh laistigh den eagraíocht.

Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
Cumarsáid fheabhsaithe a sholáthar don phobal an Stát, agus muintir an Gharda Síochána	<b>Baineadh an sprioc seo amach.</b> Athbhreithníodh agus athdhearadh láithreán gréasáin an Gharda Síochána i rith na bliana agus seolfar é i ráithe 2 2017. Soláthraíodh oiliúint ar na meáin, chomh maith, do 175 bainisteoir Garda.



Reáchtáil Oifig Preasa an Gharda Síochána comórtas scoileanna chun an tsonóg seo a ainmniú d’fhonn leanáí óga a spreagadh bheith níos feasaí ar shábháilteacht ar bhóithre

## Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Soláthraíonn rannóg TFC an Gharda Síochána tacaíocht leanúnach ar bhonn 24/7/365 do thart ar 15,000 úsáideoir, 8,000 meaisín cliaint, 900 freastalaí agus os cionn 60 feidhmchlár. In 2016, rinne TFC imlonnú breise, chomh maith, ar os cionn 50 scaoileadh suntasach lena dtimpeallacht táirgthe.

Mr chuid den Chlár Nuachóirithe agus Athnuachana 2016-2021, sainithníodh roinnt córais TFC chun tacú le agus barr feabhais a chur ar éifeachtúlacht oibríochtúil agus riaracháin na heagraíochta. I measc roinnt príomhthionscnamh a cuireadh chun cinn in 2016, bhí an méid seo a leanas:

### Córas Bainistíochta Ábhar Fiontraíochta

Soláthroidh an córas seo stór ábhar fiontair aonair don Gharda Síochána don cháipéisíocht agus don ábhar ilmheán uile a cruthaíodh.

### Bainistíocht Maoine agus Foilseán

Úsáidfeadh an córas seo chun gach earra a chur i dtaifead a thagann i seilbh an Gharda Síochána agus a bhainistíonn iad i gcaitheamh a saolré laistigh den eagraíocht.

### Bainistíocht Imscrúduithe

Ceadóidh an córas Bainistíochta Imscrúduithe chun bainistíocht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a críochnaíodh mar chuid d'imscrúdú, stair iomlán den slabhra imeachtaí a choimeád in imscrúdú, bainistíocht a dhéanamh ar fhaisnéis a bailíodh, agus cinntí/gníomhartha a rinneadh.

### PULSE

Cuireadh barr feabhais ar PULSE i dtaobh teagmhais a bhainistiú agus tacaíocht a sholáthar d'íospartaigh na coireachta.

### Córas Faisnéise Schengen (SIS II)


Tacaíonn Córas Faisnéise Schengen (SIS II) le gnéithe póilíní agus comhoibríthe bhreithiúnaigh Choinbhinsiún Schengen. Mar chuid de rannpháirtíocht na hÉireann i gCoinbhinsiún Schengen, beidh ar chóras TFC an Gharda Síochána comhtháthú a dhéanamh le SIS II. Tosaíodh tionscadal chun SIS II a chur i bhfeidhm go déanach in 2016.

### FIND Interpol

Cuireann bunachar sonraí Cáipéisí Goidte agus Cailte Taistil (SLTD) INTERPOL ar Lár-Bhiúróna Náisiúnta (NCBanna) INTERPOL, anuas ar aonáin údaraithe forfheidhmithe dlí eile, ar nós oifigí inimirce agus rialaithe teorann, lena dheimhniú cé acu ar tugadh le fios gur cailleadh nó gur goideadh cáipéis taistil agus chun an fhreagairt a aisghabháil faoi cheann cúpla soicind. Sholáthair an Garda Síochána tionscadal in 2016 a sholáthair rochtain fíor-ama ar shonraí SLTD Interpol le haghaidh na foirne inimirce túslíne ag poirt iontrála Éireannacha, chun cabhrú le cinntí inimirce agus chun barr feabhais a chur ar shlándáil teorann

### Eurodac

Tugadh uasghrádú suntasach chun críche ar na hUathchórais Aithinte ó Mhéarloing chun tacú le comhlíonadh rialachán Athmhúnlaithe Eurodac. Bunachar sonraí bithmhéadrach is ea Eurodac, go príomha, chun méarloing a chur i gcomparáid. Cabhraíonn an córas le Ballstáit an Aontais Eorpaigh (an AE) a dheimhniú cé acu ar éiligh nó nár éiligh iarratasóir ar thearmann tearmann i Stát eile an AE nó cé acu ar gabhadh nó nár gabhadh iarratasóir ar thearmann roimhe seo ar iontráil chríoch an AE go neamhdhleathach é/í.



### Lárionad Seirbhísí Faisnéise an Gharda Síochána (an GISC)

Soláthraíonn an GISC seirbhís lá agus oíche do chomhaltáí Garda a chuireann teagmhais i dtaifead ar chóras PULSE.

Is iad cuspóirí na seirbhíse seo chun infheictheacht an Gharda Síochána a mhéadú; feabhas a chur ar an gcáilíocht sonraí; agus an t-am a laghdú a chaitheann comhaltaí oibríochtúla ag plé le dualgais riaracháin.

Glacann oibreoirí oilte sibhialtacha le glaonna agus cuireann siad na sonraí faoin teagmhas ar chóras PULSE. Chomh maith leis sin, déanann an GISC seiceáil cáilíochta ar theagmhais i ndiaidh go gcruthaítear nó go nuashonraítear iad. In 2016, cuireadh 695,000 glao ar an GISC ónar eascair gur cruthaíodh 905,000 teagmhas ar PULSE.

## Rialachas Corparáideach

### An tAonad Bainistíochta Riosca

Bunaíodh Aonad Bainistíochta Riosca nua an Gharda Síochána an 1 Meán Fómhair 2016, a bhfuil Ceannfort i gceannas air. Cuireadh an tasc roimh an Aonad chun ‘an Cur Chuige Leasaithe i leith Bainistíocht Riosca’ a chur i bhfeidhm, ar tionscnamh Chéim 1 é faoin gClár Nuachóirithe agus Athnuachana 2016-2021.

Anuas air seo, soláthraíonn an t-aonad cumarsáid, oiliúint,

Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
Próisis fheabhsaithe chun rioscaí oibríochtúla a shainaithint, a rialú agus a bhainistiú	<p><b>Baineadh an sprioc seo amach.</b> I rith 2016, bunaíodh Aonad Bainistíochta Riosca an Gharda Síochána, ar a raibh Ceannfort ina cheannas. Bunaíodh an Bord Rialachais Riosca agus Beartais, ar a raibh an Príomhoifigeach Riosca ina chathaoirleach (an Leas-Choimisinéir Rialachais agus Straitéise).</p> <p>Ceapadh Naonúr Seaimpíní Riosca ar Chéim Ard-Cheannfoirt nó ar ghrád comhionann sibhialtach chun cabhrú le bainistíocht riosca a chur i bhfeidhm, a chomhordú, a bhainistiú agus tacú léi i ngach limistéar. Cuireadh tús le hoiliúint bainistíochta riosca le haghaidh bainisteoirí sinsearacha.</p>

tacaíocht agus treoir do gach páirtí leasmhara bainistíochta riosca sa Gharda Síochána, agus tá ról aige i gcomhlíonadh an bheartais ar fud na heagraíochta a chinntiú trí iniúchóireacht agus dearbhú cáilíochta. Chomh maith leis sin, soláthraíonn sé tacaíocht riaracháin don Phríomhoifigeach Riosca agus don Bhord Rialachais Riosca agus Bheartais, agus cuireann sé comhairle orthu maidir le rioscaí nua agus corparáideacha atá ag teacht chun cinn a shainaithnítear trí phróiseas scanta comhshaoil.

I rith 2016, d’fhorbairt Aonad Bainistíochta Riosca an Gharda Síochána beartais agus nósanna imeachta bainistíochta riosca, treoracha gearr agus grafaicí faisnéise, agus sholáthair sé oiliúint, chomh maith, ar fud na heagraíochta. Ina theannta sin, bhunaigh sé líonra Seaimpíní Riosca i measc naoi réigiún agus limistéar riaracháin chun tacaíocht áitiúil bainistíochta riosca a sholáthar.

### Iniúchóireacht Inmheánach

Is é misean Sheirbhís Iniúchóireachta Inmheánaí an Gharda Síochána (an GIAS) chun rialú inmheánach airgeadais dea-chleachtais, ina measc straitéisí bainistíochta riosca a bheith i bhfeidhm mar thacaíocht le cuspóirí an Gharda Síochána mar eagraíocht agus le cuspóirí an Choimisinéara mar Oifigeach Cuntasaíochta.

Ceanglaítear sa bheartas frithchalaíoch go ndéantar gach cás de chalaíoch amhrasta a thuairisciú do Cheann na hIniúchóireachta Inmheánaí. I rith 2016, tuairiscíodh 20 cás de chalaíoch amhrasta.

I rith 2016, lean an GIAS le rioscaí a shainaithint agus le tuairisciú a dhéanamh ar rioscaí atá roimh bhainistíocht airgeadais agus cáil na heagraíochta.

Chuir Seirbhís Iniúchóireachta Inmheánaí an Gharda Síochána (an GIAS) le hobair na hOifige um Thrasfhoirmiú Straitéiseach i dtaobh rioscaí a chatagóiriú a d’fhéadfadh baint d’éifeachtacht an Gharda Síochána agus chun réitigh mhaolaithe a shainaithint.

Ba thosaíochtaí laistigh den Chlár Nuachóirithe agus Athnuachana in 2016 na moltaí ó Thuarascálacha Iniúchóireachta Inmheánaí maidir le harráid maoine agus fianaise a bhainistiú atá i seilbh an Gharda Síochána. Ina theannta sin, áiríodh leis na saincheistanna a ndearnadh iniúchadh orthu in 2016 a bhaineann go díreach leis an gClár iniúchóireacht ar an gCreat Bainistíochta Riosca agus ar Leithdháileadh Acmhainní Daonna.

Tá roinnt freagrachtaí agus ról choiteanna ar Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí an Gharda Síochána agus Aonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána (an GPSU). Bíonn baint ag an dá aonad in iniúchadh agus scrúdú a dhéanamh ar chórais agus próisis sa Gharda Síochána agus soláthraíonn an GIAS gníomhaíocht oibiachtúil dearbhaithe agus chomhairliúcháin.

Soláthraíonn an GIAS, mar chuid den timpeallacht fhoriomlán rialachais agus rialaithe laistigh den Gharda Síochána, dearbhú réasúnta iniúchóireachta go ndéantar

rioscaí suntasacha a shainaithint, a bhainistiú agus a rialú go héifeachtach ar fud na heagraíochta. Déanann an GPSU scrúdú agus athbhreithniú ar fheidhmíocht oibríochtúil, riaracháin agus bhainistíochta. I dteannta a chéile, déanann an GIAS agus an GPSU moltaí agus beartaíonn siad bearta chun barr feabhais a chur ar rialuithe agus feabhas a chur ar fheidhmíocht. I rith 2016, tugadh faoi chomh-iniúchadh/chomhscrúdú amháin.

Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
Dea-rialachas agus dea-mhaoirseacht inmheánach	<p><b>Níor baineadh an sprioc seo amach.</b> Tagraíonn sé don Phróiseas Cigireachta agus Athbhreithnithe ar cheart é a chur i bhfeidhm gach ráithe i ngach Ceantar agus Roinn an Gharda Síochána. Déanann Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí an Gharda Síochána (an GIAS) agus Aonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána (an GPSU) monatóireacht ar chur i bhfeidhm agus shainaithin siad roinnt limistéir neamhchomhlíonta. Chun dul i ngleic leis an tsaincheist seo, tabharfar faoi na gníomhartha ceartaitheacha a leanas in 2017:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Déanfaidh an GPSU athbhreithniú ar an Treoir a threoraíonn comhaltaí maidir leis an bpróiseas cigireachta agus athbhreithnithe. Sa mhullach air sin, déanfaidh sé idirchaidreamh le páirtithe leasmhara lena dheimhniú cé acu an dtuigtear nó nach dtuigtear go soiléir an Treoir; agus más ann d'aon easnaimh a d'fhéadfadh cur le neamhchomhlíonadh. Tabharfaidh sé faoina dheimhniú cé acu an leordhóthanach nó nach leordhóthanach an oiliúint a sholáthraítear do chomhaltaí a bhfuil orthu cur i bhfeidhm a dhéanamh; agus mura bhfuil, beidh fáil i gcónaí ag an mbainistíocht áitiúil ar an GPSU chun cruinnithe faisnéise a sholáthar chun cur leis an eolas reatha;</li> <li>• Tabharfar leibhéil chomhlíonta don bhliain 2015 agus 2016 chun solais ar fud na heagraíochta d'fhonn feabhas a chur ar chomhlíonadh in 2017 agus ina dhiaidh sin;</li> <li>• Beidh fáil i gcónaí ar an GPSU agus an GIAS chun tacú le haon Cheantar, Roinn, Réigiún nó Rannóg san eagraíocht trí bhreis léachtaí nó cruinnithe faisnéise a éascú faoin bpróiseas, faoi mar a mheastar is gá; agus cuireadh gach rannóg ar an eolas dá réir;</li> <li>• Leanfaidh an GPSU le léachtaí agus cruinnithe faisnéise a sholáthar do Chúrsaí um Ardú Céime Ceannfoirt agus Ard-Cheannfoirt, a dhéanann faisnéis a sholáthar dóibh agus faoina n-oibleagáidí maidir le cigireacht agus athbhreithniú;</li> <li>• Ar aon dul leis an gCreat Rialachais Chorporáidigh nua don Gharda Síochána, a foilsíodh in 2016, casfaidh an GPSU le páirtithe leasmhara ábhartha ar bhonn ráithiúil chun plé a dhéanamh ar limistéir chomhspéise. Beartaítear go n-éascóidh na cruinnithe seo cur chuige comhordaithe i leith rialachas corparáideach laistigh den Gharda Síochána. I measc na rannóg a bheidh bainteach, beidh an Oifig Bainistíochta Riosca, an tAonad um Pleanáil Beartais, Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí an Gharda Síochána; agus an Oifig um Thrasfhoirmiú Straitéiseach.</li> </ul>

In 2016, thug an GIAS faoin méid a leanas:

- cúig iniúchadh ar Ranna/ Ceantair/ Aonaid/Oifigí Speisialaithe an Gharda Síochána;
- sé athbhreithniú ar Thuarascálacha Iniúchta a dhírigh ar chur i bhfeidhm moltaí ó iniúchtaí roimhe seo;
- comhthionscadal amháin leis an Aonad um Chaighdeán Ghairmiúla an Gharda Síochána;
- tuarascáil amháin le Coimisinéir an Gharda Síochána maidir le rialú airgeadais;
- dhá iniúchadh théamacha.

### Gnóthaí Inmheánacha

I rith na bliana, chuir an GSOC an Garda Síochána ar an eolas ar 1,091 gearán incheadaithe a rinne baill den phobal i gcoinne Gardaí i rith na tréimhse ón 1 Eanáir 2016 go dtí an 31 Nollaig 2016. Astu seo, sheol an GSOC 636 díobh ar aghaidh chuig Coimisinéir an Gharda Síochána lena n-imscrúdú, i gcomhréir le hAlt 94, Acht an Gharda Síochána, 2005, arna leasú.

Chuir an Garda Síochána 51 teagmhas faoi bhráid Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána i gcomhréir le hAlt 102 den Acht.


Is féidir súil a chaitheamh ar an líon gearán a ceadaíodh i gcomhthéacs foriomlán idirghníomhuithe an Gharda Síochána le baill den phobal. In 2016, d'idirghníomhaigh an Garda Síochána le 54,251 páirtí díobhálaíthe, 142,726 finné agus 207,715 duine a raibh amhras faoi/fúithi, agus is ionann sin agus 404,692 idirghníomhú doicimeádaíthe, ar an iomlán, le baill den phobal. Ní féidir an líon idirghníomhuithe nár cuireadh i dtairfead a rinne comhaltaí an Gharda Síochána le baill den phobal i gcaitheamh 2016 a ríomh.

Chun cabhrú le feabhas a chur ar sheirbhís do chustaiméirí, thug an Rannóg Gearán cur i láthair do chúrsaí um oiliúint ar ardú céime do chéimeanna éagsúla ag Coláiste Oiliúna an Gharda Síochána. Ina theannta sin, tugadh cur i láthair le haghaidh cúrsaí oiliúna do Chomhaltaí ar Promhadh Chéim II.

D'fhreastail an Rannóg Gearán, chomh maith, ar roinnt cruinnithe leis an mBainistíocht Roinne d'fhonn léargas ginearálta a sholáthar ar na próisis ghearán agus dul i ngleic le haon saincheisteanna a thagann chun solais ar leibhéal roinne.

### Saoráil Faisnéise (SF)

#### Cinntí 2016



Tháinig an Garda Síochána faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014 (an tAcht) i nDeireadh Fómhair 2015. Tá baill den phobal i dteideal rochtain a fháil ar thaifid riaracháin a bhaineann le hAcmhainní Daonna, Airgeadas agus Soláthar, faoi réir eisiámh agus teorainneacha a chuimsítear san Acht.

In 2016, fuair an Oifig um Shaoráil Faisnéise 458 iarraidh, a chorpraighe 995 ceist, ar an iomlán. Rinne iriseoirí tromlach na n-iarrataí seo (207), agus rinne baill den phobal go leor de na hiarrataí, chomh maith (138). Rinne grúpaí gnó, aturnaetha agus acadóirí na hiarrataí eile.

Taispeántar dáileadh na n-iarrataí seo ar limistéir Acmhainní Daonna, Airgeadais (Ginearálta agus Soláthar) agus chairt thíos. Bainistíonn an Rannóg SF iarrataí ar chúnamh, chomh maith, nach dtagann faoi chuimsiú na limistéar seo nó sa chás go bhfuil an fhaisnéis ar fáil cheana féin ó fhoinsí eile (e.g. Láithreán Gréasáin agus Foilseacháin an Gharda Síochána). In 2016, fuarthas agus déileáladh le 284 iarraidh ar chúnamh.

Aithníodh gach iarraidh a fuair an Oifig SF go dtí seo laistigh den teorainn 10 lá oibre a shonraítear. Tá freagairt le tabhairt ar 14 iarraidh ón mbliain 2016 in 2017.

D'eisigh an Oifig SF 448 cinneadh (fuarthas 444 iarraidh in 2016 agus tugadh 4 cinn anonn ó 2015) in 2016 agus eisíodh 97% de na cinntí seo laistigh den tréimhse riachtanach.

Déantar cinntí chun faisnéis a scaoileadh nó a shiarchoinneáil bunaithe ar na díolúintí dá bhforáiltear san Acht. Déantar na cinntí thuas a rangú mar seo a leanas:

- Deonaithe – deonaíodh an iarraidh go hiomlán;

- Deonaithe go Páirteach – soláthraíodh gnéithe na hiarrata a tháinig faoi scóip an Achta um SF sa mhéid gur bhain siad leis an nGarda Síochána;
- Diúltaithe – diúltaíodh an iarraidh iomlán. Ba cheart a thabhairt faoi deara go n-áirítear leis na figiúirí seo 218 iarraidh a rinneadh a lorg taifid lasmuigh d’Acmhainní Daonna, Airgeadas nó Soláthar;
- Aistarraingthe – aistarraingíodh an iarraidh i ndiaidh go ndearnadh comhaontú leis an té a d’iarraidh;
- Aistarraingthe agus láimhseáilte lasmuigh de SF – d’aistarraing an té a d’iarraidh an iarraidh mar gheall go raibh an fhaisnéis ar fáil ó fhoinsí eile.

Foilsíonn an Oifig um Shaoráil Faisnéise cinntí a rinneadh ar iarrataí ar fhaisnéis neamhphearsanta ina n-iomláine ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána. Áirítear leis an láithreán gréasáin, chomh maith, scéim foilsithe ina gcuirtear faisnéis a lorgáitear go minic ar fáil don phobal. Is féidir na leathanaigh seo a rochtain ón bpríomhleathanach SF.

## An Biúró Teicniúil

Soláthraíonn Biúró Náisiúnta Teicniúil an Gharda Síochána tacaíocht agus cúnamh oibríochtaí le himscrúduithe de chineál tromchúiseach agus casta.

Tá creidiúnú ISO 9001:2008 (Caighdeán Bainistíochta) agus ISO 17025 (Caighdeán Saotharlainne) bainte amach aige dá Chórais Bhainistíochta Cáilíochta.

Ceanglaítear i reachtaíocht an AE go ndéantar gach saotharlann fhóiréinseach a chreidiúnú do chaighdeán idirnáisiúnta ISO 17025.

## An Rannóg Balaistíochta

In 2016, ghlac gach comhalta den Rannóg Balaistíochta páirt i dtástáil inniúlachta um Shainnithint Airm Thine (FAID) Lónra Institiúidí Eolaíochta Fóiréinsí na hEorpa (ENFSI). Bhain an Rannóg Balaistíochta scór amach a bhí i measc iad siúd ab airde as 60 saotharlann ar fud na hEorpa.

Foilsíodh páipéar eolaíochta leis an mBleachtair Gardha Mark Collender san irisleabhar píarathbhreithnithe, *Science & Justice*. Bhí an páipéar, “*An investigation into the factors that influence tool mark identifications on ammunition discharged from semi-automatic pistols recovered from car fires*”, comhscríofa ag an Dr Ken Stanton agus an Dr Kevin Doherty ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Tá comhaltaí na Rannóige Balaistíochta tiomanta do

Saghsanna Gunnaí a urghabhadh	2016
Piostail	35
Gunnáin	24
Meaisínghunna éadroim	0
Meaisínghunna beag	6
Raidhfíil ionsaithe	6
Piostal lámhaigh caoch	7
Piostal aithrise	7
Gunnán aithrise	6
Raidhfíil	23
Gránghunna	58
Aer-raidhfíil	55
Aerphiostal	137
Muscaeid	2
Stiúdgunna	69
Crosbhoghanna	6
Deorghás	4
Ciúnadóirí	11
<b>Iomlán</b>	<b>456</b>

shármhaitheas a bhaint amach ina réimse eolaíochta agus in 2016, d’fhreastail comhaltaí ar chúrsaí éagsúla, ina measc an méid a leanas:

- Critéir atá Inchosanta i dtaobh cúrsaí Eolaíochta i leith Marcanna Uirlise Stríocacha, a chuir na Póilíní Cathrach i Londain ar siúl i gcomhar le Lónra Institiúidí Eolaíochta Fóiréinsí na hEorpa (an ENFSI);
- Cúrsa Atógála Láthair Lámhaigh a chuir Cumann Cairte na nEolaíochtaí Fóiréinseacha in Lincoln, an Ríocht Aontaithe, ar siúl;
- Gáinneáil ar Airm Thine ó na Balcáin Thiar in Aireacht Acadamh Inmheánach Póilíní na Cróite i Ságrab;
- Grúpa Oibre an Lárionaid Idirnáisiúnta um Shonraí faoi Bhuamaí (IBDCWG) in Tel Aviv, Iosrael;
- Seimineár Pléascán an AE/na Stát Aontaithe sa Bhruiséil.

## An Rannóg Grianghrafadóireachta

Chuir an Rannóg Grianghrafadóireachta, i gcomhar le Coláiste an Gharda Síochána, tús le cúrsa Grianghrafadóireachta Fóiréinsí a mhair trí seachtaine a bhí bunaithe sa Teampall Mór. Is é aidhm an chúrsa chun feabhas a chur ar an leibhéal foriomlán inniúlachta i limistéar teicniúil a úsáideann an Garda Síochána, go háirithe sa ré dhigiteach reatha.

## Léarscáiliú

Cruthaíonn an Scrúthaitheoir Léarscáilithe léarscáileanna digiteacha a n-amharctar orthu trí fheidhmchláir



ghr easánbhunaithe, i.e. aipeanna.

Is féidir amharc ar na léarscáileanna seo ar ghuthán nó táibléad, atá idéalach le haghaidh paráide agus úsáidtear iad le haghaidh ceolchoirmeacha, imeachtaí spóirt nó imeachtaí móra.

Bíonn faisnéis ceangailte leis na léarscáileanna digiteacha seo, ar nós páirceála, leithreas, bealaí isteach/amach etc.

### Méarloirg

I rith 2016, thug an Rannóg Méarloirg 9,565 comhad cáis chun críche agus rinne sí 1,962 sainaitheint láithreacha coire. Seo méadú de 98 sainaitheint i gcomparáid le 2015, agus is ionann agus ráta aimsithe beagán os cionn 20.5% é seo.

Rinneadh córas beo de chóras EURODAC don Gharda Síochána i Samhain 2016. Is é bunachar sonraí méarloirg an Aontais Eorpaigh é EURODAC chun iarrthóirí tearmainn agus daoine a thrasnaíonn teorainneacha ar bhealach neamhrialta a shainaithint. Sainaithníonn córas EURODAC má lorg iarratasóirí tearmann i Stát eile an AE roimhe seo.

Go dtí seo, phróiseáil an Rannóg Méarloirg 608 sraith de Loirg 10 Méar a glacadh de láimh maidir leis an gclár seo. Tá súil leis go dtiocfaidh méadú substainteach ar an líon seo amach anseo.

Phróiseáil an Rannóg Méarloirg 30,405 sraith de Lorg 10 Méar a ghlac Eurodac, Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána

um Inimirce, agus Ríomh-Víosa go leictreonach.

### An Oifig Náisiúnta um Chomhordú Fóiréinseach

Ba léir go raibh an rath geal ar shamplaí DNA a ghlacadh ó dhaoine a bhfuil amhras fúthu agus ó chiontóirí ciontaithe agus ar an mBunachar Sonraí Náisiúnta DNA a líonadh isteach. Ó bunaíodh an Bunachar Sonraí, gineadh 14,191 Uimhir Thagartha Shamplach (UTSanna) tríd an gCóras Iarratais Tairisí ar Rianú DNA. Gintear na huimhreacha uathúla tagartha seo do gach sampla DNA d'fhonn a saolré a rianú agus a chinntiú go gcomhlíontar gach riachtanas ábhartha millte nó coinneála.

Bhí an rath láithreach ar an mbunachar sonraí chun daoine a bhfuil amhras fúthu agus ruaimeanna láithreacha coire a shainaithint. Thug FSI le fios gur baineadh 428 aimsiú/meaitseáil amach, ar an iomlán, go dtí seo, agus chabhraigh go leor díobh le 625 cás. Chabhraigh an bunachar sonraí, chomh maith, chun daoine a shainaithint atá ar iarraidh agus chun daoine marbha nó atá an-bhreoite nach fios cé hiad a shainaithint.

### An Rannóg Cáipéisí agus Lámhscríbhneoireachta

Phróiseáil an Rannóg Lámhscríbhneoireachta agus Cáipéisí thart ar 750 cás in 2016. Tiomnaíodh acmhainní suntasacha don fhoireann oiliúna ón Roinn Coimirce Sóisialaí, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, an Roinn Gnóthaí Eachtracha, agus an Roinn Díl agus Cirt agus Comhionannais. Anuas air sin, soláthraíodh Oiliúint Shaineolach do na Póilíní Airm.



# Staitisticí 2016


Tiocfaidh tú anseo ar staitisticí éagsúla a sholáthraíonn faisnéis maidir leis an obair faoinar thug an Garda Síochána timpeall na tíre in 2016.

## Coireacht

Soláthraítear tuiscint níos fearr ar fhíorfheidhmíocht ná mar a dhéantar sa chur chuige traidisiúnta aon bhliain amháin a bhíodh i bhfeidhm roimhe seo trí shonraí a thaispeáint trí thréimhsí níos faide ama a threochtáil.

### Buirgléireacht a tuairiscíodh


B'ionann an meánlíon buirgléireachta a rinneadh sa tréimhse 2013-2015 agus 2172 teagmhas sa mhí. In 2016, tháinig laghdú anuas go dtí meánlíon 1496 teagmhas sa mhí air seo. Comhthiteann an laghdú dearfach seo amach i dteannta Oibríocht rathúil Thor. Coimeádadh an feabhsú a baineadh amach i gcaitheamh na bliana.



### Robáil a tuairiscíodh


B'ionann an meánlíon robála a rinneadh sa tréimhse 2013-2015 agus 223 teagmhas sa mhí. In 2016, tháinig laghdú anuas go dtí meánlíon 175 teagmhas sa mhí air seo.

Comhthiteann an laghdú amach i dteannta Oibríocht rathúil Thor Coimeádadh an feabhsú a baineadh amach i gcaitheamh na bliana.




### Buirgléireacht a braitheadh

B'ionann an meánlíon braite sa tréimhse 2013-2015 agus 359 brath. In 2016, tháinig laghdú anuas go dtí 257 brath air seo. Freagraíonn an laghdú don laghdú a tháinig ar theagmhais bhuirgléireachta a tugadh le fios in 2016.




### Robáil a braitheadh

B'ionann an meánlíon robála sa tréimhse 2013-2015 agus 359 brath. In 2016, tháinig laghdú anuas go dtí meánlíon 257 brath air seo. Freagraíonn an laghdú don laghdú a tháinig ar theagmhais bhuirgléireachta a tugadh le fios in 2016.




### Ionsaí a tuairiscíodh

B'ionann an meánlíon ionsaithe a rinneadh sa tréimhse 2013-2015 agus 1270 teagmhas sa mhí. In 2016, tháinig méadú beag air seo aníos go dtí meánlíon 1334 teagmhas sa mhí. Cé gurb ann do threocht bheag fhadtéarmach atá ag dul i méid de réir a chéile sa chatagóir seo, is beag a d'athraigh torthaí 2016 ó thorthaí 2015.




### Coireacht ghnéasach a tuairiscíodh

B'ionann an meánlíon teagmhas a tharla sa tréimhse 2013-2015 agus 178 teagmhas sa mhí. In 2016, tháinig méadú air seo aníos go dtí meánlíon 212 teagmhas sa mhí. Meastar go minic go ndéantar tearcthuairisciú ar na saghsanna íogair de choireanna agus, mar gheall air sin, treocht dhearfach a bheadh i méadú.



### Ionsaithe a braitheadh

B'ionann an meánlíon braite sa tréimhse 2013-2015 agus 714 brath. In 2016, tháinig laghdú beag air seo anuas go dtí meánlíon 678 brath. Go bunúsach, níor thit aon fhíor-athrú amach idir 2016 agus na bearta a bhí i bhfeidhm roimhe seo in ionsaithe a tuairiscíodh nó a braitheadh.




### Coireanna gnéasacha a braitheadh

B'ionann an meánlín robála sa tréimhse 2013-2015 agus 90 brath. In 2016, tháinig laghdú air seo anuas go dtí meánlín 78 brath.




### Rabhaidh Iompair



### Coireacht drugaí a braitheadh

B'ionann an meánlín robála sa tréimhse 2013-2015 agus 312 brath. In 2016, tháinig méadú air seo aníos go dtí meánlín 331 brath.



## Urghabháil Drugaí

Soláthraíonn Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann cainníochtaí de dhruaí a tháblaítear sa tábla thíos ar bhonn taifead a choimeádann an tsaotharlann a bhaineann le cainníochtaí drugaí a anailísíodh ag an tsaotharlann. \* Ríomhtar plandaí cannabais bunaithe ar fhiigiúirí a chuirtear i dtaifead ar PULSE mar gheall nach gnách go gcuirtear na plandaí go léir a urghabhtar ar aghaidh chuig Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann \*\* Áirítear le feineitiolaimíní eacstais (MDMA) agus drugaí gaolmhara eile

Níl anailís déanta go fóill ag Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann ar roinnt Cásanna Drugaí a bhaineann le 2016. Tá gach figiúr sealadach, oibríochtúil agus faoi réir athrú amhail an 21/04/2017

Catagóir	Gram/Mlanna/ Planda	Táib./Cear/ Caps.	Luach
Stéaróidigh Anabalacha	63	371	€223
Beinsidhé-asaipín	1,364	74,122	€135,686
Luibh Channabais	479,695	-	€9,593,907
Plandaí Cannabais*	7,273	-	€5,818,247
Roisín Cannabais	59,089	-	€354,533
Drugaí Cáitíonón	3,619	-	€180,940
Cócaon	91,016	-	€6,371,150
Démhoirfín	38,386	-	€5,374,033
Siabhraigin	3,990	1,128	€238,335
Oibreáin Mheasctha	83,218	340	€41,609
Ópóideacha Eile	3,087	192	€617
Eile	117	3,521	€347
Drugaí Feineitiolaimín**	24,051	30,257	€1,556,257
Píporaisín	97	30	€4,993
Táibléad Suain	-	16,070	€32,140
Tuaslagóirí	2,961	-	€2,961
Cannaibionóidigh	15	-	€303
			<b>€29,706,281</b>


\*Ríomhtar plandaí cannabais bunaithe ar fhiigiúirí a chuirtear i dtaifead ar PULSE mar gheall nach gnách go gcuirtear na plandaí go léir a urghabhtar ar aghaidh chuig Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann

\*\* Áirítear le drugaí feineitiolaimín eacstais (MDMA) agus drugaí eile comhchosúla gaolmhara

## Trácht


### Básanna ar bhóithre

B'ionann an meánlíon daoine a maraíodh ar na bóithre sa tréimhse 2013-2015 agus 15 dhuine sa mhí. In 2016, tháinig méadú beag air seo aníos go dtí meánlíon 16 dhuine a maraíodh ar na bóithre sa mhí. Tá seo ar aon dul leis an méadú a tháinig ar imbhuailtí inar gortaíodh daoine go dona nó inar maraíodh daoine.




### Imbhualtí tráchta: marfach

B'ionann an meánlíon teagmhas a tharla sa tréimhse 2013-2015 agus 14 imbhuiladh sa mhí. In 2016, tháinig méadú beag air seo aníos go dtí meánlíon 15 imbhuiladh sa mhí.



### Imbhualtí tráchta: gortuithe tromchúiseacha


B'ionann an meánlíon teagmhas a tharla sa tréimhse 2013-2015 agus 31 imbhuiladh sa mhí inar gortaíodh daoine go dona. In 2016, tháinig méadú air seo aníos go dtí meánlíon 46 imbhuiladh inar gortaíodh daoine go dona.



## Teagmhas nár sannadh imscrúdaitheoir nó maoirseoir dó


Cuireadh an fheidhmiúlacht le PULSE go déanach in 2015 chun monatóireacht a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil imscrúdaitheoir agus maoirseoir sannta do theagmhas. Ní dhéantar sa chairt thíos, ar an ábhar sin, ach rianú ar fheidhmíocht 2016.

Ba cheart a thabhairt faoi deara nár chomhlíon ach 0.20% de na teagmhais ag aon am amháin aon chinn de na critéir. Ciallaíonn seo go raibh 99.8% de na teagmhais, ar an meán, ag aon tráth amháin comhlíontach.



## Alt 12 den Acht um Chúram Leanaí, 1991 (sonraí oibríochtúla)

B'ionann an meánlíon teagmhas sa tréimhse 2013-2015 agus 57 teagmhas. In 2016, tháinig laghdú anuas go dtí meánlíon 54 teagmhas air seo. Faoi mar is féidir a fheiceáil sa chairt, ba bheag athrú a tháinig ar na tomhais den chuid ba mhó thart ar an tráth céanna le ceithre bliana anuas.



## Alt 25 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 Treoracha Aire

In 2016, d'eisigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais dhá (2) Threoir Aire faoi alt 25(1) d'Acht an Gharda Síochána, 2005, dar dáta an 21 Iúil 2016, chun údarás dlíthiúil a sholáthar don Gharda Síochána chun comhoibriú le (1) an tIonchoisne i dTuaisceart Éireann ar bhás Arlene Arkinson, agus (2) an tIonchoisne ar Mhíchumas Stairiúil Institiúide i dTuaisceart Éireann.

## Básanna faoi Choimeád an Gharda Síochána

Ní bhfuair duine ar bith bás fad a bhí siad faoi choimeád sa bhliain 2016.



## Grinnfhiosrúchán

In 2016, rinne an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (an NVB) den Gharda Síochána bainistiú ar aistriú rathúil seirbhísí grinnfhiosrúcháin ó shamhail pháipéarbhunaithe go dtí samhail ar líne ar aon dul le beartas rialtais chun dul i ngleic le ríomhrialachas agus le cumarsáid ar líne. In 2015, phróiseáil Lárionad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána 318,000 iarratas ar ghrinnfhiosrúchán ar pháipéar agus ghlac sé, ar an meán, 4 seachtaine chun iad a phróiseáil ó thús go deireadh na bliana.

Cuireadh tús leis na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016 an 29 Aibreán, a d'aistrigh grinnfhiosrúchán ó phróiseas beartasbhunaithe go dtí próiseas reachtúil. Tugadh roinnt athruithe isteach san Acht ar an bpróiseas beartasbhunaithe, ní dá laghad nach gceadóidh eagraíocht aon duine chun tabhairt faoi obair nó gníomhaíochtaí ábhartha thar ceann na heagraíochta mura bhfaigheann an eagraíocht nochtadh grinnfhiosrúcháin ón mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin maidir leis an duine sin. Ghníomhaigh an ceanglas reachtúil seo, anuas ar an mbeartas rialtais a luaitear, mar nithe a bhrúigh forbairt agus tabhairt isteach an Ríomh-Ghrinnfhiosrúcháin chun cinn.


Forbraíodh agus soláthraíodh an córas Ríomh-Ghrinnfhiosrúcháin trí chomhpháirtíocht dhlúth idir an NVB agus Forbairt TF le cúnamh ó ionadaí de ghrúpa fócais a roghnaíodh ó gach eagraíocht ar fud an limistéir eagraíochtaí a cláraíodh do ghrinnfhiosrúchán. Tugadh an t-ardán Ríomh-Ghrinnfhiosrúcháin isteach ar thosach feidhme na nAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016 an 29 Aibreán 2016 agus tugadh isteach é i measc

eagraíochtaí ar bhonn céimnitheach i gcaitheamh 2016. Ag tosach an tionscadail, bhí dhá chuspóir luaite ag an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin maidir le tabhairt isteach Ríomh-Ghrinnfhiosrúcháin:

- Fuarthas 80% de na hiarratais ar ghrinnfhiosrúchán tríd an ríomhardán faoi Mheán Fómhair 2016;
- Bhí 80% de na hEagraíochtaí cláraithe go léir a thugann faoi ghrinnfhiosrúchán ag tabhairt faoi Ríomh-Ghrinnfhiosrúchán faoi dheireadh 2016.


Sular tugadh Ríomh-Ghrinnfhiosrúchán isteach, próiseáladh 100% de na hiarratais ar ghrinnfhiosrúchán tríd an tsamhail pháipéarbhunaithe. An 29 Aibreán, tugadh Ríomh-Ghrinnfhiosrúchán isteach agus tháinig méadú incriminteach i gcaitheamh na bliana ar an aistriú ó iarratais pháipéarbhunaithe go dtí iarratais ar Ríomh-Ghrinnfhiosrúchán. Faoi Mheán Fómhair 2016, fuarthas 83% de na hiarratais uile a fuarthas trí Ríomh-Ghrinnfhiosrúchán, agus bhain sin an cuspóir luaite 80% amach faoi Mheán Fómhair.

**Aistriú ó Pháipéar go Leictreonach 2016**



Ba é an dara cuspóir den Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin chun 80% de na heagraíochtaí cláraithe uile a bheith aistrithe chuig Ríomh-Ghrinnfhiosrúchán faoi dheireadh 2016. Baineadh an cuspóir seo amach, chomh maith.

## Aistriú ó Pháipéar go Leictreonach 2016



Faoi mar a luaitear thuas, ar cheann de na príomhchúiseanna a bhí leis an tionscadal seo ná chun an t-am próiseála a ghlacann grinnfhiosrúchán a laghdú lena chinntiú nach ndéanadh na hamanna próiseála grinnfhiosrúcháin an oibleagáid reachtúil nua níos measa chun nochtadh grinnfhiosrúcháin a bheith faighte ag duine sula gceadaítear dó nó di chun tabhairt faoin obair nó na gníomhaíochtaí ábhartha thar ceann eagraíochta.

Faoi mar is féidir a fheiceáil, idir 20 agus 30 lá oibre a bhí na hagaí slánúcháin le haghaidh iarratais pháipéarbhunaithe i gcaitheamh 2016, a bhí go mór ar aon dul le feidhmíocht ghrinnfhiosrúcháin i mblianta roimhe seo. Tháinig laghdú ar na meánamanna próiseála le haghaidh ríomhiarratas ar thabhairt isteach Ríomh-Ghrinnfhiosrúcháin anuas go dtí idir 4 agus 5 lá oibre, agus tháinig méadú aníos go dtí 389,548 ar an líon foriomlán iarratas ar ghrinnfhiosrúchán in 2016.

Tairbhe eile a bhaineann le Ríomh-Ghrinnfhiosrúchán is ea inrochtaineacht an chórais ní hamháin in Éirinn, ach ó áiteanna timpeall an domhain, cé acu más saoránach Éireannach é a bhfuil grinnfhiosrúchán á lorg aige/aici ó áit thar lear, d'fhonn fillleadh ar Éirinn chun oibriú, nó más neamhnáisiúnaigh atá ann a bheartaíonn bogadh go hÉirinn chun oibriú. Is féidir rochtain a fháil ó áit ar bith timpeall an domhain ar an láithreán gréasáin Ríomh-Ghrinnfhiosrúcháin. Léirítear sa léaráid thíos na 161 tír timpeall an domhain óna bhfuair daoine aonair rochtain ar

an gcóras Ríomh-Ghrinnfhiosrúcháin in 2016.

Chuir an córas Ríomh-Ghrinnfhiosrúcháin ar chumas eagraíochtaí cláraithe chun nochtadh grinnfhiosrúcháin a sheoladh, a sheiceáil agus a aisghabháil go leictreonach agus go slán. Chomh maith leis sin, chumasaigh sé daoine aonair atá ag tabhairt faoi ghrinnfhiosrúchán chun n-iarraidh phearsanta ar ghrinnfhiosrúchán a thabhairt chun críche agus a sheoladh agus chun stádas na hiarrata a rianú. Shimpligh an córas Ríomh-Ghrinnfhiosrúcháin an próiseas d'eagraíochtaí cláraithe agus an pobal araon, agus rinne sé an próiseas a chuíchóiriú agus mhéadaigh sé éifeachtúlacht sa phróiseas grinnfhiosrúcháin.

### % d'Eagraíochtaí a d'Aistrigh go Ríomh-Ghrinnfhiosrúchán

